# Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní 2026-2035



eirgrid.ie soni.ltd.uk

## Forléargas ar an doiciméad

Tá dhá chuid ag gabháil leis an doiciméad seo:

### Cuid A

Is achoimre i dteanga simplí é seo ar an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní le béim ar Éirinn.

Tá achoimre eile i dteanga shimplí fáil do Thuaisceart Éireann.

### Cuid B

Is í seo príomhthuarascáil an Mheasúnaithe Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní, lena gcomhlíontear ceanglais reachtúla EirGrid agus ceanglais cheadúnais SONI mar aon le ceanglais rialála Eorpacha ábhartha. Tá an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní seo ceadaithe ag an Rialtóir Fóntais i dTuaisceart Éireann, i gcomhréir le ceanglais cheadúnais SONI.



# Clár na nÁbhar


Cuid A
Achoimre i dteanga shimplí ar an measúnú i gcás na hÉireann 5


Réamhrá 7
Cé muid féin 7
Maidir leis an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní 7
Cén fáth go bhfuil an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní ag teastáil uainn? 8
Aiseolas ó pháirtithe leasmhara 8
An Measúnú 9
An dúshlán a shonrú 10
Réamhaisnéis Éilimh d'Éirinn 11
Réamhaisnéis Giniúna d'Éirinn 15
Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche (EVA) 17
Réamhaisnéis Leordhóthanachta d'Éirinn 18
Ag dul i ngleic leis na dúshláin 20
Measúnú Uile-Oileáin 21
Conclúid 21

Cuid B
Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní 23

Séanadh 25
Brollach 26
1. Struchtúr an Doiciméid 29
2. Achoimre Feidhmiúcháin 30
3. Réamhrá 40
4. Éileamh 46
5. Giniúint 84
6. Leordhóthanacht 116
Aguisín 1: Measúnú inmharthanachta eacnamaíche 146
Aguisín 2: Cásanna Éilimh 154
Aguisín 3: Faisnéis Ghinearálta faoin Stáisiún 158
Aguisín 4: Luach ar Lód Caillte 164
Aguisín 5: Gluais na dTéarmaí 168



# Cuid A
# Achoimre i dteanga shimplí ar an measúnú i gcás na hÉireann


Soláthar
Éileamh

# Réamhrá

## Cé muid féin

Déanann EirGrid, mar Oibritheoir Córais Tarchurtha (OCT), an eangach tharchurtha in Éirinn a fhorbairt, a bhainistiú agus a oibriú. Iompraíonn an eangach cumhacht ón áit a ngintear í go dtí an áit a dteastaíonn sí. Tá EirGrid ar thús cadhnaíochta freisin maidir le haistriú slán na heangaí leictreachais chuig todhchaí ísealcharbóin inbhuanaithe, chun spriocanna an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach.

Déanaimid an soláthar agus éileamh a chothromú gach nóiméad den lá, agus déanaimid pleanáil freisin do riachtanais leictreachais fhadtéarmacha na hÉireann.

## Maidir leis an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní

Déantar iniúchadh sa Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní ar an gcothromaíocht idir éileamh agus soláthar leictreachais ar oileán na hÉireann do na 10 mbliana amach romhainn.

Is éabhlóid é seo ar an Ráiteas maidir le Toilleadh Giniúna (GCS), arna thacú ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU), agus cuireann sé modheolaíocht nuashonraithe i bhfeidhm, atá riachtanach chun:

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an gcóras cumhachta atá ag teacht chun cinn ina bhfuil an meascán teicneolaíochtaí ar an gcóras ag éirí níos éagsúla le leibhéil mhéadaitheacha giniúna in-athnuaite, stórála fuinnimh, solúbthachta an éilimh agus idirnasctha. Áirithítear leis an modheolaíocht nua go léirítear lenár n-anailís go cuí an méid a chuireann gach teicneolaíocht le hoibriú iontaofa an chórais cumhachta.
- A bheith ag teacht le creat samhaltaithe na hEorpa agus le ceanglais rialála faoin bpacáiste “Fuinneamh Glan do gach Eorpach”[1]. Cinntítear leis sin go mbíonn ár n-anailís níos comhsheasmhaí le tíortha eile san Eoraip.

Déanann an modheolaíocht nuashonraithe (a cuireadh i bhfeidhm den chéad uair i dtuarascáil 2025-2034) measúnú níos fearr ar na buntáistí a fhaighimid ó athnuachan fuinnimh i réimse dálaí aeráide. Agus de réir mar a leanann an eangach tarchuir ag forbairt, léiríonn an modheolaíocht nua níos fearr freisin an chaoi a ndéanaimid samhaltú ar an tacaíocht a gheobhaimid ó idirnascairí chomh maith le réitigh stórála fuinnimh.

**Is achoimre ar an measúnú d’Éirinn i dteanga shimplí é seo. Le haghaidh anailís agus léargas níos mionsonraithe, féach an phríomh-thuarascáil.**

1 https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-strategy/clean-energy-all-europeans-package_en



## Cén fáth go bhfuil an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní ag teastáil uainn?

Ó 2016 i leith, tá rabhadh tugtha ag EirGrid faoi ghanntanas méadaitheach idir soláthar agus éileamh. Má éiríonn an corrlach idir soláthar agus éileamh daingean, beidh foláirimh chórais againn. Is é foláireamh córais an leibhéal is ísle foláireamh, gan aon tionchar láithreach ar úsáideoirí leictreachais, ach ciallaíonn sé go mbeidh orainn oibriú go réamhghníomhach chun an riosca go mbeidh tionchair níos tromchúisí ann a mhaolú. Is cuid thábhachtach dár gcuid oibre é leanúint de riachtanais leictreachais an oileáin a mhapáil d'fhonn todhchaí ár slándála fuinnimh a phleanáil.

Tugann an tuarascáil seo deis don tionscal, don rialtas, do rialtóirí agus do pháirtithe leasmhara eile an t-aistriú go fuinneamh in-athnuaite a éascú, ag tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch sa todhchaí, agus ag an am céanna oibriú slán agus athléimneach an chórais leictreachais a chinntiú.

Tá Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche (EVA) san áireamh i dtuarascáil na bliana seo freisin. Tá sé seo mar chuid de chonair chéimnithe i dtreo ionchorprú iomlán i measúnú leordhóthanachta na bliana seo chugainn agus tugann sé deis dúinn cloí le Rialachán AE 2019/943 Airteagal 24.

## Aiseolas ó pháirtithe leasmhara

Mar chuid de Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní na bliana seo, chuaigh EirGrid agus SONI i mbun comhairliúchán ar mhodheolaíocht, ionchuir agus barúlacha chomh maith leis an Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche (EVA) nua. Bhí an méid seo a leanas san áireamh leis sin freisin: seimineár gréasáin poiblí, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara an tionscail agus ceardlanna le OCTanna eile san Eoraip.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara uile ar fud thionscal an fhuinnimh a bhí páirteach ó thús deireadh na bpróiseas comhairliúcháin.

## An Measúnú

Chun an chothromaíocht soláthair agus éilimh amach anseo a thuar, breithníonn EirGrid roinnt fachtóirí lena n-áirítear:

### Éileamh; A bhfuil de dhíth ar Éirinn

Tagraíonn éileamh don leictreachas atá ag teastáil chun tomhaltóirí a sholáthar agus cuireann sé feithiclí leictreacha agus caidéil teasa, buaic an gheimhridh, treochtaí stairiúla an éilimh, réamhaisnéisí eacnamaíocha, spriocanna Rialtais, ionaid sonraí agus réamhaisnéisí lóid teicneolaíochta nua san áireamh.

### Giniúint: Cad is féidir a sholáthar don éileamh?

Tagraíonn giniúint don leictreachas atá ar fáil a fhéadfaidh teacht ó fhoinsí éagsúla lena n-áirítear gineadóirí traidisiúnta, foinsí fuinnimh in-athnuaite, idirnascairí, stóráil fuinnimh ar an gcóras agus teicneolaíochtaí nua atá ag teacht trí thoilleadh-cheantanna agus fuinnimh in-athnuaite. Agus measúnú á dhéanamh againn air sin, breithnímid freisin tionchar briseadh éigeantach (neamhphleanáilte) agus sceidealaithe (cothabháil phleanáilte) gineadóirí agus idirnascairí, chomh maith le hinathraitheacht na giniúna in-athnuaite agus infhaighteacht allmhairí ó réigiúin chomharsanacha.

### Leordhóthanacht: An bhfuil giniúint leordhóthanach ann chun an t-éileamh a sholáthar?

Tar éis dúinn anailís a dhéanamh ar an éileamh agus an giniúint is dócha, ní mór dúinn an chothromaíocht idir an dá rud a thuiscint, ar a dtugtar an 'leordhóthanacht'.

Déantar leordhóthanacht a mheas in aghaidh caighdeán darbh ainm 'an Caighdeán Iontaofachta'. Is caighdeán é sin arna shocrú ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC), ag obair i dteannta lenár rialálaí, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Déantar an Caighdeán Iontaofachta a shloinneadh trí úsáid a bhaint as Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE), arb ionann é sin agus an líon uaireanta an chloig in aghaidh na bliana nach bhfuil coinne leis go sásóidh táirgeadh leictreachais tíre a n-éileamh. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gá go gciallaíonn an tomhas LOLE sin go rachaidh custaiméirí gan soláthar go ceann tréimhse ar bith. Is ionann an caighdeán iontaofachta d'Éirinn agus LOLE 3 uair a chloig.

Is é an t-aschur ón measúnú seo réamhaisnéis ar LOLE agus léiriú ar cibé an bhfuil toilleadh breise ag teastáil ón gcóras chun oibriú go slán. Ansin déanann EirGrid measúnú ar an méid toillte (i meigeavata) atá riachtanach chun an Caighdeán Iontaofachta a chomhlíonadh (más rud é go bhfuil an córas lasmuigh den chaighdeán).

Ag leanúint ar aghaidh le cur chuige na bliana seo caite, lean EirGrid de bheith ag measúnú an leordhóthanachta ó thaobh an bhoinn agus na slándála de araon.

**Leis an mbunmheasúnú**, sainaithnítear an t-íosmhéid toillte giniúna is dócha a bheidh ag teastáil chun freastal ar an éileamh, laistigh den chás éilimh airmheánach, thar an chéad deich mbliana eile.

**Leis an slánmheasúnú**, sainaithnítear an toilleadh giniúna is dócha a bheidh ag teastáil chun freastal ar dhálaí níos dúshlánaí (ná an measúnú bonn) agus fanacht laistigh den chás éilimh airmheánach, thar na deich mbliana atá romhainn.

Measann EirGrid gurb é an slánmheasúnú an ceann is stuama, agus ba cheart é a mheas mar an cás lárnach i gcás measúnuithe ar leordhóthanacht, ina dtugtar faoi deara go ndéantar ceanglais shonracha ceant a chinneadh trí phróiseas an toilleadh-cheant.

Chun an fhaisnéis is ábhartha a fháil, bíonn EirGrid i dteagmháil go forleathan le rannpháirtithe sa tionscal, agus úsáidimid an fhaisnéis is déanaí tráth a gcuirtear faoi bhráid rialtóirí í.

Déanaimid na sonraí a bhfuil na ríomhanna á dtomhas orthu a 'reo' lena chinntiú go bhfuil measúnú cruinn á sholáthar againn. B'ionann an dáta reoite do thuarascáil na bliana seo agus an 30 Meitheamh 2025.

## An dúshlán a shonrú

Sainaithníodh an méid seo a leanas i dtuarascáil na bliana seo:

- Sa ghearrthéarma, tá dúshláin mhéadaithe ann i mblianta tosaigh an mheasúnaithe ó 2026 go 2028 don mheasúnú slán agus don mheasúnú bonn araon mar gheall ar ghléasraí níos sine atá ag fágáil an mhargaidh, mar aon le moilleanna ar thoilleadh nua agus dáta coimisiúnaithe athbhreithnithe don Idirnascaire Ceilteach.
- I gcás an éilimh airmheánaigh, léirítear sa bhunmheasúnú agus sa slánmheasúnú araon go bhfuil Éire lasmuigh den Chaighdeán Iontaofachta ó 2026 go 2028. Mar sin féin, tá feabhas leanúnach ar an staid leordhóthanachta de réir mar a thagann toilleadh nua ar líne, lena n-áirítear an Idirnascaire Ceilteach ó 2028.
- Ó 2029 ar aghaidh, léirítear sa Bhunmheasúnú barrachas ar feadh an chuid eile de thréimhse an staidéir. Tugtar le fios ón slánmheasúnú go bhfanfaidh an córas lasmuigh den Chaighdeán Iontaofachta agus easnamh timpeall ar 200 MW i gceist, ag méadú chuig os cionn 400 MW in 2034.
- Bíonn an bunmheasúnú leordhóthanachta agus an slánmheasúnú leordhóthanachta bunaithe ar thoimhdí réamhaisnéise airmheánacha, agus úsáid á baint as íogaireachtaí breise chun anailís a dhéanamh ar dhifríochtaí sna toimhdí. Tarraingítear aird san anailís íogaireachta ar dhúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le leordhóthanacht, ag eascairt as éileamh ard, síneadh starrach athnuaiteán ar ráta íseal, solúbthacht íseal éilimh, agus tuilleadh moilleanna ar thoilleadh dáfa.

## Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) agus Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (REU)

Mar chuid de na gníomhartha ón gclár um Shlándáil an tSoláthair faoi stiúir CRU, thug CRU treoir do EirGrid Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) a fháil agus Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (REU) chun na rioscaí a bhaineann le géarchéim leictreachais, de réir mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2019/941 agus sa Phlean um Riosca-Ullmhacht (RPP) d'Éirinn. Ní féidir an TEG agus an REU a úsáid ach i gcásanna éigeandála, agus dá bhrí sin níl siad beartaithe a bheith ar fáil le héileamh méadaitheach buan a shásamh de bharr fás sóisialta nó fás eacnamaíoch.

Beidh sé fós ríthábhachtach go soláthrófar toilleadh nua ar bhealach tráthúil trí bhíthin an mhargaidh toillte, agus go soláthrófar an cineál agus an méid toillte a theastaíonn mar bhonn taca faoin aistriú fuinnimh. Leis an TEG agus REU áfach, cuirfear giniúint chriticiúil chúltaca ar fáil, agus glaofar orthu i gcás easnamh ar thoilleadh margadhbhunaithe agus i gcás inar dócha go mbeidh foláirimh ar an gcóras.

Tá EirGrid ag plé go gníomhach leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, le CRU, agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile maidir le córas cumhachta slán a phleanáil.

## Réamhaisnéis Éilimh d'Éirinn

### Cúlra

Is cúram casta é an t-éileamh ar leictreachas amach anseo a thuar. Déantar réamhaisnéis éilimh dheich mbliana a fhorbairt d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann, agus cónasctar ansin iad le réamhaisnéis éilimh iomláin a chruthú le haghaidh staidéir uile-oileáin.

Tugtar na tosca a leanas san áireamh sa phróiseas réamhaisnéisithe éilimh a théann i bhfeidhm ar éileamh ar leictreachas: an aimsir, gníomhaíocht gheilleagrach, leictriú teasa agus iompair, agus fás láidir ó earnálacha amhail ionaid sonraí agus lóid teicneolaíochta nua[2]. Déantar cíoradh freisin ar thosca eile lena bhféadfar buaicéileamh ar leictreachas amhail tionchar na méadar 'cliste' fuinnimh, luchtú cliste feithiclí leictreacha, agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht ag teacht ó thomhaltóirí, amhail earraí bána nua níos tíosaí a cheannach nó aistriú chuig soilsiú níos tíosaí m.sh. halaigin chuig dé-óidí astaithe solais.

Agus réamhaisnéisí éilimh á bhforbairt acu in Éirinn, chuir EirGrid spriocanna Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 Rialtas na hÉireann[3] san áireamh chomh maith le fachtóirí amhail an costas ard maireachtála agus praghsanna fuinnimh.

Áirítear sa réamhaisnéis i mbliana an fás ar an éileamh leictreachais a mheastar a chomhlíonfaidh na spriocanna seachadta tithíochta atá mionsonraithe sa Chreat Pleanála Náisiúnta ina leagtar síos sprioc 300,000 teach a sheachadadh faoi 2030[4].

Tugann EirGrid faoi deara gur fhoilsigh an Rialtas plean nua maidir le soláthar tithíochta, dar teideal Tithe á dTógáil, Pobail a gCothú ó bhí an dáta reoite ann. Plean Gníomhaíochta don Soláthar Tithíochta agus chun Dul i nGleic leis an Easpa Dídine, 2025-2030 nach n-áirítear spriocanna bliantúla leis. Tagann an tuarascáil seo leis an dá phlean, mar go bhfuil an sprioc 2030 chéanna ag an dá cheann.

### Cásanna Éilimh

Agus éileamh á thuar againn, breathnaímid ar réimse cásanna ionas gur féidir linn na torthaí féideartha a thuiscint ag brath ar réimse fachtóirí tionchair.

Áirítear leis na hathróga seo gnéithe amhail teocht, an geilleagar, fás mór úsáideoirí fuinnimh, éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith le leictriú teasa agus iompair. Cuireann siad seo eolas ar fáil do na trí chás éilimh d'Éirinn, mar atá:

**Éileamh Airmheánach:** Tá an réamhaisnéis éilimh airmheánach bunaithe ar an bhfás meánach ar ualach na teicneolaíochta nua, ar leictriú teasa agus iompair, mar aon le cur i bhfeidhm ráta meánach fáis eacnamaíoch. Is é sin ár meastachán is fearr ar cad a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí.

**Éileamh íseal:** Tá an réamhaisnéis faoin éileamh íseal bunaithe ar leibhéil níos ísle d'fhás lóid teicneolaíochta nua, ar leictriú níos ísle ar theas agus iompar agus ar fhás níos moille an gheilleagair.

**Éileamh ard:** Tá an réamhaisnéis faoin éileamh ard bunaithe ar leibhéil níos airde d'fhás lóid teicneolaíochta nua, ar leictriú níos airde ar theas agus iompar agus ar fhás níos airde an gheilleagair.

Áirítear i réamhaisnéis na bliana seo freisin an t-éileamh ar theas tionsclaíoch ó Réamh-

2 Sa tuarascáil seo, tagraítear le "lód teicneolaíochta nua d'fhás le déanaí ar mhórscála nach fás ar ionad sonraí é san earnáil teicneolaíochta, a mheastar a bheith ar leithligh ón éileamh traidisiúnta tionsclaíoch (m.sh. stroighin, cógaisíocht srl.)

3 https://assets.gov.ie/static/documents/plean-gniomhaithe-ar-son-na-haeraide-2024.pdf

4 https://cdn.npf.ie/wp-content/uploads/National-Planning-Framework-First-Revision-April-2025-1.pdf

mheastacháin Náisiúnta Fuinnimh 2024 amhail caidéil teasa, coirí, oighinn, triomadóirí agus áitheanna. Áirítear an réamhaisnéis i ngach ceann de na trí chás seo a leanas: íseal, meánach agus ard.

## Ionaid Sonraí Lód Teicneolaíochta Nua

Is príomhrud atá taobh thiar den éileamh ar leictreachas in Éirinn as seo go ceann roinnt bheag blianta eile é nascadh na n-ionad sonraí agus lód nua teicneolaíochta eile (NTLanna).

In Éirinn, tá thart ar 2,100 MV d'acmhainn éilimh ar conradh chuig ionaid sonraí agus lóid teicneolaíochta nua eile ar an leibhéal tarchuir, agus tá thart ar 300 MV eile ar conradh ar an leibhéal dáileacháin 110 kV (arna bhainistiú ag Líonraí BSL).

Ar bhunús athbhreithniú EirGrid ar na hionaid sonraí agus ar na lóid teicneolaíochta nua, tá coinne leis go leanfaidh an t-éileamh ar aghaidh ag ardú ó na leibhéil reatha agus na custaiméirí sin ag tógáil a lóid chonraithe. Déantar beagnach an lód iomlán sin a chonrú i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus rinneadh é a chonrú roimh threoir CRU nach gceadófar do lód breise i ndáil le hionaid sonraí ach má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach i dTreoir CRU CRU/21/124. Ciallaíonn sé sin go ndearnadh measúnú ar aon tionscadal ionad sonraí nua nach raibh comhaontuithe ceangail aige sular foilsíodh Treoir an CRU in aghaidh líon critéar, lena n-áirítear "cumas an iarratasóra don ionad sonraí giniúint (agus/nó stóras) inseolta ar an láithreán a thabhairt a bheidh coibhéiseach nó níos mó ná an buaicéileamh/an t-éileamh iomlán atá orthu". A mhéid a bhaineann leis an dáta deiridh don staidéar seo, ní dhearnadh ach ionad sonraí nua a chonrú óir chomhlíon sé ceanglais Threoir CRU/21/124 maidir le hionaid sonraí. Ní dhéantar ionaid sonraí a mheas sa staidéar ach a bhfuil conradh reatha acu.

An 21 Meitheamh 2023, d'fhoilsigh an CRU páipéar glao ar fhianaise (CRU202357) chun tús a chur leis an bpróiseas athbhreithnithe seo, agus ina dhiaidh sin foilsíodh páipéar comhairliúcháin (CRU2024001) an 15 Eanáir 2024.

An 18 Feabhra 2025, d'fhoilsigh an CRU páipéar cinnidh beartaithe (CRU202504). Dúirt an CRU "Is é cuspóir an pháipéir chinnidh bheartaithe seo cosán a leagan amach d'iarratais nasctha leis an eangach leictreachais a dhíríonn ar rioscaí a bhaineann le slándáil an tsoláthair leictreachais agus srianta líonra agus ag an am céanna, nuair is féidir, tionchair fhéideartha ar spriocanna náisiúnta fuinnimh in-athnuaite agus ar astaíochtaí carbóin a íoslaghdú." Leagfar amach sa pháipéar cinnidh deiridh cinntí an Choimisiúin maidir leis an mbeartas nasctha d'Úsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUanna). Déantar 17 dtionscadal ionad sonraí ar leibhéal tarchuir a mheas leis an tuar reatha éilimh, agus cúig cinn ar leibhéal dáileacháin (BSL) 110 kV, atá nasctha nó ag a bhfuil comhaontú ceangail sínithe.

Tugann EirGrid faoi deara gur foilsíodh Beartas nua an CRU um Nascadh Úsáideoirí Móra fuinnimh an 16 Nollaig 2025, ó bhí an dáta reoite ann. Ag eascairt as sin, is gá do EirGrid agus do Líonraí BSL próiseas rannpháirtíochta agus nasctha a fhoilsiú d'iarratasóirí nasctha ionad sonraí faoin 31 Márta 2026. Nuair a bheidh sí foilsithe, cuirfear an treoir chuí ar fáil d'iarratasóirí nua ionchasacha a bhfuil gá léi chun iarratais nua ar nasc ionaid sonraí a chur chun cinn.

Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) (an 13 Eanáir 2026) an Plean Gníomhaíochta d'Úsáideoirí Móra Fuinnimh (LEAP). Leis sin, ullmhaítear cur chuige atá bunaithe ar phlean maidir le comhlonnú na n-earnálacha LEU is déine ó thaobh fuinnimh de le soláthar fuinnimh in-

athnuaite laistigh de shuíomhanna páirceanna fuinnimh ghlasa ar fud réigiún.


Agus éileamh á thuar don todhchaí, glacann EirGrid leis go mbeidh próifíl éilimh chothrom ag na hionaid sonraí i rith an lae, agus méadú de réir a chéile ar an éileamh nó 'rampa' ann i rith na bliana ar a n-éileamh tuartha.

Tiocfaidh an fás sin ó thionscadail inarb é conradh atá ann cheana a mhéadaíonn an t-éileamh iontu, agus na tionscadail sin ag tógáil i dtreo a lóid chonraithe.

Tugann EirGrid dá aire gur limistéar forbartha leanúnaí í solúbthacht éilimh na n-ionad sonraí. An tráth seo, tá líon beag láithreán ionad sonraí ann a bhfuil éileamh solúbtha orthu, ar féidir glaoch orthu chun éileamh a laghdú d'fhonn foláirimh chórais a chosc.

Thairis sin, faoi dhálaí sonracha éigeandála, beidh ar úsáideoirí móra fuinnimh a n-éileamh a laghdú trí phróiseas ar a dtugtar teorannú éigeantach ar éileamh. Glactar leis go mbeidh na bearta sin ina mbearta oibriúcháin le linn Staid Éigeandála an chórais seachas rannchuidiú le leordhóthanacht an chórais. Dá dhroim sin, níor tugadh é sin san áireamh leis an staidéar, cé go leanfar de mhonatóireacht a dhéanamh air le haghaidh staidéir amach anseo.

Tugann EirGrid dá aire freisin go mbaineann beartas nasctha ionaid sonraí lenár rialtóir, an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU). Nascann EirGrid úsáideoirí móra fuinnimh leis an gcóras tarchurtha i gcomhréir le treoir ón CRU.





*Éileamh na hÉireann lena bhfuil coinne ó fhorbairt ionad sonraí agus lód teicneolaíochta nua a mheastar a bheidh ann*

## Réamhaisnéis an Cheanglais Leictreachais Iomláin d'Éirinn

Is ionann an Riachtanas Leictreachais Iomlán agus suim an éilimh leictreachais a bheidh ag teastáil ó earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cónaithe, tráchtála, tionsclaíoch agus iompar.


Sa chás airmheánach, feictear laghdú beag ar fhuinneamh réamhaisnéise, amach go 2030, i gcomparáid le MUOLA 2025-2034 na bliana seo caite. Tá sé seo á spreagadh den chuid is mó ag moill ar fhás san earnáil Lóid Teicneolaíochta Nua, mar aon leis an athbhreithniú anuas ar líon na bhFeithiclí Leictreacha agus na gCaidéal Teasa atá réamh-mheasta. Laghdaítear an méadú réamh-mheasta ar an éileamh ón stoc tithíochta nuashonraithe go páirteach trí fheabhsuithe éifeachtúlachta a bhfuiltear ag súil leo ó Threoir an Aontais maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[5]. Sa bhreis air sin, leis na gnóthachain atá ann cheana ó shoilsiú agus ó fhearais atá tíosach ar fhuinneamh, laghdaítear glantionchar an fháis tithíochta ar an éileamh ar leictreachas cónaithe.

Méadaíonn an réamhaisnéis airmheánach ó 2030 ar aghaidh i gcomhréir leis an bhfás ar éileamh Lód Teicneolaíochta Nua chomh maith le leictriú leanúnach teasa agus iompair. Laistigh den réamhaisnéis tá bearta laghdaithe fuinnimh ag teacht ó ghnóthachain éifeachtúlachta a bhfuiltear ag súil leo agus ó thionchair an mhéadraithe chliste.




*Réamhaisnéis an Cheanglais Leictreachais Iomláin d'Éirinn*

5 An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh




*Réamhaisnéis an Cheanglais Leictreachais Iomláin d'Éirinn – miondealú earnála*

## Réamhaisnéis Giniúna d'Éirinn

### Teacht chun cinn na punainne

Sna 10 mbliana amach romhainn, táimid ag súil go n-athróidh foinsí an tsoláthair leictreachais de réir mar a aistrímid chuig córas cumhachta in-athnuaite den chuid is mó. Táimid ag súil go gcuirfear toilleadh nua ar fáil trí thoilleadh-cheantanna an SEM agus go dtabharfar isteach toilleadh in-athnuaite breise tríd an Scéim Tacaíochta Fuinnimh In-athnuaite (RESS) agus ceantanna RESS Amach ón gCósta.

Cuirimid san áireamh freisin tabhairt isteach acmhainní neamhthraidisiúnta eile ar féidir leo freastal ar ár n-éileamh leictreachais freisin, lena n-áirítear idirnascadh leis an mBreatain Mhór agus leis an bhFrainc, stóráil fuinnimh, aonaid taobh an éilimh agus giniúint eile amhail bithbhreosla.

D'fhéadfadh an chaoi a bhféadfadh gach cineál teicneolaíochta forbairt a athrú thar an chéad 10 mbliana eile, agus dá bharr sin, scrúdaítear tionchar na dtorthaí éagsúla a samhaltaítear mar íogaireachtaí lenár measúnú. Áirítear leo sin tionscadail mhargaidh toillte nua a sholáthar, conairí in-athnuaite, solúbthacht éilimh, agus stóráil fhadtéarmach ar an suíomh leordhóthanachta.

### Infhaighteacht

Tá infhaighteacht aonad giniúna traidisiúnta fós faoi bhun na meán stairiúil fadtéarmach, agus cuirtear san áireamh é seo inár n-anailís. Meastar go bhfuil sé sin amhlaidh mar gheall go bhfuil roinnt aonad ag teacht chuig céimeanna níos déanaí a saoil oibríochta.

Faoi dheireadh na tréimhse staidéir in 2035, beidh thart ar 3,200 MW de thoilleadh traidisiúnta ann os cionn 30 bliain d'aois.

Tá an infhaighteacht níos ísle a breathnaíodh le blianta beaga anuas ina dúshlán d'oibriú an chórais chumhachta, agus d'fhéadfadh aon laghdú breise ar infhaighteacht gineadóirí de réir mar a théann na haonaid atá ann cheana féin in aois rioscaí comhchosúla a chruthú amach anseo.

## Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin (ARHL)

In Éirinn, thug roinnt aonad le fios go n-oibreoidh siad ag úsáid breoslaí neamhthraidisiúnta, mar shampla Ola Glasraí Hidriginithe (HVO). Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an fhaisnéis a bhaineann le Teorainneacha Uaireanta Reatha Bliantúla (ARHL) féideartha ar aonaid ag athrú agus tá sí neamhchinnte. Ina theannta sin, is féidir; e dúshláin soláthair breosla teacht chun cinn, rud a d'fhéadfadh srian a chur le hoibriú roinnt aonad.

Mar thoradh air sin, glactar leis sa bhunmheasúnú leordhóthanachta sa tuarascáil seo nach bhfuil toilleadh nua faoi réir srianta ar uaireanta oibriúcháin (ach amháin má deimhníodh ARHL).

Glactar leis sa mheasúnú ar leordhóthanacht slándála go bhfuil srian 1,500 uair an chloig de ARHL ar roinnt aonad nua. Cuirtear an srian sin ar uaireanta oibriúcháin chun feidhme trí oibriú na n-aonad ábhartha a theorannú do thréimhsí buaicéilimh tipiciúla.

Leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil le GCC, le CRU, leis an DCEE agus le forbróirí tionscadail chun tuiscint a fháil ar shrianta oibríochtúla.

## Srianadh gearrchiorcaid Bhaile Átha Cliath

Is cineál locht é gearrchiorcad a d'fhéadfadh tarlú ar an gcóras cumhachta, agus sreabhadh leictreach an-mhór mar thoradh air, rud a d'fhéadfadh éifeachtaí iarmhartacha a chur ar an gcóras lena n-áirítear teicneolaíocht dhochrach. Ní mór an córas cumhachta a oibriú chun a chinntiú, má tharlaíonn locht, go bhfuil bearta cosanta i bhfeidhm.

Tá breithnithe agus dúshláin uathúla maidir le soláthar/éileamh ag an gcóras leictreachais i mBaile Átha Cliath. Faoi chásanna oibriúcháin áirithe i mBaile Átha Cliath, is féidir le leibhéil ciorcaid aird-gearr dúshláin a chruthú maidir le hoibriú an chórais tarchurtha.

Do Gheimhreadh 2028, tá sé níos dúshlánaí caighdeáin ghearrchiorcaid a bhainistiú mar gheall ar chomhdhéanamh athraitheach an bhonneagair agus na teicneolaíochta sa réigiún atá beartaithe, le teacht na n-athruithe breise giniúna agus toipeolaíochta líonra tarchurtha ar conradh i mBaile Átha Cliath.

Tá sé sin leagtha amach in Achoimre Ciorcaid Gearr EirGrid ar an Tionscal.

Mar a luaigh EirGrid roimhe seo, le pleanáil agus infheistíocht chúramach, is féidir na rioscaí a bhaineann le hardleibhéil ghearrchiorcaid a bhainistiú san fhadtéarma, rud atá lasmuigh de thréimhse ama na tuarascála seo, rud a fhágann gur féidir eangach leictreachais na hÉireann a leathnú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe.

Tá réitigh á bhforbairt faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear ciorcaid nua 400 kV i gceantar Bhaile Átha Cliath. Is réimse d'athbhreithniú leantach é sin.

### Stóráil fuinnimh

Tá forbairt tagtha ar an bpunann stórála fuinnimh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le blianta beaga anuas agus tá méadú tagtha ar stóráil ceallraí atá á tabhairt isteach sa phunann.

In 2023, coimisiúnaíodh an chéad cheallraí il-uaire an chloig in Éirinn, rud a bhí ina chloch mhíle thábhachtach agus a éascaigh nasc stórála ceallraí leis an eangach ó shin. Don mheasúnú seo, glactar leis go bhfuil 1,800 MW de thoilleadh giniúna sannta do theicneolaíochtaí stórála ó 2030 ar aghaidh, agus 4,760 MWh de thoilleadh stórála ag Éirinn, ciallaíonn sé sin gur féidir le stóras cumhacht 1,800 MW a sholáthar ar feadh níos mó ná 2.5 uair an chloig.

### Toilleadh úr

Thug an CRU a chlár Slándála Soláthair chun críche i mí Iúil 2025. Leanfaidh an Grúpa Tuairiscithe ar Leordhóthanacht Leictreachais de mhonatóireacht a dhéanamh ar inseachadtacht an toillte nua a bhronntar sa Mhargadh Toillte. Bunaithe ar an measúnú inseachadta is déanaí, ní bheidh gach toilleadh nua a dámhadh ó cheantanna roimhe seo ar fáil in am do thús na bliana toillte conraithe.

Leis an tuarascáil sin agus leis na staidéir ar shlándáil an tsoláthair, leantar de bhéim a leagan ar an tionchar diúltach ar leordhóthanacht an chórais toisc nach mbíonn toilleadh nua ar fáil in am. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, má mhainnítear toilleadh nua a sholáthar do bhliain toillte ar leith, cruthaítear dúshláin do staid leordhóthanachta an chórais. Mura ndéanfar toilleadh nua a sheachadadh in am le haghaidh bliain toillte ar leith, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta maolaitheacha chun a chinntiú go gcuirfear toilleadh malartach ar fáil.

## Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche (EVA)

Tá Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche (EVA) san áireamh i dtuarascáil na bliana seo, rud atá nua don tuarascáil i mbliana. Tá sé seo mar chuid de chonair chéimnithe i dtreo ionchorprú iomlán i measúnú leordhóthanachta na bliana seo chugainn agus tugann sé deis dúinn cloí le Rialachán AE 2019/943 Airteagal 24.

I gcomhthéacs na tuarascála seo, is uirlis é an EVA chun cumas na n-aonad giniúna a gcostais oibriúcháin a chlúdach i margadh leictreachais atá dírithe ar fhuinneamh amháin a thomhas, margadh gan aon bhearta breise cosúil le margaí toillte.

Le margaí toillte, cuirtear sruth ioncaim breise ar fáil do ghineadóirí, rud a ligeann do ghineadóirí costais oibriúcháin nach bhfuil clúdaithe ag an margadh leictreachais fuinnimh amháin a chlúdach.

Má léiríonn an EVA nach bhfuil aonaid ghiniúna in ann a gcostais oibriúcháin a chlúdach, féadfaidh siad scor de bheith rannpháirteach sa mhargadh agus d'fhéadfadh imní maidir le leordhóthanacht a bheith mar thoradh air sin. Mar sin, d'fhéadfaí an EVA a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta breise amhail margaí toillte amach anseo.

Mar chuid den chonair chéimnithe seo, díríonn tuarascáil na bliana seo ar an bpróiseas chun EVA a dhéanamh agus an próiseas a thástáil i gcásanna éagsúla. Léirítear sna torthaí tosaigh go bhfuil, i ngach cás, toilleadh ann a d'fhéadfadh a bheith neamh-inmharthana mar gheall ar easpa ioncaim gan bearta breise amhail margaí toillte. Le measúnuithe amach anseo, leathnófar amach chun tionchar na hinmharthanachta eacnamaíche a ionchorprú sa mheasúnú leordhóthanachta.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach samhaltaíonn an EVA toilleadh-cheantanna margaidh amach anseo, i gcomhthéacs na tuarascála seo. Is éard atá i gceist leis an toimhde seo ná dearcadh a chur ar fáil ar inmharthanacht gan tacaíocht ón margadh toillte agus ní hionann í agus tuairim maidir leis an dóchúlacht go mbeadh toilleadh-cheantanna ann amach anseo.

## Réamhaisnéis Leordhóthanachta d'Éirinn

### Bunmheasúnú agus slánmheasúnú

Agus an réamhaisnéis éilimh mheáin á húsáid againn, ár meastachán is fearr ar a tharlóidh sa todhchaí, úsáideadh dhá mheasúnú leordhóthanachta ar leithligh — an bunmheasúnú agus an slánmheasúnú. Déanann an dá mheasúnú measúnú ar 36 chás aimsire, lena ngabhann 30 patrún d'éaradh seirbhíse éagsúil do gach cás aimsire.

- **Leis an mbunmheasúnú,** sainaithnítear an t-íosmhéid toillte giniúna is dócha a bheidh ag teastáil chun freastal ar an éileamh, laistigh den chás airmheánach, thar an chéad deich mbliana eile. Déantar breithniú sa bhunmheasúnú go bhfuil réamhaisnéisí airmheánacha ann don éileamh agus d'fhuinneamh in-athnuaite.
- **Leis an slánmheasúnú,** sainaithnítear an toilleadh giniúna is dócha a bheidh ag teastáil chun freastal ar dhálaí níos dúshlánaí (ná an measúnú bonn) agus fanacht laistigh den chás airmheánach, thar na deich mbliana atá romhainn. Tosaíonn an slánmheasúnú le torthaí an bhunmheasúnaithe ach áirítear leis anailís bhreise chun gnéithe amhail coinníollacha crua aeráide, leibhéil iompórtála nó infhaighteacht stáisiún cumhachta a áireamh (nach bhfuil san áireamh i dtorthaí an bhunmheasúnaithe).

Tabhair faoi deara, cé go n-úsáideann cás an bhunmheasúnaithe agus cás an tslánmheasúnaithe an réamhaisnéis faoin éileamh airmheánach, gur chuireamar torthaí ar fáil sa phríomhthuarascáil freisin do na cásanna ard-éilimh agus íseal-éilimh (6.4.5. Staidéir Íogaireachta d'Éirinn) chun an raon tionchair faoi na coinníollacha seo a thaispeáint.

### Cad a léiríonn na torthaí dúinn?

Tugtar achoimre ar thorthaí an bhunmheasúnaithe agus an tslánmheasúnaithe d'Éirinn thíos:


- **Ó 2026 go 2028,** léirítear sa dá mheasúnú go bhfuil an córas lasmuigh den Chaighdeán Iontaofachta 3 uair a chloig, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le toilleadh bhreise. Sa bhunmheasúnú, tá 1,010 MW de dhíth in 2026, ag titim go 220 MW faoi 2028. Sa slánmheasúnú, ina léirítear dálaí níos dúshlánaí, tá gá le

1,420 MW in 2026, ag titim go 730 MW in 2028. Cuirfear an toilleadh breise sin ar fáil trí Bhearta Chlár CRU um Shlándáil an tSoláthair a shonraítear sa roinn thíos. Le linn na tréimhse sin, cuireann soláthar an Idirnascaire Cheiltigh nua, mar aon le toilleadh nua na ngléasraí gáis, feabhas ar an réamh-mheasúnú, rud a laghdaíonn an LOLE sa dá mheasúnú.

- **Ó 2029,** tá an bunmheasúnú laistigh den Chaighdeán iontaofachta, rud a chiallaíonn go bhfuil toilleadh leordhóthanach ann chun an córas a oibriú faoi ghnáthdhálaí. Mar sin féin, tá an slánmheasúnú fós lasmuigh den chaighdeán lena léirítear go bhfuil gá le thart ar 200 MW a mhéadú go dtí os cionn 400 MW in 2034 chun a chinntiú gur féidir linn leanúint de chothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar agus an t-éileamh faoi dhálaí níos dúshlánaí. Tá gá leis an toilleadh breise sin freisin chun éascú a dhéanamh ar éarthaí líonra a bhfuil gá leo nuair a dhéanaimid giniúint agus bonneagar nua a nascadh leis an eangach.

Measann Eirgrid gurb é an slánmheasúnú an ceann is stuama, agus ba cheart é a mheas mar an cás lárnach i gcás measúnuithe ar leordhóthanacht, ina dtugtar faoi deara gurb iad toilleadh-cheantanna an sásra chun riachtanais cheantála shonracha a chinneadh.

Is éard atá sa slánmheasúnú an tionchar a bhíonn ag infhaighteacht fhadtréimhseach íseal foinsí in-athnuaite fuinnimh, ag teorainneacha bliantúla ar uaireanta oibriúcháin agus ag an ngá atá lena chinntiú go bhfuil toilleadh leordhóthanach ann chun riachtanais oibriúcháin a chomhlíonadh. Úsáidtear íogaireachtaí breise chun tuiscint a fháil ar thionchar na bhfachtóirí a bhfuil leibhéil níos airde éiginnteachta acu amhail éileamh, toilleadh in-athnuaite, agus réamhaisnéisí stórála agus solúbthachta.




*Torthaí ón mbunmheasúnú agus ón slánmheasúnú i ndáil le hionchas maidir le cailliúint lóid d'Éirinn*

## Ag dul i ngleic leis na dúshláin


Mar fhreagra ar sheasamh dúshlánach leordhóthanachta na hÉireann, d'fhorbair an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) clár oibre agus gníomhartha chun cobhsaíocht agus athléimneacht bhreise a sholáthar don chóras cumhachta in Éirinn.

Mar chuid de na gníomhartha sin ón gclár um Shlándáil an tSoláthair faoi stiúir CRU, thug CRU treoir do EirGrid Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) a fháil agus Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (REU) chun na rioscaí a bhaineann le géarchéim leictreachais, de réir mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2019/941 agus sa Phlean um Riosca-Ullmhacht (RPP) d'Éirinn. Ní féidir an TEG agus an REU a úsáid ach i gcásanna éigeandála, agus dá bhrí sin níl siad beartaithe a bheith ar fáil le héileamh méadaitheach buan a shásamh de bharr fás sóisialta nó fás eacnamaíoch.

Tugann EirGrid faoi deara nach n-áirítear na bearta maolaitheacha a aithníodh mar chuid de Chlár an CRU maidir le Slándáil an tSoláthair sna torthaí a léirítear sa bhunmheasúnú ná sa slánmheasúnú. Léirítear thíos ranníocaíocht na mbeart seo i gcoibhneas le torthaí an cháis shlán. Cé go bhfeabhsaíonn na bearta seo an seasamh leordhóthanachta, is bearta sealadacha iad agus dá bhrí sin níl siad san áireamh san anailís lárnach, mar murach sin ní chuirfeadh siad comhartha soiléir chuig an tionscal agus chuig lucht déanta beartas go bhfuil gá le toilleadh breise.

Beidh sé fós ríthábhachtach go soláthrófar toilleadh nua ar bhealach tráthúil trí bhíthin an mhargaidh toillte, agus go soláthrófar an cineál agus an méid toillte a theastaíonn mar bhonn taca faoin aistriú fuinnimh.

Tá tuilleadh eolais faoi na limistéir scáthaithe le haghaidh éilimh, cúlchistí agus pleanáil briseadh tarchuir (TOPanna) a thaispeántar ar an gcairt thuas, ar fáil sa phríomhthuarascáil.




*Staid leordhóthanachta na hÉireann le bearta maolaitheacha*

## Measúnú Uile-Oileáin

Táthar ag súil go mbeidh an tIdirnascaire Thuaidh-Theas nua críochnaithe faoi Dheireadh Fómhair 2031; dá bhrí sin, tá measúnú leordhóthanachta Uile-Oileáin curtha ar fáil againn laistigh den AIRAA ó 2032.

Leis an Measúnú Uile-Oileáin ar Leordhóthanacht, déantar seasamh leordhóthanachta an Mhargaidh Leictreachais Aonair (MLA) a thomhais, lena gcuimsítear Éire agus Tuaisceart Éireann araon. Déantar leordhóthanacht don MLA a thomhais i gcoinne a Chaighdeáin Iontaofachta féin de 6.5 uair a chloig LOLE arna shocrú ag Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair.

Léirítear leis an Measúnú Uile-Oileáin ar Leordhóthanacht go bhfuil an MLA laistigh den Chaighdeán Iontaofachta de 6.5 uair a chloig i gcás an Bhunmheasúnaithe agus an tSlánmheasúnaithe araon ó 2032 go 2035. Ónár n-anailís, is léir go dtacóidh an t-idirnascaire nua le slándáil fhoriomlán an tsoláthair d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann araon tar éis a chríochnaithe

## Conclúid

### Sna blianta amach romhainn, léiríonn an measúnú go bhféadfadh ionchas dúshlánach a bheith ann in Éirinn ar fud léaslíne an staidéir.

Beidh ar an tionscal leictreachais bealaí nua a aimsiú chun freastal ar an ngá le fuinneamh atá ag méadú gan a bheith ag brath go príomha ar bhreoslaí iontaise a dhó. Ag féachaint chun cinn go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin, táthar ag súil go leanfaidh an t-éileamh ar leictreachas ag méadú de réir mar a úsáideann tomhaltóirí leictreachas ar bhealaí nua, le fás níos moille ach leanúnach ansin go dtí 2035. Táthar go súil go gcuideoidh beartais nua ón rialtas linn imeacht ó bhreoslaí iontaise i dtreo modhanna téite malartacha, amhail caidéil teasa leictreacha, agus modhanna iompair níos glaine, amhail feithiclí leictreacha.

Beidh gá le bainistíocht chomhordaithe ar mhéid agus cineál an toillte nua chun dul i ngleic leis na cúinsí athraitheacha ó thaobh éilimh agus soláthair de, i dteannta bealaí nua chun an t-éileamh méadaitheach a bhainistiú ar mhaithe le slándáil an tsoláthair a chinntiú.

Leanfaidh EirGrid dá rannpháirtíocht réamhghníomhach leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE), le CRU agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun measúnuithe tráthúla, anailísí agus roghanna a chur ar fáil le haghaidh maoluithe oibriúcháin.



# Cuid B
# Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní


EirGrid

## Séanadh

Lean EirGrid agus SONI cleachtas tionscail inghlactha i mbailiú agus anailísiú na sonraí atá ar fáil. Cé go ndearnadh gach cúram réasúnta agus na sonraí seo á n-ullmhú, níl EirGrid agus SONI freagrach as aon chaillteanas a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar úsáid na faisnéise seo. Sula ndéantar cinntí gnó, moltar do pháirtithe leasmhara tuairim neamhspleách ar leithligh a lorg maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an tuarascáil seo agus níor cheart dóibh a bheith ag brath go hiomlán ar shonraí agus ar fhaisnéis atá inti. Ní hionann faisnéis sa doiciméad seo agus moladh maidir le haon infheistíocht fhéideartha. Ní airbheartaítear leis an doiciméad seo go bhfuil an fhaisnéis go léir a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar infheisteoir ionchasach nó ó rannpháirtí sa Mhargadh Leictreachais Aonair sa doiciméad seo.

Tá an Tuarascáil maidir leis an Measúnú ar Leordhóthanacht Acmhainní d'Éirinn agus an Measúnú ar Leordhóthanacht Acmhainní do Thuaisceart Éireann curtha san áireamh sa doiciméad seo.

I gcás fiosruithe i ndáil leis an doiciméad seo nó chun cóip den chonradh a iarraidh, déan teagmháil le: info@eirgrid.com nó info@soni.ltd.uk.

COPYRIGHT © EirGrid SONI
Gach ceart ar cosaint. Ní fhéadfar aon chuid den saothar seo a mhodhnú ná a atáirgeadh ná a chóipeáil in aon fhoirm ná trí mhodhanna – grafacha, leictreonacha ná meicniúla, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh, téipeáil nó córas faisnéise agus aisghabhála, ná a úsáid chun aon chríche seachas a chuspóir ainmnithe, gan cead i scríbhinn ó EirGrid agus SONI.

EirGrid
The Oval, 160 Shelbourne Road,
Ballsbridge, Dublin 4, D04 FW28,
Ireland

SONI
Castlereagh House, 12 Manse Rd,
Belfast, BT6 9RT,
Northern Ireland

# Brollach

### Réamhrá

## Ag feidhmiú dóibh mar na hoibritheoirí córais tarchurtha (OCTanna) d'Éirinn agus Tuaisceart Éireann, bíonn EirGrid agus SONI freagrach as feidhmiú agus pleanáil ar na córais tarchuir leictreachais.

Mar chuid den aistriú chuig sochaí atá níos inbhuanaithe agus atá ina bhfuil ídiú íseal ar charbón, tá próiseas nuachóirithe agus claochlaithe ar siúl san eangach. Tá SONI agus EirGrid ag obair chun a áirithiú go mbeidh an leictreachas ar fáil do gach duine de réir mar a theastaíonn sé uathu, agus an eangach tarchuir á ullmhú chun 80% dár gcumhacht a chur ar fáil ó fhoinsí in-athnuaite, i gcomhréir le spriocanna an Rialtais sa dá dhlínse.

Léirítear go soiléir in anailís EirGrid agus SONI ar ár ndlínsí faoi seach go mbeidh soláthar tráthúil na réiteach ísealcharbóin iontaofa nua de dhíth chun córas cumhachta daingean iontaofa a fheidhmiú agus sinn ag aistriú chuig leibhéil níos airde leictreachais in-athnuaite sna blianta amach romhainn. Agus súil á caitheamh amach go dtí an bhliain 2035, tá ár n-éileamh ar leictreachas dlite le méadú de réir mar a ídeoidh na tomhaltóirí an leictreachas ar bhealaí nua chun táirgiúlacht agus digitiú a chumasú, iompar a bhreoslú agus ár dtithe a théamh. Tá coinne leis go mbeidh beartais nua an Rialtais, amhail an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide in Éirinn agus an Straitéis Fuinnimh i dTuaisceart Éireann ina gcuidiú lenár mbaint de bhreoslaí iontaise agus lenár gcur i dtreo malairtí téimh níos tíosaí (amhail teaschaidéil leictreacha) agus córacha iompair (amhail feithiclí leictreacha) agus é mar aidhm againn ár n-astaíochtaí agus ídiú deiridh fuinnimh a laghdú.

Chun feidhmiú córais cumhachta atá in-athnuaite den chuid is mó a chinntiú, tá sé ríthábhachtach go seachadfar punann chothrom de theicneolaíochtaí nua, amhail stóráil fhadtréimhseach fuinnimh, idirnascadh, solúbthacht ar thaobh an éilimh agus gástuirbíní timthrialla oscailte agus comh-thimthrialla atá réidh don bhreosla in-athnuaite. Tá soláthar an Idirnascaire Thuaidh-Theas nua agus an Idirnascaire Cheiltigh nua leis an bhFrainc, fós tábhachtach do shlándáil an tsoláthair ar oileán na hÉireann idir an meántéarma agus an fadtéarma.

Beidh gá le bainistíocht chomhordaithe ar mhéid agus cineál na gceangal acmhainne nua chun dul i ngleic leis na cúinsí athraitheacha ó thaobh éilimh agus soláthair de ar fud an oileáin, i dteannta bealaí nua chun an t-éileamh méadaitheach a bhainistiú ar mhaithe le slándáil an tsoláthair a chinntiú i rith na tréimhse athruithe gan fasach seo.

## Maidir leis an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní

Is ionann an doiciméad sin agus an dara heagrán de chreat an Mheasúnaithe Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní – arbh fhorbairt í ar an bhfoilseachán roimhe seo den Ráiteas maidir le Toilleadh Giniúna. Mar chuid den phróiseas tuairiscithe, tá comhairliúchán poiblí déanta ag SONI agus EirGrid maidir leis an Modheolaíocht, agus Ionchuir agus Toimhdí. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár bpáirtithe leasmhara uile ar fud earnáil an fhuinnimh a bhí páirteach agus idirghníomhach linn ar bhonn gníomhach ó thús deireadh an phróisis comhairliúcháin.

Tugtar breac-chuntas go leanúnach san fhoilseachán sin ar an éileamh ar leictreachas a bhfuil coinne léi agus ar an leibhéal acmhainne giniúna a bheidh de dhíth ar oileán na hÉireann as seo go ceann deich mbliana chun slándáil an tsoláthair leictreachais a choinneáil agus chun tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch. Is príomhfhreagracht ar EirGrid agus SONI an measúnú seo a dhéanamh i ndáil le slándáil an tsoláthair leictreachais, rud a thacaíonn leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) in Éirinn, agus leis an Roinn Geilleagair (DfE) i dTuaisceart Éireann mar na comhlachtaí a bhfuil an phríomhfhreagracht orthu as slándáil an tsoláthair. Tá sé mar aidhm ag dearadh an Mhargaidh Aonair Leictreachais (MLA) tacú le hiomaíocht, méadú ar fhuinneamh in-athnuaite ar an gcóras a cheadú, infheistíocht nua a spreagadh agus slándáil an tsoláthair a chothú.

Tá Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche á thabhairt isteach ag SONI agus EirGrid den chéad uair sa tuarascáil seo, mar chuid de bhealach céimnithe chuig cuimsiú iomlán sa mheasúnú leordhóthanachta lárnach. Bhí comhairliúchán poiblí iomlán, seimineár gréasáin poiblí, rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara sa tionscal, agus ceardlanna le OCTanna eile na hEorpa mar chuid de EVA a fhorbairt. Tá EirGrid agus SONI ag súil le leanúint leis an obair le páirtithe leasmhara chun cur leis an bpróiseas i leaganacha na tuarascála seo amach anseo.

Is gné thábhachtach dár saothar é léarscáiliú a dhéanamh ar éilimh leictreachais na hÉireann óir cuidíonn sé lenár Rialtais, rialtóirí agus tionscal chun ullmhú don todhchaí. Úsáidfear an anailís atá le fáil sa tuarascáil chun tacú leis an Rialtas agus Údaráis Rialála chun beartas fuinnimh a fhorbairt agus an margadh is gá a dhearadh chun córas cumhachta atá slán agus iontaofa a sholáthar tríd an aistriú chuig córas cumhachta dícharbónaithe. Táimid ag súil go bhfaighidh sibh eolas ón Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní seo agus go mbainfidh sibh leas as chun éilimh na heangaí amach anseo a léiriú.



**Cathal Marley**
Príomhfheidhmeannach Ghrúpa EirGrid



**Alan Campbell**
Príomhfheidhmeannach SONI





# 1. Struchtúr an Doiciméid

Tá Brollach, Achoimre Feidhmiúcháin, ceithre phríomhroinn agus cúig aguisín le fáil sa doiciméad sin.

Is mar a leanas atá struchtúr an doiciméid:

- Tugtar forléargas san Achoimre Feidhmiúcháin ar na príomhthréithe den doiciméad agus cuirtear an tuarascáil i láthair i dtéarmaí achoimre.
- Leagtar amach sa Réamhrá ár n-oibleagáidí reachtúla agus dlíthiúla, agus tugtar breac-chuntas freisin ar chuspóir agus comhthéacs na tuarascála.
- Sa roinn Éileamh tugtar breac-chuntas ar an réamhaisnéis éilimh, ina gcuirtear i láthair meastacháin ar éileamh as seo go ceann deich mbliana, i dteannta anailís ar na treochtaí faoina mbun.
- Cuirtear síos sa roinn Giniúint ar na hathruithe de réir a chéile a bhfuil coinne leo ar an bpunann ghiniúna as seo go ceann deich mbliana eile le haghaidh gach aicme teicneolaíochta.
- Sa roinn Leordhóthanacht cuirtear i láthair na torthaí agus anailís ó na measúnuithe leordhóthanachta.

Áirítear cúig aguisín le deireadh na tuarascála seo. Tugann siad breis sonraí maidir leis na sonraí a úsáidtear sa staidéar seo.

# 2. Achoimre Feidhmiúcháin

Cuirtear i láthair sa doiciméad sin an dara heagrán den Mheasúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní (AIRAA), a forbraíodh bunaithe ar an Ráiteas maidir le Toilleadh Giniúna (GCS) roimhe seo, lena gcomhlíontar ceanglais reachtúla EirGrid agus ceanglais ceadúnais SONI i dteannta ceanglais rialála ábhartha na hEorpa.

Cuirtear i láthair sa doiciméad sin an dara heagrán den Mheasúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní (AIRAA), a forbraíodh bunaithe ar an Ráiteas maidir le Toilleadh Giniúna (GCS) roimhe seo, lena gcomhlíontar ceanglais reachtúla EirGrid agus ceanglais ceadúnais SONI i dteannta ceanglais rialála ábhartha na hEorpa.

Scrúdaítear sa tuarascáil seo an chothromaíocht is dócha a bheidh ann idir éileamh agus soláthar ar feadh na tréimhse 10 mbliana idir 2026 agus 2035 in Éirinn agus Tuaisceart Éireann in aghaidh an Chaighdeáin Iontaofachta ábhartha. Is Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) é an Caighdeán Iontaofachta, arb é an líon uaireanta an chloig in aghaidh na bliana é nach bhfuil coinne leis go sásóidh táirgeadh leictreachais tíre an t-éileamh atá air. Ní gá go gciallaíonn an tomhas LOLE sin go rachaidh custaiméirí gan soláthar go ceann tréimhse ar bith. Is ionann an Caighdeán Iontaofachta don MLA agus 6.5 uair an chloig, de réir pháipéar cinnidh Choiste MAL[1]. Is ionann an Caighdeán Iontaofachta dlínse agus 3 uair an chloig d'Éirinn[2] mar a leagtar amach ag an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (RAFC) ag obair i gcomhair leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) agus 4.9 uair an chloig do Thuaisceart Éireann mar a leagtar amach ag an Roinn Geilleagair (DfE).

Tugtar aghaidh sa tuarascáil seo ar leordhóthanacht acmhainní a shamhaltú trí dhá mheasúnú lárnacha, Bunmheasúnú agus Slánmheasúnú faoi seach. Déantar anailís sa Bhunmheasúnú ar an staid leordhóthanachta atá comhsheasmhach den chuid is mó le cur chuige an Mheasúnaithe Eorpaigh ar Leordhóthanacht Acmhainní (MELA), agus déantar anailís sa Slánmheasúnú ar an gcóras i bhfianaise anailís bhreise ar shlándáil, agus riachtanais oibriúcháin eile. Measann SONI agus EirGrid gurb é an Measúnú slán an ceann is stuama, agus gur cheart é a mheas mar an cás lárnach le haghaidh measúnuithe leordhóthanachta, ina dtugtar faoi deara go soláthrófar acmhainn nua le ceantanna margaidh acmhainne, más gá sin chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh acmhainne idir an meántéarma agus an fadtéarma.

Ó 2016 i leith, tá rabhadh tugtha ag EirGrid agus SONI trí mheán GCS agus MUOLA faoi ghanntanas méadaitheach idir soláthar agus éileamh. Níltear in aon amhras faoi láthair go mbeidh dúshláin ann amach romhainn, bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil. Is dócha sna blianta beaga amach romhainn go bhfeicfidh an córas roinnt foláirimh chórais agus go mbeidh ar na OCDanna obair go réamhghníomhach chun an riosca ó thionchar níos tromchúisí a mhaolú ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann. Tugann an tuarascáil seo deis don tionscal, don Rialtas, do rialtóirí agus do pháirtithe leasmhara eile an t-aistriú go fuinneamh in-athnuaite a éascú, ag tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch sa todhchaí, agus ag an am céanna oibriú slán agus athléimneach an chórais leictreachais a chinntiú.

1 SEM-23-072 Luach Aonair ar Lód Caillte a Ríomh laistigh de Pháipéar Faisnéise an Mhargaidh Leictreachais Aonair | Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (semcommittee.com)

2 https://www.semcommittee.com/files/semcommittee/2024-07/SEM%20-%2024%20-%20051%202027-28%20T-4%20Volumes%20Information%20Note.pdf

Sa dá dhlínse, leanann EirGrid agus SONI leo ag plé lena ranna rialtais agus údaráis rialála faoi seach chun measúnuithe tráthúla, anailís, agus roghanna a chur ar fáil do mhaoluithe oibriúcháin de réir mar is gá. Tacaíonn na measúnuithe sin le pleanáil réamhghníomhach i dtaca leis an aistriú chuig córas cumhachta dícharbónaithe agus inacmhainne a mbeidh an fuinneamh in-athnuaite taobh thiar dó den chuid is mó, agus slándáil an tsoláthair á cinntiú ag an am céanna don chóras cumhachta amach anseo, rud a shásóidh éilimh athraitheacha an gheilleagair agus na sochaí.

Faoi Airteagal 24 de Rialachán an Aontais Eorpaigh 2019/943, beidh measúnuithe náisiúnta ar leordhóthanacht acmhainní de dhíth le Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche (MIE) a chur san áireamh iontu. Tá Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche á thabhairt isteach ag SONI agus EirGrid den chéad uair sa tuarascáil seo, mar chuid de bhealach céimnithe chuig cuimsiú iomlán sa mheasúnú leordhóthanachta lárnach. Is é a bheidh ar siúl i mbliana an próiseas nua EVA a thabhairt isteach agus bonn a sholáthar do thuilleadh rannpháirtíochta agus comhairliúcháin, sa chaoi go mbeidh an measúnú leordhóthanachta lárnach i leaganacha na tuarascála amach anseo ag teacht leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán AE 2019/943. Mar chuid d'fhorbairt EVA rinneadh comhairliúchán poiblí iomlán, seimineár gréasáin poiblí, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara sa tionscal, agus ceardlanna le OCTanna Eorpacha eile atá i mbun anailís EVA. Tá SONI agus EirGrid ag súil le leanúint leis an obair le páirtithe leasmhara chun cur leis an bpróiseas sna leaganacha den tuarascáil seo amach anseo.

Tugtar tuilleadh sonraí thíos ar na príomhlimistéir a bhí taobh thiar de na hathruithe ar an staid leordhóthanachta ó réamhaisnéisí na bliana seo caite de chuid MUOLA 2025-2034 do chórais na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus Uile-Oileáin, agus an dáta deiridh 30 Meitheamh 2025 á thabhairt dá aire don fhaisnéis agus na sonraí a úsáidtear sa mheasúnú i mbliana.

## 2.1 Éire

I MUOLA 2025-2034 na bliana seo caite, tugadh le fios sna torthaí ón mBunmheasúnú agus ón Slánmheasúnú nach raibh dúshláin ann maidir le leordhóthanacht in 2025 agus 2026 ach sna bearta laistigh den mhargadh amháin. Tháinig feabhas ar an staid ó 2027 ar aghaidh óir ghlacfaí leis go dtiocfaidh an tIdirnascaire Ceilteach agus acmhainn gáis nua i bhfeidhm. Ó 2028 ar aghaidh tugadh le fios sa Bhunmheasúnú go raibh an córas laistigh den chaighdeán ar an meán. Measadh sa Slánmheasúnú an tionchar comhcheangailte ó Iompórtálacha Ísle, Teorainneacha Bliantúla féideartha ar Uaireanta Oibriúcháin i gcomhair roinnt aonad traidisiúnta nua agus ón bPleanáil d'Éarthaí Seirbhíse Tarchuir; agus tugadh le fios go mbeadh an córas lasmuigh den chaighdeán ar feadh thréimhse iomlán an staidéir.

I measúnú na bliana seo, breithníonn an measúnú Slán an riosca a bhaineann le tréimhse seachtaine amháin d'infhaighteacht íseal in-athnuaite, ar a dtugtar 'Dunkelflaute' freisin, in ionad na machnaimh roimhe seo ar iompórtálacha ísle. Tarlaíonn an nuashonrú sin de thoradh feabhsuithe ar an bpróiseas chun rioscaí a mheasúnú, ina ndéantar anailís ar raon rioscaí inchreidte i dtéarmaí an tionchar agus na dóchúlachta. As na híogaireachtaí a ndearnadh anailís orthu, ba í an Dunkelflaute aon-seachtaine a léirigh an riosca foriomlán ba airde agus tionchar agus dóchúlacht á gcur san áireamh agus dá bhrí sin tá sé san áireamh sa Slánmheasúnú. Ó MUOLA 2025-2034 i leith, tá moilleanna sa ghearrthéarma ar sholáthar conarthaí nua i ndáil le hacmhainn, arna ndámhachtain trí cheantanna margaidh acmhainne. De bharr scor an tseanghléasra ón margadh a tharla le déanaí, i dteannta moilleanna ar acmhainn nua agus moill ar an Idirnascaire Ceilteach nua ag teacht ar líne, beidh strus méadaithe ann sna blianta tosaigh den mheasúnú idir 2026 agus 2028. I gcás an éilimh airmheánaigh, léirítear sa Bhunmheasúnú agus sa Slánmheasúnú go bhfuil Éire lasmuigh den chaighdeán ó 2026 go 2028, agus tá feabhsú leanúnach ar an staid leordhóthanachta agus acmhainn nua ag teacht i bhfeidhm ina dhiaidh sin, lena n-áirítear an tIdirnascaire Ceilteach ó 2028 ar aghaidh. Ó 2029 ar aghaidh, léirítear sa Bhunmheasúnú barrachas ar feadh an chuid eile de thréimhse an staidéir. #Meastar sa Slánmheasúnú an riosca ó thréimhse aon seachtain amháin de theagmhas 'Dunkelflaute' ina bhfeictear infhaighteacht íseal gaoithe, i dteannta Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin ar roinnt aonad traidisiúnta nua agus Pleanáil d'Éarthaí Tarchuir. Cuirtear Dunkelflaute seachtaine amháin san áireamh sa mheasúnú Slándála, mar aon le Teorainneacha Uaireanta Reatha Bliantúla ar roinnt aonad traidisiúnta nua agus Pleanáil Briseadh Tarchuir. Tugtar le fios ón Slánmheasúnú go bhfanfaidh an córas lasmuigh den chaighdeán agus easnamh timpeall ar 200 MW i gceist, ag méadú chuig os cionn 400 MW in 2034.

Bíonn na measúnuithe lárnacha leordhóthanachta bunaithe ar thoimhdí réamhaisnéise airmheánacha, agus úsáid á baint as íogaireachtaí breise chun anailís a dhéanamh ar dhifríochtaí sna toimhdí. Tarraingítear aird san anailís íogaireachta ar ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le leordhóthanacht, ag eascairt as éileamh ard, síneadh starrach athnuaiteán ar ráta íseal, solúbthacht íseal, agus tuilleadh moilleanna ar acmhainn dáfa.

Chuir CRU a Pháipéar Faisnéise CRU Slándáil an tSoláthair – Clár Gníomhartha, i gcrích i mí Iúil 2025. Mar chuid de na gníomhartha ón gclár um Shlándáil an tSoláthair faoi stiúir CRU, thug CRU treoir do EirGrid Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) a fháil agus Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (REU) chun na rioscaí a bhaineann le géarchéim leictreachais, de réir mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2019/941 agus sa Phlean um Riosca-Ullmhacht (RPP) d'Éirinn. Ní féidir an TEG agus an REU a úsáid ach i gcásanna éigeandála, agus dá bhrí sin níl siad beartaithe a bheith ar fáil le héileamh méadaitheach buan a shásamh de bharr fás sóisialta nó fás eacnamaíoch. Thar théarma níos faide, beidh sé fós ríthábhachtach go soláthrófar acmhainn nua ar bhealach tráthúil trí bhíthin an mhargaidh acmhainne, agus go soláthrófar an cineál agus an méid acmhainne a theastaíonn mar bhonn taca faoin aistriú fuinnimh. Leis an TEG agus REU áfach, cuirfear cosaint chriticiúil ar fáil, agus glaofar orthu i gcás easnamh ar acmhainn mhargadhbhunaithe agus i gcás inar dócha go mbeidh foláirimh ar an gcóras. Tarlaíonn foláirimh i gcás ina mbíonn an maolán idir soláthar agus éileamh leictreachais níos géire ná mar is gá chun córas slán a oibriú.

Ní léirítear aschuir agus tionchar chlár gníomhartha CRU sa mheasúnú leordhóthanachta lárnach sa tuarascáil seo, ach feictear an tionchar dearfach dá bhfuil coinne leis ó na gníomhartha i Roinn 6.4.6.

Tá EirGrid ag plé go gníomhach leis an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, le CRU, agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile maidir le córas cumhachta slán a phleanáil.

Áirítear thíos achoimre ar na príomhrudaí atá taobh thiar den athrú ó MUOLA 2025-2034.

### Éileamh

Chonacthas buaicéileamh 6,024 MW an 8 Eanáir 2024, arbh é an buaicéileamh is mó riamh in Éirinn ar tharchur leictreachais, luach a sháraigh an teorainn 6,000 MW den chéad uair riamh. Bhí an aimsir an-fhuar tráth an bhuaicéilimh ina príomhchúis leis an éileamh nach bhfacthas chomh hard riamh roimhe sin. Leanann éileamh foriomlán ag méadú ar feadh thréimhse an staidéir, agus tá sé fós ag teacht den chuid is mó le réamhaisnéis na bliana seo caite in MUOLA 2025-2034. Tuartar go dtiocfaidh méadú 19% ar an mbuaicéileamh ar leictreachas faoi 2035 ó leibhéil 2024. Ar fhéachaint chun tosaigh dúinn, tá fás láidir á thuar, arna stiúradh go príomha ag an bhfás ar na lóid ionad sonraí agus teicneolaíochta nua i dteannta an teas agus an t-iompar a leictriú. Tá an earnáil chónaithe fós ina príomhábhar fócais don fhás ar an éileamh ar leictreachas, agus Rialtas na hÉireann ag pleanáil chun na spriocanna tithíochta a bhreactar síos sa Chreat Pleanála Náisiúnta a bhaint amach[3]. Cuirtear na huaillmhianta tithíochta sin san áireamh i réamhaisnéis éilimh leictreachais i mbliana, chomh maith leis na laghduithe lena mbaineann a bhfuil coinne leo do ghlacadh na mbeart coigilte fuinnimh amhail méadair chliste agus gnóthachain éifeachtúlachta.

### Feidhmíocht na Stáisiún Cumhachta

Tá feidhmíocht gléasra bunaithe ar na 5 bliana roimhe seo d'infhaighteacht gléasra. Áirítear leis an tuarascáil seo staitisticí faoi fheidhmíocht gléasra bunaithe ar an tréimhse 5 bliana 2020-2024, a chuirtear in ionad staitisticí 2019-2023 a úsáidtear in MUOLA 2025-2034. Má chuirtear na staitisticí nuashonraithe maidir le feidhmíocht gléasra san áireamh, faightear tionchar beagán diúltach dá thoradh ar an staid leordhóthanachta ar feadh thréimhse an staidéir.

3 https://cdn.npf.ie/wp-content/uploads/National-Planning-Framework-First-Revision-April-2025-1.pdf

### Toilleadh Úr trí Cheantanna um Thoilleadh

Ón tráth a ndearadh measúnú MUOLA 2025-2034, ritheadh ceant 2028/2029 T-4. Mar chuid de phróiseas monatóireachta feabhsaithe an Mhargaidh Acmhainne, bíonn EirGrid ag plé go minic leis na forbróirí tionscadail, i gcomhar leis na gníomhaireachtaí stáit ábhartha. Déantar measúnú sa phróiseas monatóireachta ar na nuashonruithe is déanaí ar thionscadail agus ar aon riosca lena mbaineann i ndáil le hacmhainn nua a sholáthar. Tabhair ar aird de bharr an dáta deiridh don tuarascáil seo, nach gcuirtear toilleadh-cheantanna a cuireadh i gcrích tar éis mhí an Mheithimh 2025 san áireamh leis an measúnú seo.

Úsáidtear sa phróiseas monatóireachta feabhsaithe an fhaisnéis is déanaí maidir le tionscadail, agus déantar measúnú an bhfuil coinne leis go soláthrófar gach tionscadal roimh an mbliain acmhainne atá conraithe, an bhfuil baol moille i gceist, nó mura bhfuil coinne leis go soláthrófar ar chor ar bith é laistigh de dhátaí deiridh an cheant.

Áirítear sa mheasúnú lárnach ar leordhóthanacht sa tuarascáil seo réamhaisnéis maidir le seachadadh acmhainne nua. Tráth reo na sonraí, léiríonn an réamhaisnéis seo dúshláin nua leanúnacha maidir le seachadadh acmhainne sa ghearrthéarma a mbíonn tionchar diúltach acu ar an seasamh leordhóthanachta ach feabhas ar sheachadadh acmhainne nua sa mheántéarma go dtí an fadtéarma as a dtiocfaidh seasamh leordhóthanachta níos láidre i gcomparáid le AIRAA 2025-2034. Tugtar dá aire go mbeidh acmhainn nua a sholáthar fós ina dhúshlán teicniúil agus lóistíochta, go háirithe i dtéarmaí an choimisiúnaithe thráthúil.

Tá staidéar íogaireachta curtha san áireamh ag EirGrid lena léirítear go bhféadfaí an staid leordhóthanachta acmhainní a fheabhsú go mór dá mba rud é go soláthrófaí gach tionscadal gáis margaidh acmhainne go rathúil in am trátha.

### Giniúint In-athnuaite

Tá sprioc ina bearta in-athnuaite ag Éirinn chun leictreachas in-athnuaite 80% a chur ar fáil i gcomhréir le spriocanna an Rialtais. Tá machnamh déanta in EirGrid ar thorthaí an cheant don Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (STLI) agus Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite Amach ón gCósta, ar shonraí ceangail de chuid Líonra an Bhoird Soláthair Leictreachais (ESBN) agus ar na sonraí is déanaí maidir le próisis ceangal tarchuir chun treocht a fhorbairt i ndáil le húsáid an toillte in-athnuaite nua. Thairis sin, tá plé déanta ag EirGrid le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) a d'fhorbair réamhaisnéisí giniúna in-athnuaite bunaithe ar bhreithiúnais ó ghrúpa páirtithe leasmhara saineolacha. Tá na réamhaisnéisí sin á n-úsáid sa mheasúnú lárnach sa tuarascáil seo. Is í seo an treocht chéanna d'athnuaiteáin a úsáideadh in MUOLA 2025-2034 ónar tháinig athrú ar bith ar an staid leordhóthanachta. Tá anailís déanta ag EirGrid freisin ar thionchar na rátaí úsáide fuinneamh in-athnuaite ar an staid leordhóthanachta, bunaithe ar na treochtaí arda agus ísle atá forbartha mar chuid den anailís atá déanta ag SEAI.

## 2.2 Tuaisceart Éireann

I measúnú MUOLA 2025-2034, tugadh le fios leis an mBunmheasúnú go mbeadh córas Thuaisceart Éireann laistigh den chaighdeán ar an meán sa chuid is mó de Thréimhse an Staidéir go dtí 2031, agus beagán lasmuigh den chaighdeán idir 2032 agus 2034, mar thoradh ar éileamh méadaitheach nach bhfuil á shásamh trí acmhainn iontaofa nua choibhéiseach a sholáthar. Measadh sa Slánmheasúnú an tionchar ó Iompórtálacha Ísle, agus tugadh le fios go mbeadh an córas lasmuigh den chaighdeán ó 2026 ar aghaidh ar feadh an chuid eile de thréimhse an staidéir.

Sa mheasúnú i mbliana, meastar sa Slánmheasúnú an riosca d'éaradh in aonad mór, rud a thiocfaidh in ionad an cháis a measadh roimhe seo de líon íseal iompórtálacha. Tarlaíonn sé sin de thoradh feabhsuithe ar an bpróiseas chun rioscaí a mheasúnú, ina ndéantar anailís ar raon rioscaí inchreidte i dtéarmaí an tionchar agus na dóchúlachta. As na híogaireachtaí a ndearnadh anailís orthu, ba í an íogaireacht maidir le briseadh aonaid mhóir a léirigh an riosca foriomlán ba airde agus tionchar agus dóchúlacht á gcur san áireamh agus dá bhrí sin tá sé san áireamh sa Slánmheasúnú. Tá an Bunmheasúnú fós comhsheasmhach le MUOLA 2025-2034, rud a thugann le fios go mbeidh Tuaisceart Éireann laistigh den chaighdeán idir 2026 agus 2031 agus lasmuigh den chaighdeán sa tréimhse 2032-2035, agus suas le 120 MW de dhíth faoi 2035 chun an méadú réamhaisnéisithe ar éileamh a chothromú. Tugtar le fios ón Slánmheasúnú, ag freagairt d'éaradh mór aonad go mbeidh an córas lasmuigh den chaighdeán go ceann tréimhse iomlán an staidéir, agus tuairim is 200 MW de dhíth idir 2026 agus 2032, ag méadú suas chuig 320 MW faoi 2035.

Bíonn na measúnuithe lárnacha leordhóthanachta bunaithe ar thoimhdí réamhaisnéise airmheánacha, agus úsáid á baint as íogaireachtaí breise chun anailís a dhéanamh ar dhifríochtaí sna toimhdí. Tarraingítear aird san anailís íogaireachta ar ábhair imní maidir le leordhóthanacht, ag eascairt as éileamh ard, síneadh starrach athnuaiteán ar ráta íseal, solúbthacht íseal, agus tuilleadh moilleanna ar acmhainn dáfa. Léiríonn an anailís íogaireachta freisin gurb é an buntáiste is mó a bhaineann le baint Srianta ar Uaireanta Reatha Bliantúla ar aonaid i dTuaisceart Éireann ó thaobh an seasamh leordhóthanachta de, rud a fhágann go mbeidh an seasamh Slán laistigh den chaighdeán ar fud na spéire iomláine.

Tá SONI ag tacú go gníomhach leis an Roinn Geilleagair, leis an Rialtóir Fóntais agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna i ndáil le slándáil an tsoláthair sna blianta amach romhainn.

Áirítear thíos achoimre ar na nuashonruithe príomhúla dáta ar an réamhaisnéis ó MUOLA 2025-2034.

### Éileamh

Taispeántar sna réamh-mheastacháin is déanaí do Thuaisceart Éireann laghdú ar éileamh réamh-mheasta i gcoibhneas le MUOLA 2025-2034. Idir 2021 agus 2023, chonaic SONI laghdú ar ídiú leictreachais bliain ar bhliain. Tháinig an laghdú sin de bharr tionchar an fháis eacnamaíoch níos ísle, agus de bharr praghsanna breosla a chonacthas sa dara leath de 2022 (de bharr teagmhais dhomhanda), rud a lean ar aghaidh isteach in 2023. Chonacthas méadú beag ar éileamh ansin in 2024 óir thosaigh téarnamh ag teacht ar ídiú leictreachais agus tháinig laghdú ar phraghsanna breosla. Léirítear sna réamhaisnéisí do 2025 ar aghaidh go méadóidh éileamh Thuaisceart Éireann bliain i ndiaidh bliana, ach méadóidh sé ar ráta níos ísle i gcomparáid leis na réamhaisnéisí ó AIRAA 2025-2034 mar gheall ar réamh-mheastacháin athbhreithnithe maidir le fás ualaigh ionad sonraí agus teicneolaíochta nua, leictriú teasa agus iompair agus na treochtaí eacnamaíocha is déanaí.

### Feidhmíocht na Stáisiún Cumhachta

Tá feidhmíocht gléasra bunaithe ar na 5 bliana roimhe seo d'infhaighteacht gléasra. Áirítear leis an tuarascáil seo staitisticí faoi fheidhmíocht gléasra bunaithe ar an tréimhse 5 bliana 2020-2024, a chuirtear in ionad staitisticí 2019-2023 a úsáidtear in MUOLA 2025-2034. Má chuirtear na staitisticí nuashonraithe maidir le feidhmíocht gléasra san áireamh, faightear tionchar beagán diúltach dá thoradh ar an staid leordhóthanachta ar feadh thréimhse an staidéir.

### Acmhainn Giniúna

Ba é an t-athrú is suntasaí ar phunann Thuaisceart Éireann le blianta beaga anuas é aonaid KGT6 agus KGT7 Chill Ruaidh a sholáthar tríd an margadh acmhainne. Beidh feidhm fós ag Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin (ARHL) maidir le Gástuirbíní Timthrialla Oscailte (OCGT) ar feadh thréimhse iomlán an staidéir. Beidh cur i bhfeidhm ARHL ar na OCGTanna ag Cill Ruaidh fós ina riosca suntasach do shlándáil an tsoláthair i dTuaisceart Éireann.

Tá íogaireacht na OCGTanna KGT6 agus KGT7 ag oibriú gan teorainneacha ar uaireanta oibriúcháin curtha san áireamh ag SONI, i dteannta íogaireacht nua le himscrúdú a dhéanamh ar thionchar na hinfhaighteachta laghdaithe ar uaireanta oibriúcháin. Léiríonn na torthaí buntáiste suntasach ó thaobh leordhóthanachta de mar gheall ar ARHL a bhaint, rud a d'fhéadfadh barrachas acmhainne a thabhairt do Thuaisceart Éireann ar feadh tréimhse an staidéir. Ní thagraítear leis an íogaireacht lena mbaintear ARHL don fhéidearthacht go mbainfí ARHL, ina ionad sin tugtar an anailís léi i ndáil le tionchar an ARHL ar an gcóras. Tugtar le fios ón íogaireacht lena n-imscrúdaítear tionchar ó infhaighteacht laghdaithe uaireanta oibriúcháin, i mbliain ar leith, go mbeidh tionchar diúltach ar an staid leordhóthanachta ó aonaid a bhainistiú lena mbaineann infhaighteacht laghdaithe.

Leanann SONI ar aghaidh i mbun pléití leis an Roinn Geilleagair agus leis an Rialtóir Fóntais maidir le himpleachtaí na srianta ar uaireanta oibriúcháin ar OCGTanna.

### Giniúint In-athnuaite

Mar chuid den mheasúnú seo ar leordhóthanacht acmhainní, glacann SONI le treocht phragmatach in úsáid athnuaiteán don mheasúnú lárnach. Tá dhá staidéar íogaireachta curtha san áireamh ag SONI ina ndéantar anailís ar thionchar na rátaí úsáide fuinnimh in-athnuaite, agus iniúchadh á dhéanamh ar thairbhe an tsoláthair mhéadaithe athnuaiteán agus ar thionchar na moilleanna ar sholáthar athnuaiteán ar an staid leordhóthanachta.

## 2.3 Uile-Oileáin

Tá coinne leis go dtógfar an tIdirnascaire Thuaidh-Theas nua sna blianta amach romhainn, agus é measta le críochnú i mí Dheireadh Fómhair 2031. Tá sé seo níos déanaí ná an dáta fuinnmhithe toimhde de 2027 a glacadh leis in AIRAA 2025-2034. Tá anailís déanta ag EirGrid agus SONI ar thairbhí maidir le leordhóthanacht acmhainní ón Idirnascaire Thuaidh-Theas nua ar an Measúnú Uile-Oileáin ar Leordhóthanacht. Go dtí go ndéanfar an tIdirnascaire Thuaidh-Theas nua a sholáthar, beidh srianta móra ar aistriú cumhachta idir an dá dhlínse chun cobhsaíocht an chórais daingneacht gach dlínse a áirithiú. A luaithe a bheidh an tIdirnascaire Thuaidh-Theas nua ar líne, méadófar an cumas chun cumhacht a aistriú idir na dlínsí. Léiríonn ár gcuid anailíse go mbeidh an t-idirnascaire nua chun tairbhe shlándáil iomlán an tsoláthair amach anseo ar fud an oileáin, agus léirítear barrachas acmhainne leis an mBummheasúnú ó 2032 agus barrachas acmhainne leis an Slánmheasúnú sa chuid is mó blianta seachas 2034.



# 3. Réamhrá

Féachtar sa tuarascáil seo rannpháirtithe margaidh, údaráis rialála agus lucht ceaptha beartais a chur ar an eolas faoin acmhainn giniúna a bheidh de dhíth chun cothromaíocht leordhóthanach a bhaint amach idir soláthar agus éileamh ar an leictreachas don tréimhse idir 2026 agus 2035.

Féadann agaí fada agus infheistíocht chaipitil ard a bheith i gceist le hacmhainn giniúna nua a fhorbairt, a phleanáil agus a cheangal leis na córais tarchuir nó dáileacháin. Leis an tuarascáil seo, clúdaítear tréimhse staidéir deich mbliana chun dóthain ama a cheadú do rannpháirtithe margaidh, rialtóirí agus lucht ceaptha beartais chun réitigh a phleanáil agus a sheachadadh a bhfuil gá leo chun tacú le slándáil an tsoláthair.

Ag feidhmiú dóibh mar na hOibritheoirí Córais Tarchurtha (OCTanna) d'Éirinn agus Tuaisceart Éireann, bíonn freagracht ar EirGrid agus SONI na córais tarchurtha leictreachais a fheidhmiú gach nóiméad gach lá, agus todhchaí na heangaí leictreachais á pleanáil acu freisin. Leis an méid sin a bhaint amach, ní mór do SONI agus EirGrid an soláthar agus éileamh a chothromú, agus réamhaisnéis a thabhairt faoin gcaoi chun é sin a dhéanamh amach anseo.

Ní mór do EirGrid, an OCT in Éirinn, faisnéis réamhaisnéise a fhoilsiú faoin gcóras cumhachta, mar a leagtar amach in Alt 38 den Acht um Rialáil Leictreachais 1999[4], Cuid 10 de I.R. 60 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2005 (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas)[5] agus faoi I.R. Uimh. 445 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2000 (An Margadh Inmheánach sa Leictreachas) arna leasú[6].

Ní foláir do SONI, an OCT i dTuaisceart Éireann, Ráiteas bliantúil maidir le hAcmhainn Giniúna (GCS) a léiriú, i gcomhréir le Coinníoll 35 den Cheadúnas[7] chun páirt a ghlacadh i dTarchur an Leictreachais arna dheonú do SONI ag an Roinn Geilleagair.

## 3.1 Creat Rialála Eorpach

Sa phacáiste 'Fuinneamh Glan do gach duine Eorpach' a glacadh thiar in 2019, leagadh amach creat nua don aistriú ó bhreoslaí iontaise chuig foinsí fuinnimh níos glaine lenar áiríodh an Rialachán maidir le margadh inmheánach don leictreachas[8] (AE/2019/943) dá dtagraítear anseo mar 'an Rialachán'. Tá Caibidil IV (Airteagail 20-27) den Rialachán dírithe ar leordhóthanacht acmhainní.

Tugtar an sainordú le hAirteagal 23 den Rialachán do Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha Leictreachais (ENTSO-E) measúnuithe bliantúla ar leordhóthanacht acmhainní a dhéanamh bunaithe ar sholáthar agus éileamh réamh-mheasta don leictreachas ar fud an Aontais Eorpaigh chun ábhair imní faoi leordhóthanacht acmhainní a shainaithint ar son na mBallstát. Comhlíontar oibleagáidí ENTSO-E faoi Airteagal 23 den Rialachán tríd an Measúnú Eorpach ar Leordhóthanacht Acmhainní[9] (MELA), arna fhormheas ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) an 2 Deireadh Fómhair 2020. Tá freagracht ar ACER chun cur chun feidhme bliantúil na modheolaíochta MELA arna stiúradh ag ENTSO-E a fhaomhadh. Tá athbhreithniú ar mhodheolaíocht ERAA faoi athbhreithniú ag

4 https://www.irishstatutebook.ie/eli/1999/act/23/section/38/enacted/en/html
5 https://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/si/60/made/en/print#partx-article28
6 https://www.irishstatutebook.ie/eli/2022/si/227/made/en/print
7 https://www.uregni.gov.uk/files/uregni/documents/2025-08/2025-07-23%20SONI%20TSO%20Consolidated.pdf
8 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019R0943&from=EN
9 https://www.acer.europa.eu/Individual%20Decisions_annex/ACER%20Decision%2024-2020%20on%20ERAA%20-%20Annex%20I_1.pdf

ACER faoi láthair agus meastar go nglacfar le modheolaíocht nuashonraithe in 2026.

Maítear in Airteagal 20(1) den Rialachán go bhféadfadh Ballstáit measúnuithe leordhóthanacht náisiúnta a dhéanamh freisin i gcás inar gá. Maítear in Airteagal 24 den Rialachán go mba cheart don mheasúnú náisiúnta leordhóthanachta a bheith bunaithe ar mhodheolaíocht MELA, agus go ngabhfaí leis saintréithe nó rioscaí sonracha margaidh nach bhféadfaí na mionsonraí ann a ghabháil leis. Go bunúsach, tugann an measúnú náisiúnta ar leordhóthanacht an deis saintréithe margaidh agus córais a mheas a bheidh ábhartha ar leibhéal náisiúnta, ach nach mbeadh ábhartha b'fhéidir ar leibhéal uile-Eorpach.

Cé nach ballstát den Aontas Eorpach a thuilleadh í an Ríocht Aontaithe, tá Tuaisceart Éireann ina chuid lárnach den Mhargadh Leictreachais Aonair (MLA) a oibríonn ar bhonn Uile-Oileáin. Rinneadh forálacha sa Chomhaontú um Tharraingt Siar maidir le feidhmiú leanúnach an MLA. In Airteagal 9 agus Iarscríbhinn 4 liostaítear an reachtaíocht a mbeidh feidhm léi go leanúnach i dtaca le Tuaisceart Éireann lena n-áirítear CE 714/2009. Áirithítear le hAirteagal 6 den Chomhaontú um Tharraingt Siar go mbeidh feidhm leanúnach le haon reachtaíocht lena dtugtar sin chun dáta go huathoibríoch ar Thuaisceart Éireann. Ciallaíonn sé sin go mbeidh feidhm ag Rialachán 2019/943 maidir le giniúint agus tarchur an leictreachais i dTuaisceart Éireann.


Leis an measúnú náisiúnta leordhóthanachta feabhsaítear an chaoi ar féidir le OCTanna measúnú a dhéanamh ar chothromú an tsoláthair agus an éilimh i gcóras cumhachta a bhraitheann ar aimsir. Lean EirGrid agus SONI ag obair go dlúth lenár Ranna Rialtais agus Údaráis Rialála (ÚRanna) chun ár gcreataí áitiúla a leasú agus a oiriúnú chun bheith ag teacht le hAirteagal 24 den Rialachán.

## 3.2 Measúnú ar Leordhóthanacht Acmhainní

Is tomhas é Leordhóthanacht Acmhainní ar chumas an chórais leictreachais an soláthar agus an t-éileamh a chothromú le haghaidh gach uair an chloig thar bhliain féilire. Déantar leordhóthanacht a chinneadh leis an gCaighdeán Iontaofachta, a thomhaistear in uaireanta d'Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE) socraithe ag 3 uair an chloig in Éirinn, 4.9 uair an chloig i dTuaisceart Éireann agus 6.5 uair an chloig don MLA Uile-Oileáin. Ciallaíonn sé sin go bhfuil na dlínsí á bpleanáil ag SONI agus EirGrid, leis an toimhde go mbeidh giniúint neamhleor ann chun an t-éileamh córais agus riachtanais oibriúcháin a chomhlíonadh go ceann 3 uair an chloig gach bliain in Éirinn agus 4.9 uair an chloig i dTuaisceart Éireann.

Is tasc ilsrathach é an staid leordhóthanachta leictreachais a réamhaisnéisiú dá measann EirGrid agus SONI roinnt tosca lena n-áirítear na tosca a leanas:

- **Éileamh** – *a bhfuil de dhíth* – lena n-áirítear an riachtanas leictreachais iomlán, buaicéileamh an gheimhridh, éileamh stairiúil, réamhaisnéisí eacnamaíocha, spriocanna Rialtais, ionaid sonraí agus réamhaisnéisí do lóid teicneolaíochta nua.
- **Giniúint** – *an rud is féidir an t-éileamh a shásamh* – athruithe ar an bpunann acmhainne, an rud a sholáthraítear trí thoilleadh-cheantanna, síntí starracha ar thoilleadh in-athnuaite, idirnascadh, tionchar na ndálaí aeráide, agus tionchar na n-éarthaí fórsáilte agus sceidealaithe ar infhaighteacht acmhainní.
- **Leordhóthanacht** – *cad é an t-easnamh* – Caighdeáin Iontaofachta, uaireanta fuinnimh gan úsáid, ríomh dóchúlaíoch ar staideanna oibriúcháin féideartha an chórais cumhachta.




*Fíor 3.1 Próiseas um Measúnú ar Leordhóthanacht*

Is ar bhonn comhpháirteach a léiríodh an tuarascáil seo ag EirGrid agus SONI chun measúnú a dhéanamh ar thréimhse staidéir 10 mbliana idir 2026-2035 d'Éirinn agus Tuaisceart Éireann araon. Tagann an tuarascáil seo i gcomharbacht ar Mheasúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní 2025-2034 comhpháirteach idir SONI agus EirGrid, a foilsíodh i mí an Mhárta 2025.

Tá próiseas mionsonraithe bainteach leis an measúnú, a bheidh á chur i gcrích thar thréimhse isteach is amach ar ocht mí. Tugtar breac-chuntas ar na céimeanna sa phróiseas sin i bhFíor 3.1 agus tá cur síos ar mhionsonraí na modheolaíochta samhaltaithe leordhóthanachta ar fáil i Modheolaíocht an Mheasúnaithe Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní[10].

Leanann SONI agus EirGrid orthu ag obair leis na hÚdaráis Rialála agus páirtithe leasmhara eile araon chun a áirithiú go mbeidh an doiciméad seo agus na modheolaíochtaí faoina bhun fós ábhartha agus úsáideach.

Agus na réamhaisnéisí atá le fáil sa tuarascáil seo á bhforbairt, d'fhéach na OCTanna leis an bhfaisnéis is cothroime chun dáta atá ar fáil tráth an dáta deiridh a úsáid, arbh é an 30 Meitheamh 2025 é. Tá cuid faisnéise iar-dháta reo sonraí curtha san áireamh chun aon athruithe suntasacha ar fhaisnéis nua a bhaineann le sonraí ionchuir nó toimhdí a aithint. Áireofar le measúnuithe breise leis an modheolaíocht sin cinn chun dáta de réir mar a bheidh faisnéis agus sonraí nua don tréimhse curtha ar fáil.

10 Modheolaíocht AIRAA 2026-2035

## 3.3 Idirghníomhú leis an Margadh Toillte

Déantar ceantanna acmhainne MLA níos fadtéarmaí 4 bliana roimh ré, agus tugtar toilleadh-cheant 'T-4' orthu. Roimh an dáta reoite sonraí, reáchtáladh an T-4 deireanach i mí na Nollag 2024 chun toilleadh a aimsiú don bhliain acmhainne ó mhí Dheireadh Fómhair 2028 go dtí mí Mheán Fómhair 2029. Is sásra iad na ceantanna T-1 chun toilleadh a sholáthar 1 bhliain amháin roimh ré más rud é go n-aithnítear éilimh ghearrthéarmacha ar thoilleadh. D'fhéadfaí ceantanna idirmheánacha, amhail ceantanna T-2 agus T-3, a reáchtáil freisin má mheasann Coiste MLA go bhfuil gá leo chun tacú le toilleadh nua a sholáthar ar mhaithe le slándáil an tsoláthair. Tabhair ar aird de bharr an dáta deiridh don tuarascáil seo, nach gcuirtear toilleadh-cheantanna a cuireadh i gcrích tar éis mhí an Mheithimh 2025 san áireamh leis an measúnú seo.

Rialaítear na próisis don riachtanas dí-rátála agus méideanna sna toilleadh-cheantanna le modheolaíocht arna faomhadh ag Coiste MLA (CMLA) a chuireann na OCTanna chun feidhme. Cé gur rud ar leithligh iad toilleadh an mhargaidh acmhainne agus na próisis dírátála ón Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní (AIRAA), úsáideann siad na réamhaisnéisí éilimh agus giniúna mar ionchuir do na ceanglais ceantanna. Tugtar san áireamh sna próisis do thoilleadh-cheantanna tosca eile seachas na cinn atá curtha san áireamh i measúnú na tuarascála seo, amhail rannchuidiú imeallacha aonaid agus anailís aiféala rogha an dá dhíogha.



# 4. Éileamh

## 4.1 Réamhrá

### Is cúram casta é an t-éileamh ar leictreachas amach anseo a thuar. Déantar réamhaisnéis éilimh dheich mbliana a fhorbairt do gach dlínse, agus cónasctar ansin iad le réamhaisnéis éilimh iomláin a chruthú le haghaidh staidéir Uile-Oileáin.

I ngach dlínse, is iad na sonraí stairiúla ar éileamh an túsphointe. Déantar taiscéaladh sa chuid tosaigh den phróiseas réamhaisnéisithe éilimh ar iarmhairt na haimsire ar an éileamh, mar shampla buaicéileamh a cheartú ar lá buaicéilimh atá níos fuaire nó teo ná an mheánbhliain aimsire. Sainítear an buaicéileamh a iompraítear ar an líonra tarchuir mar an bhuaic tarchuir, agus áirítear leis meastachán ar chaillteanais tarchuir. An 8 Eanáir 2025, taifeadadh buaicéileamh uile-oileáin ar tharchur leictreachais de 7,502 MW ar an gcóras tarchuir. Bhí tréimhse an-fhuar taobh thiar den leibhéal ard éilimh, agus an mheánteocht náisiúnta ar an lá sin measta ag -1.3°C. Cé go raibh aimsir an-fhuar ann i mí Eanáir 2025 trí chéile — agus meánteocht mhíosúil 5.37°C á taifeadadh, atá 0.45°C faoi bhun na meánteochta fadtéarmaí 29 bliain[11]— bhí na dálaí aimsire an 8 Eanáir go mór níos fuaire ná an meán don mhí. Thaifid Éire agus Tuaisceart Éireann araon a mbuaicéilimh tharchuir an lá sin, arb ionann iad agus 6,024 MW agus 1,498 MW, faoi seach[12]. Bíonn uainiú na buaice tarchuir éagsúil ó dhlínse go chéile, óna bhféadfadh mí-ailíniú teacht idir buaiceanna dlínse aonair agus an bhuaic uile-oileáin, mar a chonacthas in 2024.

Tugtar na tosca a leanas san áireamh sa phróiseas réamhaisnéisithe éilimh a théann i bhfeidhm ar éileamh ar leictreachas: gníomhaíocht gheilleagrach, leictriú teasa agus iompair, agus fás láidir ó earnálacha amhail ionaid sonraí agus lóid teicneolaíochta nua[13]. Déantar cíoradh freisin ar thosca eile lena bhféadfar buaicéileamh ar leictreachas amhail tionchar na méadar 'cliste' fuinnimh, luchtú cliste feithiclí leictreacha, agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht ag teacht ó thomhaltóirí, amhail earraí bána nua níos tíosaí a cheannach nó aistriú chuig soilsiú níos tíosaí m.sh. halaigin chuig dé-óidí astaithe solais.

Gné eile den anailís ar an éileamh stairiúil is ea an leibhéal féin-ídithe a ríomh, i.e. an leictreachas a fhéinghintear agus a úsáidtear ar an láithreán, gan a tharchur chuig an eangach ná a bheith méadraithe. Samplaí de sin a bheadh in aonad Chumhacht agus Teas in Éineacht (CTÉ) chun leictreachas agus teas a chur ar fáil d'úsáideoir tionsclaíoch, nó do bhaile atá feistithe le grianphainéil ar bharr dín.

Tá an réamhaisnéis éilimh ar a dtugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo bunaithe ar réamh-mheastacháin eacnamaíocha chun dáta le haghaidh na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon. Le blianta beaga anuas chonacthas méadú ar chostas maireachtála agus praghsanna arda fuinnimh ag dul i bhfeidhm ar an éileamh. Tá monatóireacht á déanamh go dlúth ag EirGrid agus SONI ar na tosca sin.

Mar fhreagairt do thréimhse fhairsing comhairliúcháin (a tugadh i gcrích i mí an

11 Ráiteas Aeráide do mhí Eanáir 2025 – Met Éireann – Seirbhís Meitéareolaíochta na hÉireann
12 B'ionann buaicéileamh na hÉireann in 2024 5671 MW, mar sin féin úsáidtear "buaicéileamh geimhridh", a shíneann chuig mí Eanáir den bhliain dár gcionn, chun críoch an tsamhaltaithe. Chonacthas buaic gheimhridh 2024 dar luach 6029 MV an 8 Eanáir 2025.
13 Sa tuarascáil seo, tagraítear le "lód teicneolaíochta nua d'fhás le déanaí ar mhórscála nach fás ar ionad sonraí é san earnáil teicneolaíochta, a mheastar a bheith ar leithligh ón éileamh traidisiúnta tionsclaíoch (m.sh. stroighin, cógaisíocht srl.)

Mheithimh 2025)[14], ina raibh EirGrid ag plé le go leor páirtithe leasmhara, tá an réamhaisnéis ar éileamh na hÉireann maidir le leictriú teasa (teaschaidéil) agus iompair (feithiclí leictreacha) múnlaithe i mbliana ag tuarascáil Réamh-mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta na hÉireann de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann[15]. Ina theannta sin, tá beartais iolracha ann ó Rialtas na hÉireann a bheidh mar phríomh-ionchur leis an samhaltú i mbliana. Áirítear na nithe seo a leanas leo, ach níl siad teoranta dóibh: An Chéad Leasú ar an gCreat Pleanála Náisiúnta[16], an Straitéis Náisiúnta maidir le hÉileamh ar Fhuinneamh[17], an Clár don Rialtas 2025[18], An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024[19], agus Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[20].

Tá EirGrid ag obair go gníomhach le geallsealbhóirí eile sa tionscal fuinnimh chun plé a dhéanamh ar thoimhdí samhaltaithe a mbeidh tionchar acu ar réamhaisnéisí éilimh thar an deich mbliana atá romhainn agus chun iad a ailíniú. Déanfar aon fhaisnéis nuashonraithe ó na pléití seo a ionchorprú in eagráin ina dhiaidh sin den AIRAA.

Tá staidéar déanta ag SONI ar thionscnóirí beartais agus tá machnamh déanta aige ar an tionchar a thiocfaidh ó Straitéis Fuinnimh Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann – *The Path to Net Zero Energy*[21] 2021, *Path to Net Zero – Action Plan 2025*[22] agus an tAcht um Athrú Aeráide (Tuaisceart Éireann) 2022[23]. Ag teacht leis an gcur chuige a ghlactar d'Éirinn, chuathas i gcomhairle maidir leis an modheolaíocht do réamhaisnéisiú éilimh do Thuaisceart Éireann mar chuid de Chomhairliúchán maidir le Modheolaíocht agus Ionchuir agus Toimhdí i ndáil leis an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní 2026-2035[24].

D'fhonn réimse torthaí féideartha amach anseo a chlúdach, cuirtear an réamhaisnéis éilimh ar fáil mar thrí chás: cás ísealéilimh, cás éilimh airmheánaigh, agus cás ardéilimh. Tugtar tuiscint don léitheoir leis an réimse cásanna éilimh dá mba rud é nach bhfíorófaí roinnt tosca fáis nó dá mbainfí fás níos láidre amach.

Déantar an amshraith maidir le héileamh réamh-mheasta a fhorbairt le hUirlis Réamhaisnéisithe Éilimh (DFT) de chuid ENTSO-E. Le glacadh na huirlise i ríomh na réamhaisnéise éilimh in aghaidh na huaire, tá EirGrid agus SONI ag teacht le próiseas samhaltaithe an Mheasúnaithe Eorpaigh ar Leordhóthanacht Acmhainní (MELA): an creat samhaltaithe Eorpach atá ag teacht leis an gcóras cumhachta athraitheach. Cuireann an DFT réimse leathan torthaí ar fáil ina dtaispeántar tionchar na hinathraitheachta aeráide ar luachanna éilimh réamh-mheasta.

Leis an riachtanas iomlán leictreachais (RIL) agus an réamhaisnéis ar an mbuaicéileamh le haghaidh thréimhse an staidéir, ceaptar próifíl éilimh réamhaisnéisithe in aghaidh na huaire i gcomhair gach dlínse ar leithligh, agus

14 https://consult.eirgrid.ie/en/consultation/all-island-resource-adequacy-assessment-2026-2035-methodology-and-inputs-assumptions-consultation
15 https://www.seai.ie/sites/default/files/publications/National-Energy-Projections-Report-2024.pdf
16 https://cdn.npf.ie/wp-content/uploads/National-Planning-Framework-First-Revision-April-2025-1.pdf
17 https://cruie-live-96ca64acab2247eca8a850a7e54b-5b34f62.divio-media.com/documents/NEDS_Decision_Paper_and_Annex.pdf
18 https://assets.gov.ie/static/documents/programme-for-Government-securing-irelands-future.pdf
19 https://assets.gov.ie/static/documents/climate-action-plan-2024-8ccbde73-e288-4241-8b26-6b4922389f25.pdf
20 https://energy.ec.europa.eu/topics/energy-efficiency/energy-efficiency-targets-directive-and-rules/energy-efficiency-directive_en?prefLang=ga
21 https://www.economy-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/economy/Energy-Strategy-for-Northern-Ireland-path-to-net-zero.pdf
22 https://www.economy-ni.gov.uk/sites/default/files/2025-03/Energy%20Strategy%20-%20The%20Path%20to%20Net%20Zero%20Energy%20-%20Action%20Plan%202025%20Landscape%20-%20FINAL_0.pdf
23 https://www.legislation.gov.uk/nia/2022/31/enacted
24 All-Island Resource Adequacy Assessment 2026-2035 Methodology and Inputs & Assumptions Consultation | SONI Consultation Portal

cuirtear le chéile iad le haghaidh na staidéar uile-oileáin mar a thuairiscítear sa doiciméad ar Mhodheolaíocht an Mheasúnaithe Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní25.

Úsáidtear na réamhaisnéisí éilimh atá le fáil sa tuarascáil seo mar ionchur le haghaidh cheantanna Mhargadh Toillte an MLA mar chuid den phróiseas maidir le riachtanas toillte le haghaidh ceantanna atá ag teacht aníos.

## 4.2 Réamhaisnéis Éilimh d'Éirinn

### 4.2.1 Modheolaíocht

Is samhail cúlchéimnithe línigh ilbhliantúil atá mar bhonn don réamhaisnéis ar leictreachas, ina dtugtar fás eacnamaíoch san áireamh. Cuirtear iarmhairtí na n-ionad sonraí agus na lód teicneolaíochta nua, leictriú teasa agus iompair, gnóthachain éifeachtúlachta agus solúbthacht éilimh san áireamh agus an réamhaisnéis á réamh-mheas, mar a thuairiscítear sna ranna seo a leanas. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise i ndáil leis an gcaoi a bhfuil samhaltú déanta ag EirGrid ar an éileamh amach anseo laistigh den doiciméad a ghabhann leis seo faoi Mhodheolaíochta an Mheasúnaithe Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní[25].

### 4.2.2 Réamhaisnéis Eacnamaíoch

Le réamhaisnéis a dhéanamh maidir le héileamh ar leictreachas amach anseo, beidh réamhaisnéisí faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch de dhíth ar shamhaltú fuinnimh. D'fhéach EirGrid le comhairle a fháil ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), ag a bhfuil saineolas ar gheilleagar na hÉireann a shamhaltú[26]. Is é Fíor-Ollioncam Náisiúnta Modhnaithe (Fíor-OIN*) agus Tomhaltas Pearsanta na príomhpharaiméadair eacnamaíocha a úsáidtear sa staidéar seo.

Tá Fíor-ollioncam Náisiúnta Modhnaithe (Fíor-OIN*)[27] deartha chun iarmhairtí an domhandaithe a eisiamh, a théann i bhfeidhm go díréireach ar mhéid gheilleagar na hÉireann a thomhas. Téann an fás tuartha ar GNI* i bhfeidhm ar réamhaisnéisiú an éilimh tráchtála agus thionsclaíoch ar leictreachas.

Leis an Tomhaltas Pearsanta déantar caiteachas tomhaltóirí ar earraí agus seirbhísí a thomhas, lena n-áirítear earraí amhail bia, deochanna, carranna, laethanta saoire, srl. Téann an fás tuartha ar thomhaltas pearsanta i bhfeidhm ar réamhaisnéisiú an éilimh ar leictreachas cónaithe.

Is í an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta[28] a chuireann na réamhaisnéisí eacnamaíocha sin ar fáil chun tacú le staidéir fhadtéarmacha leordhóthanachta de chuid EirGrid. Tá na treochtaí níos gearrthéarmaí bunaithe ar a dTráchtaireacht Eacnamaíoch Ráithiúil[29]. Eascraíonn treochtaí níos fadtéarmaí as Athbhreithniú Meántéarma ESRI[30]. Réamh-mheastar go leanfaidh an fás seasta ar an ngeilleagar sna deich mbliana amach romhainn, mar sin féin tá brúnna boilscitheacha agus neamhchinnteacht maidir le ceisteanna geopholaitiúla tar éis leasú síos a chruthú san fhás réamh-mheasta sin, i gcomparáid le réamh-mheastacháin níos fadtéarmaí anuraidh. Déantar rátaí bliantúla fáis ESRI a mhionsonrú i dTábla 4.1 thíos. Baineadh leas astu sin le haghaidh na dtrí chás éilimh atá le fáil sa réamhaisnéis éilimh. Leis an

25 Modheolaíocht AIRAA 2026-2035
26 https://www.esri.ie/research-areas/macroeconomics
27 https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-nie/nie2019/mgni/
28 Paraiméadair Eacnamaíocha arna bhfáil ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta an 4 Márta 2025.
29 https://www.esri.ie/publications/quarterly-economic-commentary-spring-2025
30 https://www.esri.ie/publications/medium-term-review-2013-2020

neamhchinnteacht eacnamaíoch a chur san áireamh, glactar leis na réamhaisnéisí ísle agus arda éilimh go mbeidh fás níos airde ann ná mar atá le fáil i réamhaisnéis na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta[31].

I mí Aibreáin 2025, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann an Chead Athbhreithniú ar an gCreat Náisiúnta Pleanála, inar sainaithníodh an gá le 50,000 teaghlach breise in aghaidh na bliana go dtí 2040. D'fhonn an sprioc sin a léiriú, rinneadh ceartú ar an tsamhail mhaicreacnamaíoch don éileamh méadaithe ón earnáil chónaithe.

**Tábla 4.1 Meánrátaí fáis bhliantúil do na paraiméadair agus luachanna maicreacnamaíocha a úsáidtear don Éileamh airmheánach i bhfoirm na comhairle ón ESRI**

| | 2024-2025 | | | 2026-2030 | | | 2031–2035 | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Íseal (75% ESRI) | Airmheán (ESRI) | Ard (110% ESRI) | Íseal (75% ESRI) | Airmheán (ESRI) | Ard (110% ESRI) | Íseal (75% ESRI) | Airmheán (ESRI) | Ard (110% ESRI) |
| Fíor-OIN*[32] | 2.4% | 3.2% | 3.5% | 2.3% | 3.0% | 3.3% | 1.9% | 2.5% | 2.8% |
| Ídiú Pearsanta | 2.0% | 2.6% | 2.9% | 1.9% | 2.5% | 2.8% | 1.5% | 2.0% | 2.2% |

### 4.2.3 Ionaid Sonraí Lód Teicneolaíochta Nua

Is príomhrud atá taobh thiar den éileamh ar leictreachas in Éirinn as seo go ceann roinnt bheag blianta eile é nascadh na n-ionad sonraí agus lód nua teicneolaíochta eile (NTLanna).

In Éirinn, tá thart ar 2,100 MV d'acmhainn éilimh ar conradh chuig ionaid sonraí agus lóid teicneolaíochta nua eile ar an leibhéal tarchuir, agus tá thart ar 300 MV eile ar conradh ar an leibhéal dáileacháin 110 kV. Tá ionaid sonraí ar mhionscála atá nasctha ar leibhéil níos ísle voltas trí ESBN curtha san áireamh mar chuid den fhás ar an éileamh tionsclaíoch. Ar bhunús athbhreithniú bliantúil EirGrid ar na hionaid sonraí agus ar na lóid teicneolaíochta nua, tá coinne leis go leanfaidh an t-éileamh ar aghaidh ag ardú ó na leibhéil reatha agus na custaiméirí sin ag tógáil a lóid chonraithe. Déantar beagnach an lód iomlán sin a chonrú i mórcheantar Bhaile Átha Cliath, agus rinneadh é a chonrú roimh threoir CRU nach gceadófar do lód breise i ndáil le hionaid sonraí ach má chomhlíonann siad na ceanglais a leagtar amach i dTreoir CRU CRU/21/124[33]. Ciallaíonn sé sin *go ndéanfar measúnú ar aon tionscadal ionad sonraí nua nach bhfuil comhaontuithe ceangail aige a mheasúnú in aghaidh líon critéar, lena n-áirítear "cumas an iarratasóra don ionad sonraí giniúint (agus/nó stóras) inseolta ar an láithreán a thabhairt a bheidh coibhéiseach nó níos mó ná an t-éileamh atá orthu".* A mhéid a bhaineann leis an dáta deiridh don staidéar seo, ní dhearnadh ach ionad sonraí nua a chonrú óir chomhlíon sé ceanglais Threoir CRU/21/124 maidir le hionaid sonraí. Ní dhéantar ionaid sonraí a mheas sa staidéar ach a bhfuil conradh reatha acu.

Ar an 21 Meitheamh 2023, d'fhoilsigh an CRU páipéar glao ar fhianaise (CRU202357) chun

31 D'úsáid AIRAA roimhe seo an réamhaisnéis eacnamaíoch chéanna do gach leibhéal éilimh.
32 Is tomhas é Ollioncam Náisiúnta Modhnaithe nó OIN* ar ioncam náisiúnta na hÉireann. Baineann sé an dímheas ar mhaoin intleachtúil agus aerárthaí ar léas, chomh maith glanioncam na dtosca na CPTanna ath-shainchónaithe
33 CRU21124-CRU-Direction-to-the-System-Operators-related-to-Data-Centre-grid-connection-.pdf (divio-media.com)

tús a chur leis an bpróiseas athbhreithnithe seo, agus ina dhiaidh sin foilsíodh páipéar comhairliúcháin (CRU2024001) ar an 15 Eanáir 2024. An 18 Feabhra 2025, d'fhoilsigh an CRU páipéar cinnidh beartaithe (CRU202504). Dúirt an CRU *"Is é cuspóir an pháipéir chinnidh bheartaithe seo cosán a leagan amach d'iarratais nasctha leis an eangach leictreachais a dhíríonn ar rioscaí a bhaineann le slándáil an tsoláthair leictreachais agus srianta líonra agus ag an am céanna, nuair is féidir, tionchair fhéideartha ar spriocanna náisiúnta fuinnimh in-athnuaite agus ar astaíochtaí carbóin a íoslaghdú."* Leagfar amach sa pháipéar cinnidh deiridh cinntí an Choimisiúin maidir leis an mbeartas nasctha d'Úsáideoirí Móra Fuinnimh (LEUanna).

Arna iarraidh sin ag CRU,tá EirGrid, i dteannta ESB Networks, OCD agus Líonraí Gáis Éireann, i mbun Cleachtadh Faisnéise Margaidh. Mar chuid de sin, d'fhoilsigh siad suirbhé geallsealbhóirí a chríochnaigh an 1 Lúnasa 2025. Féadfar toradh Chleachtadh Faisnéise Margaidh a úsáid chun forbairt beartais amach anseo a threorú, e.g. cur chuige straitéiseach faoi stiúir an Stáit maidir le bonneagar fóntais a sheachadadh do lárionaid sonraí sa mheántéarma. I bhfianaise gur tharla an cleachtadh sin tar éis an dáta deiridh, níor measadh an méid don réamhaisnéis i mbliain, ach féadfar é a mheas i measúnuithe amach anseo.

Tá modheolaíocht reatha na réamhaisnéise éilimh ag teacht leis an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní 2025–2034. Déantar 17 dtionscadal ionad sonraí ar leibhéal tarchuir a mheas ann, agus cúig cinn ar leibhéal dáileacháin 110 kV, atá nasctha nó ag a bhfuil comhaontú ceangail sínithe. Mar chuid den phróiseas réamhaisnéise éilimh, scrúdaíonn EirGrid an stádas agus na rátaí stairiúla fáis ar éileamh sna hionaid sonraí agus ar na lóid teicneolaíochta nua. Leis sin, a mhúnlaítear an fás amach anseo ar éileamh a bhfuil coinne leis ó na custaiméirí sin. Mar chuid den réamhaisnéis éilimh, cuireann EirGrid raon tosca san áireamh lena gcuirfear ar aghaidh an fás ó gach láithreán: rátaí stairiúla fáis ar éileamh ó na láithreáin atá ann cheana, poist ar conradh ó chuideachtaí agus na hionchais ar fhás iontu, clabhsúr airgeadais, cead pleanála, srl. Leis an bpróiseas sin cruthaítear trí chás inchreidte atá taobh thiar den éileamh ar feadh na gcásanna réamhaisnéise ísle, airmheánacha agus arda.


Ag teacht leis an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní 2025-2034 is déanaí, taispeántar sa réamhaisnéis airmheánach is déanaí go bhfuil réamhaisnéis láidir ar fhás san earnáil sin amach go dtí 2031, agus fás níos ísle ar fás leanúnach é amach go dtí deireadh ré an staidéir. Tabhair faoi deara go dtiocfaidh an fás sin ó thionscadail inarb é conradh atá ann cheana a mhéadaíonn an t-éileamh iontu, agus na tionscadail sin ag tógáil i dtreo a lóid chonraithe. Tugann EirGrid dá aire gur limistéar forbartha leanúnaí í solúbthacht éilimh na n-ionad sonraí[34]. An tráth seo, tá líon beag láithreán ionad sonraí ann a bhfuil éileamh solúbtha orthu, ar féidir glaoch orthu chun éileamh a laghdú d'fhonn foláirimh chórais a chosc. Thairis sin, faoi dhálaí sonracha éigeandála, beidh ar úsáideoirí móra fuinnimh a n-éileamh a laghdú trí phróiseas ar a dtugtar teorannú éigeantach ar éileamh. Glactar leis go mbeidh na bearta sin ina mbearta oibriúcháin le linn Staid Éigeandála an chórais seachas rannchuidiú le leordhóthanacht an chórais. Dá dhroim sin, níor tugadh é sin san áireamh leis an staidéar, cé go leanfar de mhonatóireacht a dhéanamh air le haghaidh staidéir amach anseo.

34 Foilsíodh Plean Ullmhachta Riosca d'Éirinn le déanaí, ina dtugtar breac-chuntas ar na bearta sin ag CRU i mí na Bealtaine 2023. CRU_202346_Risk_Preparedness_Plan_May_2023.PDF (divio-media.com)

Agus éileamh á thuar don todhchaí, glacann EirGrid leis go mbeidh próifíl éilimh chothrom ag na hionaid sonraí i rith an lae, agus méadú de réir a chéile ann i rith na bliana ar a n-éileamh tuartha. Chonacthas an méid sin sna sonraí fíor-ama. De thoradh an phróisis sin, tugtar breac-chuntas i dTábla 4.2 ar mhiondealú an éilimh atá réamh-mheasta le teacht ó ionad sonraí agus lód teicneolaíocht nua faoi 2035. I bhFíor 4.1,taispeántar cásanna réamh-mheasta don fhás san earnáil sin. Léirítear sa ghraf an líon tionscadal atá ar conradh faoi láthair (an tógáil uasta agus is féidir ar na conarthaí atá ann faoi láthair) agus na trí chás éilimh (réamh-mheastacháin tógála). Is fiú a thabhairt dá aire ar bhunús na dtreochtaí stairiúla, go nglactar leis i réamhaisnéis ardéilimh EirGrid nach mbainfear úsáid go hiomlán as an éileamh conraithe uile sin amach anseo, agus go mbeidh roinnt laghdaithe i gceist.

**Tábla 4.2 Éileamh Réamh-Mheasta ar Ionaid Sonraí agus ar Theicneolaíocht Nua faoi 2035. Éileamh 959 MVA in 2024**

| An Cás Réamhaisnéisithe | Fás ó 2024 go 2035 (MVA) | Éileamh 2035 (MVA) |
|---|---|---|
| Íseal | 443 | 1402 |
| Airmheán | 911 | 1870 |
| Ard | 1225 | 2183 |




*Fíor 4.1 Éileamh na hÉireann lena bhfuil coinne ó fhorbairt ionad sonraí agus lód teicneolaíochta nua a mheastar a bheidh ann*

### 4.2.4 Leictriú maidir le Teas agus Iompar

Úsáidtear sa réamhaisnéis éilimh i mbliana an líon réamh-mheasta feithiclí leictreacha agus teaschaidéal ó chásanna WEM (Agus Bearta atá Ann Cheana i bhFeidhm) agus WAM (Agus Bearta Breise i bhFeidhm) atá le fáil i Réamh-Mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta SEAI. Sa réamhaisnéis i mbliana, glactar leis sa chás airmheánach go mbeidh 768,000 feithicil leictreach agus 675,000 teaschaidéal in Éirinn sa bhliain 2030, rud atá ag teacht le cás WEM. Is athrú é sin ar réamhaisnéis na bliana seo caite inar glacadh leis na spriocanna ó Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2024. Déantar comparáid i dTábla 4.3 idir na réamh-mheastacháin sin agus na spriocanna do 2030 i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024.


I dTábla 4.4, déantar mionsonrú ar an deighilt idir teaschaidéil iarfheistithe agus nuathógtha chomh maith le líon réamh-mheasta na bhfeithiclí leictreacha faoi 2030. Sa líon iomlán teaschaidéal glactar leis go suiteáiltear teaschaidéal nua (300,000 faoi 2030) i ngach ceann de na tithe nua a thógfar faoi Chreat Pleanála Náisiúnta an Rialtais, agus go mbainfear amach an líon teaschaidéal iarfheistithe laistigh de chás WEM. Glactar sa chás íseal le cur chuige samhaltaithe na bliana seo caite sa mhéid go nglactar le 75% d'fheithiclí leictreacha agus teaschaidéil iarfheistithe den chás airmheánach. Tá an líon teaschaidéal nuathógtha laistigh den chás íseal ag teacht leis an bhfás a ghlactar leis ar an stoc tithíochta nua- má ghlactar le 35,000 in aghaidh na bliana. Leanann an cás ard treocht chomhchosúil leis an gcás airmheánach ag cur an líon teaschaidéal nuathógtha leis an líon tithe nuathógtha, mar sin féin glactar leis go mbeidh comhéifeacht feidhmíochta níos ísle ann le haghaidh na n-aonad sin. Beidh an cás WAM níos uaillmhianaí mar an bunús don líon teaschaidéal iarfheistithe chomh maith leis an líon réamh-mheasta aonad sa fhlít feithiclí leictreacha.

**Tábla 4.3 Réamh-mheastacháin do EV agus HP faoi 2030 ó Chás WEM de chuid SEAI i gCás Airmheánach in aghaidh Spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024**

| Bliain: 2030 | | WEM (Cás Airmheánach) | An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 |
|---|---|---|---|
| Feithiclí Leictreacha | | 768,000 | 927,000 |
| Caidéil Teasa | Iarfheistithe | 240,000 | 400,000 |
| | Nuathógtha | 426,000 | 280,000 |
| | Tráchtála | 9,100 | 50,000 |

**Tábla 4.4 Na Príomhdhifríochtaí sna Toimhdí maidir leis an Riachtanas Leictreachais Iomlán Íseal, Airmheánach agus Ard faoi 2030**

| | Caidéil Teasa Iarfheistithe | Caidéil Teasa Nuathógtha | Feithiclí Leictreacha |
|---|---|---|---|
| Íseal | 75% WEM SEAI | Treochtaí Reatha Tithíochta c. 35k/bliain | 75% WEM SEAI |
| Airmheán | SEAI WEM (240k) | Spriocanna Tithíochta an Rialtais (c. 50k/bliain) + An méid atá ann faoi láthair (126k) | SEAI WEM (768k) |
| High | WAM SEAI (362k) | Spriocanna Tithíochta an Rialtais (c. 50k/bliain) + COP níos ísle | WAM SEAI (920k) |




*Fíor 4.2 Éileamh ar fhuinneamh leictreach ó Fheithiclí Leictreacha & Teaschaidéil – cás airmheánach*

Tá coinne leis go dtiocfaidh fás suntasach ar an éileamh ar leictreachas sna deich mbliana amach romhainn agus daoine ag imeacht ó fheithiclí traidisiúnta ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh i dtreo feithiclí leictreacha. Táthar ag réamh-mheas go dtiocfaidh mórchuid an éilimh sin ó fheithiclí paisinéirí, go háirithe ó Fheithiclí Leictreacha Ceallra (BEVnna). Tá príomhbheartais Rialtais taobh thiar den ghlacadh méadaithe ar fheithiclí leictreacha amhail spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide d'Éirinn.


Ar an gcaoi chéanna, tá coinne leis go bhfreagróidh an earnáil chónaitheach do mhóramh an éilimh ar théamh leictrithe trí theaschaidéil a shuiteáil, de réir mar a chuirfear teaschaidéil nua-aimseartha in ionad modhanna traidisiúnta an téimh baile. Bainfear amach an t-éileamh leictrithe téimh chónaithe leis an nglacadh ar theaschaidéil chónaithe, arna roinnt idir tógáil nua agus iarfheistiú mar a thaispeántar i bhFíor 4.2. Táthar ag tuar go soláthróidh teaschaidéil 7% de riachtanas leictreachais iomlán na hÉireann faoi 2035, suas ó 2% faoi láthair.

### 4.2.5 Ceartú Teochta

Téann an teocht i bhfeidhm go suntasach ar an éileamh ar leictreachas, go háirithe ar an mbuaic-éileamh. Go hiondúil, tagann méadú tuairim is 40 MW ó gach titim 1°C ar an teocht.[35]. Bé sin le sonrú go mór thar an dá gheimhreadh chrua in 2010 agus 2011, nuair a tháinig laghdú as cuimse ar theochtaí, agus nuair a tháinig méadú ar an éileamh chuig leibhéil nach bhfacthas riamh roimhe sin. Le ceartú do Mheántréimhse Fhuar (MTF), úsáidtear sonraí aeráide ó na 25 bliain seo caite, agus beidh an iarmhairt aige buaiceanna stairiúla a 'leathadh amach', rud a bhaineann tionchar na dteochtaí agus a chumasaíonn nochtadh na dtreochtaí bunúsacha. Cuirtear ceartú teochta i bhfeidhm freisin ar an éileamh bliantúil stairiúil ar fhuinneamh le modheolaíocht na laethanta teochta[36]. Déantar ceartú teochta síos ar bhuaicéileamh geimhridh 2024, ó 6,024 MV go dtí 5,912 MV ós rud é go raibh an teocht ar lá an bhuaicéilimh (an 8 Eanáir) níos fuaire ná an teocht ACS – féach Fíor 4.3 don treocht stairiúil sna buaiceanna arna gceartú do theochtaí go dtí seo. Níl tionchar na teochta ar éileamh bliantúil fuinnimh chomh dona céanna i gcomparáid leis an mbuaicéileamh.

Cé gurb éard is aidhm don anailís stairiúil tionchar na dteochtaí athraitheacha a bhaint, is den tábhacht é go gcuirfí an toisc athraitheach sin san áireamh agus an buaicéileamh amach anseo á réamhaisnéisiú. Tá líon 36 bliain de shonraí aeráide ó réamhaisnéis shintéiseach d'Éirinn curtha san áireamh in Uirlis Réamhaisnéisithe Éilimh (DFT) de chuid ENTSO-E, agus gach ceann ag freagairt do chás aimsire ar leith ina bhfeictear saintréithe d'athraithigh amhail luas na gaoithe, teocht, agus ionradantas gréine. Gintear Réamhaisnéisí ENTSO-E bunaithe ar gach cás aimsire réamhaisnéisithe, agus glactar meán díobh siúd mar an cás airmheánach. Tugtar na torthaí do mheándálaí aeráide san áireamh sna cásanna arda agus ísle, mar sin féin déantar paraiméadair ionchur, amhail fás eacnamaíoch, éileamh NTL, agus tógáil teaschaidéal agus feithiclí leictreacha a athrú chun na cásanna sin a léiriú.

35 https://cms.eirgrid.ie/sites/default/files/publications/EirGrid-Winter-Outlook-2024-25.pdf
36 https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Heating_and_cooling_degree_days_-_statistics




*Fíor 4.3 Buaicéileamh Stairiúil Taifeadta agus Ceartaithe do Theochtaí*

### 4.2.6 Solúbthacht an Éilimh

Is toisc chriticiúil iad bearta ar thaobh an éilimh chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a rannchuideoidh tomhaltóirí leictreachais leis an mbuaicéileamh amach anseo. I mí Iúil 2024, d'fhoilsigh CRU a Straitéis Náisiúnta maidir le hÉileamh ar Fhuinneamh (NEDS) ina sainaithnítear na céimeanna iomchuí chun spriocanna solúbthachta éilimh an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a sholáthar[37]. Déantar an tsolúbthacht ó fheithiclí leictreacha agus méadair chliste a mheas mar chuid den phróiseas réamhaisnéisithe agus an t-éileamh á shamhaltú, agus is roghanna solúbthachta iad aonaid stórais agus aonaid an éilimh a mheastar mar acmhainní ar thaobh an tsoláthair. Déanfar faireachán ar bheartais amach anseo chun tuiscint a fháil ar an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith acu chun ionchas solúbthachta éilimh a chur chun cinn, go háirithe an chaoi a n-athraíonn an earnáil chun sprioc CAP 2024 Rialtas na hÉireann a chomhlíonadh, is é sin suas le 30% d'éileamh solúbtha a bhaint amach faoi 2030.

Le haghaidh na réamhaisnéise seo, is den ríthábhacht é na seirbhísí agus dreasachtaí solúbthachta ar thaobh an éilimh a d'fhéadfaí a sholáthar le méadair chliste a chur san áireamh, ós rud é go mbeidh tionchar ag an méid sin ar réamhaisnéisí amach anseo i ndáil le bhuaicéileamh ar leictreachas. Glacann EirGrid leis, bunaithe ar shonraí NGESO[38] a úsáidtear i bhfoilseachán NEDS de chuid CRU, gur féidir le méadair chliste cuidiú faoi 2030 an buaicéileamh ar leictreachas a laghdú 12% le haghaidh úsáideoirí baile. Tá sé sin nasctha leis an nglacadh le Taraifí Ama Úsáide, a nglactar leis go dtiocfaidh fás líneach air agus rolladh amach na méadar cliste ag leanúint ar aghaidh

37 https://cruie-live-96ca64acab2247eca8a850a7e54b-5b34f62.divio-media.com/documents/NEDS_Decision_Paper_and_Annex.pdf
38 https://www.neso.energy/document/230236/download

faoi Chlár Náisiúnta ESBN um Méadrú Cliste[39]. Tá an tsolúbthacht éilimh sin curtha san áireamh leis na réamhaisnéisí, agus glactar leis go mbeidh na dreasachtaí iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú go dtarlóidh sé sin, beidh toilleadh breise de dhíth murab amhlaidh.

I dteannta iompraíocht atá ann cheana a athrú san éileamh cónaitheach ar leictreachas, glactar leis go dtabharfar solúbthacht le luchtú feithiclí leictreacha freisin le tréimhsí buaicéilimh thar thréimhse an staidéir a chosc. D'fhéadfadh teicneolaíocht na luchtairí feithiclí cuidiú chun an t-éileamh ar an gcóras leictreachais agus ar mhargaí leictreachais ó fheithiclí leictreacha a íoslaghdú. Glactar leis go dtiocfaidh athrú de réir a chéile ar theicneolaíocht luchtairí ó luchtairí simplí agus patrúin atá ar fáil go flúirseach an lá inniu ann, chuig luchtairí cliste ina mbeidh gnéithe amhail amanna tosaigh luchtaithe in-ríomhchláraithe chuig teicneolaíocht níos cliste luchtaithe lena mbarrfheabhsaítear luchtú feithiclí i gcomhréir le comharthaí dinimiciúla praghsanna leictreachais. Glactar leis go bhfuil na beartais agus dreasachtaí iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfíoraítear teicneolaíocht chliste luchtaithe feithiclí, beidh toilleadh breise de dhíth murab amhlaidh.


Mar a luaitear i Roinn 4.2.33, aithnítear láithreáin éilimh sholúbtha mar bheart éigeandála chun foláirimh chórais a chosc. Glactar leis gur bearta oibríochtúla iad na bearta sin le linn Staid Éigeandála córais seachas cur le leordhóthanacht an chórais, agus dá réir sin níl siad san áireamh sa staidéar seo.

Léirítear i bhFíor 4.4 meánéifeacht na seirbhísí agus dreasachtaí solúbthachta éilimh ar éileamh cónaithe agus ar luchtú feithiclí leictreacha ar lá an bhuaicéilimh thuartha[40] in 2030 sa chás airmheánach. Is é is éifeacht do chur chun feidhme seirbhísí agus dreasachtaí solúbthachta éilimh laghdú thart ar 420 MW a dhéanamh ar an mbuaicéileamh. Ionchorpraíodh an éifeacht shuntasach sin sna ríomhanna buaicéilimh deiridh.


Léirítear i bhFíor 4.5 tionchar na seirbhísí solúbthachta éilimh agus na ndreasachtaí ar an gcás airmheánach le linn thréimhse an staidéir. Méadaíonn rannchuidiú an éilimh chónaithe de réir a chéile go dtí 2030 de réir mar a ionchorpraítear na seirbhísí agus na dreasachtaí chun laghdú 12 % an bhuaicéilimh a sholáthar do chustaiméirí a bhaineann úsáid as taraif ama úsáide. Fásann an tionchar a bhíonn ag luchtú solúbtha feithiclí leictreacha go suntasach le linn thréimhse an staidéir de réir mar a mhéadaítear líon na bhfeithiclí leictreacha, agus ionchorpraítear rolladh amach seirbhísí agus dreasachtaí chun luchtú solúbtha a chur chun cinn.

39 https://www.esbnetworks.ie/services/manage-my-meter/about-smart-meters?https://www.esbnetworks.ie/services/manage-my-meter/about-smart-meters&gclsrc=aw.ds&gad_source=1&gad_campaignid=13801609574&gbraid=0AAAAADg-OV6wboic1EZh-JSkeKqj5OLiy&gclid=CjwKCAjwwNbEBhBpEiwAFYLtGF_pdZn78fv9yJC5rpi74ZEEXFzTBi1Ad3Q7Xq7RvTB7VG__hY9UyxoCkr4QAvD_BwE

40 Is é buaiclá na réamhaisnéise an lá a mheastar a tharlóidh an t-éileamh uasta bliantúil ar leictreachas. Tarlaíonn buaiclaethanta de ghnáth le linn tréimhsí aimsire fuara agus solas an lae laghdaithe de réir mar a thomhlaíonn daoine níos mó fuinnimh chun téamh agus soilsiú a chumhachtú i.e. am geimhridh. Tugtar faoi deara i Roinn 4.1 buaiclá 2024 na hÉireann mar an 8 Eanáir.




*Fíor 4.4 Tionchar na solúbthachta éilimh ar bhuaiclá 2030 (cás airmheánach)*




*Fíor 4.5 Tionchar na solúbthachta éilimh i gcás airmheánach le linn thréimhse an staidéir*

### 4.2.7 Caillteanais Bhliantúla

Bíonn caillteanais eangaí leictrí ann i gcónaí mar thoradh ar leictreachas a iompar ón ngineadóir chuig an gcustaiméir. Bunaithe ar an gcomparáid idir díolacháin stairiúla le fuinneamh onnmhairithe le linn na tréimhse 2015 go 2024, meastar, ar an meán, go gcailltear thart ar 7-8% den chumhacht a tháirgtear de réir mar a théann sí trí na córais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais chuig tithe agus gnólachtaí.

### 4.2.8 Riachtanas Leictreachais Iomlán (TER)

Áirítear leis an gCeanglas Leictreachais Iomlán (TER) suim an éilimh ar leictreachas le haghaidh na n-earnálacha iompair cónaithe, treasacha, tionsclaíocha agus atá ag fás. Cuimsíonn an earnáil threasach gníomhaíochtaí tráchtála amhail miondíol, oifig agus seirbhísí. Áirítear le TER freisin féintomhaltas, a shainmhínítear mar éileamh ar leictreachas a bhfreastalaítear air le giniúint taobh thiar den mhéadar agus lena n-áirítear giniúint leabaithe.

Tugann na cásanna ísle, airmheánacha agus arda léargas cuí ar raon na méaduithe éilimh a d'fhéadfadh a bheith i ndán d'Éirinn. Léirítear na torthaí i bh*Fíor 4.6* thíos. Sa chás airmheánach, atá comhdhéanta go páirteach de na sonraí i d*Tábla 4.5*, feictear laghdú beag ar fhuinneamh réamhaisnéise, amach go 2030, i gcomparáid le MUOLA 2025-2034 na bliana seo caite. Is é is cúis leis sin go príomha fás moillithe in earnáil NTL, mar a shonraítear i *Roinn 4.2.33*, mar aon leis an athbhreithniú anuas ar an líon feithiclí leictreacha agus HPanna réamh-mheasta agus cás WEM SEAI mar bhonn tuisceana. Laghdaítear an méadú réamh-mheasta ar an éileamh ón stoc tithíochta nuashonraithe go páirteach trí fheabhsuithe éifeachtúlachta a bhfuiltear ag súil leo ó Threoir an Aontais maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[41]. Leis na gnóthachain atá ann cheana ó shoilsiú agus ó fhearais atá tíosach ar fhuinneamh, laghdaítear glantionchar an fháis tithíochta ar an éileamh ar leictreachas cónaithe.

Méadaíonn an réamhaisnéis airmheánach ó 2030 ar aghaidh i gcomhréir leis an bhfás ar éileamh NTL chomh maith le leictriú leanúnach teasa agus iompair. Laistigh den réamhaisnéis tá bearta laghdaithe fuinnimh ag teacht ó ghnóthachain éifeachtúlachta a bhfuiltear ag súil leo agus ó thionchair an mhéadraithe chliste.

Sa bhreis ar réamh-mheastacháin EV agus HP SEAI, áirítear i réamhaisnéis na bliana seo freisin an t-éileamh ar Theas Tionsclaíoch ó Réamh-mheastacháin Náisiúnta Fuinnimh 2024[42]. Ar leithligh ó ualach teaschaidéil tráchtála, gabhann teas tionsclaíoch leictriú toimhdithe maidir le teaschaidéal tionsclaíoch, coirí, oighinn, triomadóirí agus áitheanna. Áirítear an réamhaisnéis i ngach ceann de na trí chás seo a leanas: íseal, meánach agus ard.


Bíonn tionchar ag na tosca céanna a shonraítear thuas ar réamhaisnéis an cháis ísil le haghaidh an cháis airmheánaigh. Rinneadh é a athbhreithniú suas ar réamhaisnéis na bliana seo caite mar gheall ar mhéadú ar chás íseal NTL. Is é is cúis leis an méadú sin go raibh éileamh iarbhír NTL le haghaidh 2024 níos airde ná mar a tuaradh i gcás íseal NTL MUOLA 2025-2034 na bliana seo caite agus gur méadaíodh é dá bharr sin le haghaidh staidéar na bliana seo.

Mar is amhlaidh i ndáil leis na gcásanna airmheánacha, tá an t-éileamh ard ar chásanna laghdaithe ar réamh-mheastachán na bliana seo caite don chéad leath den

41 [An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh](#)
42 https://www.seai.ie/sites/default/files/publications/National-Energy-Projections-Report-2024.pdf

réamhaisnéis mar gheall ar an laghdú ar réamhaisnéis cásanna ard NTL. De réir mar a théann tréimhse an staidéir chun cinn tar éis 2030, tosaíonn an difríocht sin ag laghdú de réir mar a thosaíonn na réamh-mheastacháin eacnamaíocha níos ísle agus na gnóthachain éifeachtúlachta feabhsaithe ag teacht i bhfeidhm.

Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an éileamh, arna spreagadh go príomha ag lárionaid sonraí agus ag Ualaí Nua Teicneolaíochta sa ghearrthéarma (ag tacú le digitiú na ngeilleagar ar fud an Aontais agus i gcomhréir le beartas an Rialtais[43]), agus go mbeidh leictriú teasa agus iompair ina thoisc níos suntasaí i dtreo dheireadh na ndeich mbliana. Sa chás airmheánach, meastar go dtiocfaidh méadú 40% ar an éileamh ar leictreachas faoi 2035 i gcoibhneas le leibhéil 2024.




*Fíor 4.6 Réamhaisnéis an Cheanglais Leictreachais Iomláin d'Éirinn*

43 https://assets.gov.ie/static/documents/programme-for-Government-securing-irelands-future.pdf


Léirítear i dTábla 4.5 na príomhdhifríochtaí sna toimhdí i ndáil leis an riachtanas leictreachais iomlán ag an ráta íseal, airmheánach agus ard sna cásanna réamhaisnéise a léirítear thuas.

**Tábla 4.5 Na Príomhdhifríochtaí sna Toimhdí maidir leis an Riachtanas Leictreachais Iomlán Íseal, Airmheánach agus Ard faoi 2030**

| | | Íseal | Airmheán | Ard |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht | | Bunaithe ar Réamh-mheastacháin Mhacra-Eacnamaíochta ó ESRI | Spriocanna Tithíochta an Rialtais bainte amach (c. 50k teach in aghaidh na bliana) | Spriocanna Tithíochta Rialtais + Gnóthachan Éifeachtúlachta Laghdaithe |
| Caidéil Teasa | Iarfheistithe | 75% WEM SEAI | SEAI WEM (240k) | WAM SEAI (362k) |
| | Struchtúir Nua-thógtha | Treochtaí Reatha Tithíochta (c. 35k/ bliain) | Spriocanna Tithíochta an Rialtais (c. 50k/ bliain) + An méid atá ann faoi láthair (126k) | Spriocanna Tithíochta an Rialtais (c. 50k/bliain) + COP níos ísle |
| Feithiclí Leictreacha | | 75% WEM SEAI | SEAI WEM (768k) | WAM SEAI (920k) |
| Lárionad sonraí agus Lóid Teicneolaíochta Nua | | Méadú Íseal | Méadú Airmheánach | Méadú Ard |
| Fás Eacnamaíoch | | 75 % Réamh-mheastachán Eacnamaíoch ESRI | 100 % Réamh-mheastachán Eacnamaíoch ESRI | 110 % Réamh-mheastachán Eacnamaíoch ESRI |
| Teas Tionsclaíoch | | 75% Cás WEM Réamh-mheastacháin Náisiúnta Fuinnimh SEAI 2024 | Cás WEM Réamh-mheastacháin Fuinnimh Náisiúnta SEAI 2024 | 110% Cás WEM Réamh-mheastacháin Náisiúnta Fuinnimh SEAI 2024 |


I bhFíor 4.7, léirítear miondealú na dtorthaí ar fud earnálacha éagsúla sa chás airmheánach. Meastar go bhfásfaidh éileamh na hearnála cónaithe (gan feithiclí leictreacha agus teaschaidéil a áireamh) go mall thar thréimhse an staidéir toisc go laghdaítear an méadú ar stoc tithíochta agus ar fhás sa gheilleagar go páirteach le bearta laghdaithe fuinnimh amhail méadair chliste agus gnóthachain éifeachtúlachta. Tá an earnáil tráchtála agus thionsclaíoch (gan lárionaid sonraí agus ualaí teicneolaíochta nua a áireamh), lena ngabhtar an t-éileamh ar théamh tionsclaíoch, fós sách comhsheasmhach le linn na ndeich mbliana.

Tagann an fás is mó ó lárionaid sonraí agus ó lód teicneolaíochta nua chomh maith le glacadh méadaithe feithiclí leictreacha agus teaschaidéal, go háirithe níos déanaí sna deich mbliana (32 % den fhás a thuartar in 2030). Tá sé suntasach freisin go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh 32 % den éileamh leictreachais uile ó lárionaid sonraí agus ó ualaí teicneolaíochta nua faoi 2030.




*Fíor 4.7 Miondealú earnála ar an meánéileamh in Éirinn maidir le Riachtanas Iomlán treachais*

Meastar cion an éilimh airmheánaigh le haghaidh gach earnála le haghaidh 2026 agus 2035 mar a leanas:





*Fíor 4.8 Rannchuidiú earnála le hIdirthréimhse na hÉireann in 2026 & 2035*

### 4.2.9 Buaicéileamh

Leis an tsamhail buaicéilimh, déantar earnálacha éilimh a dheighilt chun iompraíocht éagsúil tomhaltóirí a léiriú. Is príomhionchuir iad aschuir na samhla seo leis na méideanna a shocraítear laistigh den Sásra um Íocaíocht Toillte (CRM) gach bliain. Baineann an buaic-éileamh traidisiúnta, atá comhdhéanta de thomhaltas cónaithe, tráchtála agus tionsclaíoch, úsáid as an ngaol stairiúil idir tomhaltas bliantúil leictreachais agus buaic-éileamh an gheimhridh. Tugtar cuntas ar chaillteanais agus ar fhéintomhaltas laistigh den réamhaisnéis seo. Déantar réimsí fáis nua amhail leictriú teasa agus iompair, chomh maith le lárionaid sonraí agus ualaí teicneolaíochta nua a thuar ar leithligh. Tá buaicéileamh feithiclí leictreacha bunaithe ar an bhfuinneamh iomlán a theastaíonn ó fheithiclí leictreacha, agus ar an bpróifíl luchtaithe a nglactar leis go leanfaidh úinéirí feithiclí leictreacha í. Tá glacadh an luchtaithe chliste, arna shamhaltú laistigh de DFT, ina phríomhthoisc chun éifeacht feithiclí leictreacha ar bhuaicéileamh a laghdú (Fíor 4.12).

Cuirfidh teaschaidéil, i suíomhanna cónaithe agus tráchtála araon, le sciar níos mó den bhuaicéileamh de réir mar a théann Éire ar aghaidh chuig deireadh ár dtréimhse staidéir. Faoi láthair, is ionann earnáil na dteaschaidéal agus thart ar 3% den bhuaicéileamh, agus meastar go bhfásfaidh an earnáil sin go 10% faoi 2035. Mar thoradh ar dhul chun cinn i dteicneolaíocht teaschaidéil, lena n-áirítear COP éifeachtúlachta feabhsaithe agus straitéisí úsáide níos cliste, beidh éileamh níos ísle amach anseo i gcomparáid le réamhaisnéisí bunaithe ar phatrúin úsáide reatha. Ar deireadh, mar a phléitear i Roinn 4.2.33, glactar leis go bhfuil ualach an lárionaid sonraí comhsheasmhach i rith an lae le méadú de réir a chéile i rith na bliana chuig a n-éileamh réamh-mheasta.I bhFíor 4.9, déantar mionsonrú ar rannchuidithe céatadáin gach earnála i dtreo buaicéilimh fhoriomláin in 2026 agus 2035.





*Fíor 4.9 Rannchuidiú earnála le buaicéileamh na hÉireann in 2026 & 2035*

Léirítear an bhuaic-réamhaisnéis fhoriomlán i bhFíor 4.10. Sa chás airmheánach, tuartar go dtiocfaidh méadú 19% ar an mbuaicéileamh faoi 2035 ó leibhéil 2024. Le blianta beaga anuas, tá fás níos moille tagtha ar na hearnálacha cónaithe agus tráchtála, agus is dócha gurb iad praghsanna fuinnimh agus tosca eacnamaíocha is cúis leis sin. Mar is amhlaidh leis an réamhaisnéis fuinnimh, bhí tionchar aige sin ar an mbuaic-réamhaisnéis ghearrthéarmach. Ag breathnú chun cinn thar thréimhse an staidéir, feictear fás láidir, arna spreagadh go príomha ag an bhfás san Ionad Sonraí agus ag an Ualach Teicneolaíochta Nua[44] mar aon le leictriú teasa agus iompair.

Rinneadh na réamh-mheastacháin tithíochta ón gCreat Náisiúnta Pleanála agus na gnóthachain éifeachtúlachta ón Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh a ionchorprú freisin i réamhaisnéis na bliana seo agus bíonn tionchar acu ar fhás thar thréimhse an staidéir i ngach ceann de na trí chás.

Tá na cásanna Íseal, Airmheánach agus Ard bunaithe go príomha ar thoimhdí a shonraítear i dTábla 4.5 thuas. Cuireann treochtaí bunúsacha amhail tomhaltas intíre, spriocanna éifeachtúlachta toimhdithe, agus glacadh taraifí cliste a thuilleadh leis an éagsúlacht i ngach ceann de na réamhaisnéisí cáis a léirítear i bhFíor 4.10.




*Fíor 4.10 Réamhaisnéis ar bhuaic-tharchuir d'Éirinn*


44 Mar a thugtar faoi deara i roinn 4.2.3, tuartar aon fhás ar éileamh ó lárionaid sonraí agus ó ualaí teicneolaíochta nua ar bhonn a n-éilimh chonarthaigh agus ó shuíomhanna a conraíodh roimh threoir CRU CRU/21/124.

### 4.2.10 Cruth an Éilimh


Go stairiúil, bhí an phróifíl ualaigh in aghaidh na huaire réasúnta comhsheasmhach, agus intuartha i rith na bliana. De réir mar a fhorbraíonn earnáil an fhuinnimh, tá teicneolaíochtaí nua, tionscail agus iompraíocht tomhaltóirí ag athrú an chaoi a n-ídítear cumhacht. Is díol spéise agus tionchair ar leith é glacadh leanúnach feithiclí leictreacha agus teaschaidéal. Le méideanna móra de na teicneolaíochtaí nua sin, beidh tionchar suntasach ag iompraíocht tomhaltóirí ar an bpróifíl éilimh laethúil. Éascaíonn Uirlis Réamhaisnéise Éilimh (DFT) ENTSOE samhaltú na lódphróifílí teicneolaíochta nua sin. Beidh iompar tomhaltóirí ina bhreithniú tábhachtach chun na teicneolaíochtaí nua sin a shamhaltú de réir mar a éiríonn na hearnálacha sin níos seanbhunaithe.

Táirgeann an DFT cruth éilimh laethúil réamhaisnéise nua i gcomparáid leis an méid a measadh roimhe seo mar an cruth traidisiúnta. Sa chás go raibh ardú ualaigh ar maidin agus tráthnóna go traidisiúnta, thart ar 7-9am agus 5-7pm faoi seach, tosaíonn an phróifíl réamhaisnéise ag méadú de réir a chéile ar an éileamh go luath ar maidin. Is é is cúis leis an athrú sin ar an éileamh in aghaidh na huaire go príomha an líon réamh-mheasta feithiclí leictreacha a ghlacann an phróifíl luchtaithe i bPlean Forbartha Líonra Deich mBliana ENTSOE (TYNDP) 2022[45], lena moltar luchtú istoíche feithiclí leictreacha i.e. úinéirí feithiclí leictreacha a dhéanann a bhfeithiclí a sceidealú chun tosú ag luchtú ag amanna ar uaireanta 'seachbhuaice' iad go traidisiúnta. Glactar leis an aistriú sin chuig luchtú níos cliste i gcás gach ceann de na ceithre chineál feithicle: hibridí inluchtaithe paisinéirí, feithiclí ceallra-leictreacha paisinéirí, feithiclí tráchtála éadroma ceallra-leictreacha (BEV LCV), agus busanna ceallra-leictreacha, a thaispeántar i bhFíor 4.12. Cuireann glacadh leanúnach teaschaidéal, a fheiceann buaicúsáid le linn uaireanta maidine, leis an méadú de réir a chéile ar an éileamh le linn na coda níos luaithe den lá.

45 https://2022.entsos-tyndp-scenarios.eu/wp-content/uploads/2022/04/TYNDP_2022_Scenario_Building_Guidelines_Version_April_2022.pdf




*Fíor 4.11 Cruth éilimh in aghaidh na huaire a thuar in Éirinn*




*Fíor 4.12 Próifílí luchtaithe feithiclí leictreacha*

## 4.3 Réamhaisnéis an Éilimh do Thuaisceart Éireann

### 4.3.1 Modheolaíocht

Is samhail chúlchéimnithe línigh ilbhliana í an tsamhail réamhaisnéise leictreachais ina mbreathnaítear ar threochtaí reatha i réimsí amhail díolacháin fuinnimh agus paraiméadair eacnamaíocha chun an t-éileamh ar leictreachas a thuar amach anseo. Tugtar aird ar leith ar éifeachtaí na mbeart éifeachtúlachta fuinnimh; ualaí teicneolaíochta nua chomh maith le leictriú teasa agus iompair. Táirgtear raon difríochta réamhaisnéisí leictreachais, lena gcumhdaítear na deich mbliana amach romhainn.

Foilsíodh an Straitéis Fuinnimh is déanaí ó Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann – *The Path to Net Zero Energy* i mí na Nollag 2021. Leagtar amach ann treochlár go dtí 2030 arb é is aidhm dó laghdú 56% ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh a bhaint amach, ar an mbealach chun fís 2050 maidir le carbón glan-nialasach a bhaint amach[46].

Achtaíodh an tAcht um Athrú Aeráide (Tuaisceart Éireann) 2022 i mí an Mheithimh 2022. Áirítear ar phríomhghnéithe na reachtaíochta sin sprioc maidir le laghdú 100% ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 2050, buiséid charbóin a shocrú, pleananna earnála le haghaidh spriocanna laghdaithe astaíochtaí agus beartais agus nósanna imeachta chun spriocanna agus buiséid charbóin a bhrú chun cinn. Chomhaontaigh Tionól Thuaisceart Éireann[47] na chéad trí bhuiséad carbóin i mí na Nollag 2024 agus cumhdaíonn siad na blianta 2023 go 2037. Táthar ag súil go dtáirgfidh an Roinn Talmhaíochta, Comhshaoil agus Gnóthaí Tuaithe (DAERA) sraith tuarascálacha eatramhacha agus deiridh ina leagfar amach an dul chun cinn atá déanta i gcoinne bhuiséid charbóin agus spriocanna astaíochtaí Thuaisceart Éireann.

Ag eascairt as an Straitéis Fuinnimh nua, d'fhoilsigh an Roinn Geilleagair (DfE) *The Path to Net Zero – Action Plan* 2022, 2023, 2024 agus 2025. Tá Plean Gníomhaíochta 2025[48] ina dhlúthchuid den straitéis fuinnimh fhoriomlán a chur i gcrích. Tabharfaidh an Rialtas agus na comhpháirtithe na gníomhaíochtaí sin ar aghaidh le linn 2025.

Trína shaineolas teicniúil agus a shonraí teicniúla, tá SONI ag tacú le Straitéis Fuinnimh Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Léirítear sa Straitéis Fuinnimh go bhfuil méadú tagtha ar an éileamh ar leictreachas ó na hearnálacha teasa agus iompair mar chuid dá príomhbheartais:

*"Tá sásraí nua de dhíth orainn chun leanúint de sholáthar leictreachais slán a sholáthar agus chun a áirithiú go mbeidh sé ag teacht níos fearr leis na héilimh níos airde agus athraitheacha ó leictriú teasa agus iompair."*

D'fhorbair SONI trí chás mhalartacha chun an leibhéal éiginnteachta amach anseo a léiriú agus meastachán ar an éileamh ar leictreachas á dhíorthú aige. Comhcheanglaíonn na cásanna sin raon tosca lena n-áirítear eacnamaíocht, lárionad sonraí agus fás ualaigh teicneolaíochta nua, éifeachtúlacht fuinnimh, chomh maith le leictriú teasa agus iompair, chun go bhféadfar réamhaisnéisí ísealéilimh, airmheánacha agus ardéilimh a fhoirmliú do Thuaisceart Éireann. Cuirtear na réamhaisnéisí sin isteach ansin i samhail réamhaisnéise leictreachais ar a dtugtar

46 Straitéis 'The Path to Net Zero Energy'
47 Na Rialacháin um an Athrú Aeráide (Buiséad Carbóin 2023-2037) (Tuaisceart Éireann) 2024
48 Plean Gnímh 'The Path to Net Zero Energy'

an Uirlis Réamhaisnéise Éilimh (DFT) arna táirgeadh ag ENTSO-E.

Déantar éifeachtaí na hinathraitheachta aeráide a shamhaltú trí úsáid a bhaint as 36 cás aimsire a ionchorpraítear in DFT. Léiríonn gach cás aimsire réamhaisnéis shintéiseach ar leith do athróga aeráide amhail luas na gaoithe, teocht agus radaíocht na gréine. Cuirtear ionchur airmheánach éilimh Thuaisceart Éireann san áireamh sa DFT a tháirgeann réamhaisnéis aschuir do gach cás aimsire. Chun toradh deiridh a tháirgeadh, glacann SONI an meán-aschur thar gach ceann de na sé chás aimsire is tríocha. Déantar an próiseas seo arís agus arís eile le haghaidh na n-ionchur éilimh íseal agus ard.

Áirítear sa réamhaisnéis airmheánach ar éileamh toimhdí maidir le leictriú teasa agus iompair, éifeachtúlacht fuinnimh amach anseo sa chóras leictreachais, feidhmchláir atá ann cheana chuig Foireann Nasc SONI le haghaidh lárionaid sonraí nua, mar aon le fachtóir lárnach ráta fáis eacnamaíoch a chur i bhfeidhm. Is é seo ár meastachán is fearr ar cad a d'fhéadfadh tarlú sa todhchaí.

Áirítear sa réamhaisnéis maidir le héileamh íseal leibhéil níos ísle leictrithe teasa agus iompair, leibhéil níos airde éifeachtúlachta fuinnimh, toimhde nach mbeidh aon ualach nua ann do lárionaid sonraí thar an tréimhse réamhaisnéise agus an toisc eacnamaíoch dhoirbh atá á cur i bhfeidhm. Os a choinne sin, áirítear sa réamhaisnéis maidir le héileamh ard leibhéil níos airde leictrithe teasa agus iompair, leibhéil níos ísle éifeachtúlachta fuinnimh, ualach breise ó lárionaid sonraí ná mar a mheastar sa chás airmheánach agus an fachtóir eacnamaíoch níos dóchasaí atá á chur i bhfeidhm.

### 4.3.2 Réamhaisnéis Eacnamaíoch

Déantar réamhaisnéis an Riachtanais Leictreachais Iomláin (TER) ag tagairt do pharaiméadair eacnamaíocha, Oll-Bhreisluach (GVA) go príomha. Tá réamhaisnéis eacnamaíoch deich mbliana faighte ag SONI ó Oxford Economics chun sonraí a sholáthar don staidéar.

### 4.3.3 Ionaid Sonraí Lód Teicneolaíochta Nua

Faoi láthair, níl aon lárionaid sonraí ná aon mhórúsáideoirí fuinnimh nasctha le córas tarchurtha Thuaisceart Éireann; dá bhrí sin, ní chuirtear san áireamh sna cásanna maidir le héileamh íseal, airmheánach agus ard ach na hiarratais atá ann cheana chuig Foireann Nasc SONI agus fás á thuar san ionad sonraí agus san earnáil lóid teicneolaíochta nua. Mar sin féin, tar éis 'Treochlár Ríomhaireachta' Rialtas na Ríochta Aontaithe a fhoilsiú lena ndírítear ar 'Bonneagar IS ceannródaíoch a fhorbairt: Criosanna Fáis IS (AIGZanna)',[49] bheimis ag súil le fás sa réimse sin.


Foilsíodh an Treochlár Ríomha i lár mhí Iúil 2025. Tharla sé sin tar éis an reo sonraí a chur chun feidhme le haghaidh na tuarascála sin i mí an Mheithimh 2025. Dá bhrí sin, ní chuirtear a éifeachtaí san áireamh san anailís seo ach measfar iad a bheith iomchuí d'aon fhoilseacháin amach anseo.

Chun tionchar na n-iarratas ó lárionaid sonraí atá ag iarraidh nascadh i dTuaisceart Éireann a ghabháil, tá na réamhaisnéisí éilimh bunaithe ag SONI ar chásanna éagsúla tógála. Glactar leis nach mbeidh aon ualach lárionaid sonraí sa chás ina bhfuil éileamh íseal. Áirítear sa chás airmheánach éilimh meastachán réalaíoch ar ualach nua lárionaid sonraí sa phróiseas nasctha i láthair na huaire. Ina theannta sin,

49 Treochlár Ríomhaireachta na Ríochta Aontaithe - GOV.UK

sa chás ardéilimh tá ualach breise féideartha ó lárionaid sonraí atá le nascadh leis an gcóras laistigh den tréimhse staidéir 10 mbliana. Tugann na trí chás sin léargas iomchuí ar raon na bhfás a d'fhéadfadh teacht ar an éileamh agus tá siad bunaithe ar iarratais ar nascadh.

I bhFíor 4.13 léirítear an ceanglas leictreachais iomlán a bhaineann le lárionaid sonraí i dTuaisceart Éireann ar fud na dtrí chás éilimh. Glactar leis sa chás íseal nach nascann aon lárionad sonraí breise leis an eangach. Ós rud é gurb é 0 TWh éileamh reatha lárionad sonraí Thuaisceart Éireann, ciallaíonn sé sin gurb é 0 TWh an tsraith seo do gach bliain. Glactar leis sna cásanna airmheánacha agus arda nach dtiocfaidh éileamh lárionaid sonraí chun cinn go dtí 2029.




*Fíor 4.13  Tá coinne le TER Thuaisceart Éireann ó lárionaid sonraí ar fud cásanna éilimh*

### 4.3.4 Leictriú ar Theas agus Iompar

Leis an aistriú ó fhoinsí breosla iontaise, freastalóidh leictreachas ar sciar méadaitheach den éileamh ar fhuinneamh. Léiríonn an réamhaisnéis éilimh leictriú níos airde sna hearnálacha teasa agus iompair.

Is réiteach ísealcharbóin é teaschaidéal na foinse aeir a d'fhéadfadh cuidiú le héileamh téimh Thuaisceart Éireann a dhícharbónú, go háirithe teaghlaigh atá spleách ar ola. Áirítear ar na fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar éileamh leictreachais teaschaidéal an líon suiteálacha, an t-éileamh ar theas teaghaise agus an chomhéifeacht feidhmíochta.

Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar leictreachas san earnáil iompair de réir mar a thiocfaidh méadú ar dhíolacháin feithiclí leictreacha nua. Braithfidh scála an tionchair sin ar an éileamh ar leictreachas ar raon leathan tosca amhail líon agus cineálacha na bhfeithiclí leictreacha, úsáid feithiclí agus patrúin luchtaithe úinéirí feithiclí. Tá sé de chumas ag teicneolaíocht luchtaire feithiclí 'lasmuigh den bhuaic' tionchar éileamh na bhfeithiclí leictreacha ar bhuaicéileamh leictreachais a laghdú agus áirítear í sa réamhaisnéis éilimh seo. Glactar leis go mbeidh na beartais agus na dreasachtaí iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcuirfear teicneolaíocht luchtaithe feithiclí

seachbhuaice i bhfeidhm, seachas sin beidh gá le toilleadh breise.

Sonraítear i dTábla 4.6. an líon suiteálacha feithiclí leictreacha agus teaschaidéil a áirítear sa réamhaisnéis ar éileamh íseal, airmheánach agus ard. Déantar cur síos sna míreanna seo a leanas ar na foinsí sonraí a tagraítear chun an cás meánach a chruthú agus tá siad achoimrithe i dTábla 4.7. Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcinntear na cásanna ísle agus arda maidir le líon na bhfeithiclí leictreacha agus na gcaidéil teasa trí iolraitheoir de -20% agus +20% faoi seach a chur i bhfeidhm ar an gcás meánach. Mheas SONI gur meastachán réasúnta a bhí ann seo i bhfianaise easpa cásanna ísle agus arda sna foinsí sonraí a úsáideadh don chás meánach.

Tá líon na suiteálacha teaschaidéil bunaithe ar na réamhaisnéisí is déanaí ó Líonraí Leictreachais Thuaisceart Éireann (Líonraí NNIE), go háirithe a gcás Fáis Shrianta, a shainíonn siad mar a leanas:

*'Léiríonn an cás seo go bhfuiltear ag leanúint de ghlacadh íseal na dteaschaidéal atá ann faoi láthair i dTuaisceart Éireann amach go dtí lár na 2030idí. Ina dhiaidh sin, tiocfaidh méadú ar an nglacadh sna 2030idí agus sna 2040idí níos déanaí ionas go mbainfidh Tuaisceart Éireann glan-nialasacht amach faoi 2050.'*[50]

Éascaíonn cás an fháis shrianta an seachadadh is moille chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 ar fud na gcásanna uile maidir le glacadh teaschaidéil Líonraí NIE. Tá glacadh réamhaisnéisí teaschaidéil Líonraí NIE is déanaí comhsheasmhach leis an gcur chuige a glacadh le MUOLA 2025-2034 chun comhsheasmhacht a éascú maidir le pleanáil ar fud na gcóras tarchuir agus dáileacháin.

Tá méideanna na bhfeithiclí leictreacha bunaithe ar fhigiúirí ó Shamhail Astaíochtaí Tarchuir na Roinne Bonneagair (DfI). Fuarthas na figiúirí a áiríodh i samhaltú SONI ó DfI roimh an reo sonraí i mí an Mheithimh 2025. Tuartar sna figiúirí líon na bhfeithiclí leictreacha nua atá le díol thar gach bliain ionchais.

Ag tnúth le hatriallta MUOLA amach anseo, féachfaidh SONI leis an bhfaisnéis is cothroime le dáta atá ar fáil a úsáid agus le nuashonruithe a lorg ar réamhaisnéisí teaschaidéil Líonraí NIE agus ar réamhaisnéisí feithiclí leictreacha DfI araon.

### Tábla 4.6 An líon suiteálacha feithiclí leictreacha agus teaschaidéil a áirítear sa réamhaisnéis éilimh ag ráta íseal, airmheánach agus ard

| | Íseal | | Airmheán | | Ard | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Feithiclí Leictreacha | Suiteálacha Caidéal Teasa | Feithiclí Leictreacha | Suiteálacha Caidéal Teasa | Feithiclí Leictreacha | Suiteálacha Caidéal Teasa |
| 2025 | 56,000 | 2,000 | 70,000 | 2,500 | 83,000 | 3,000 |
| 2030 | 194,000 | 34,400 | 242,000 | 43,000 | 291,000 | 51,500 |
| 2035 | 390,000 | 115,000 | 487,000 | 143,700 | 585,000 | 172,500 |

### 4.3.5 Réamhaisnéis ar an Riachtanas Leictreachais Iomlán

Áirítear leis an gCeanglas Leictreachais Iomlán (TER) suim an éilimh ar leictreachas le haghaidh na n-earnálacha iompair cónaithe, treasacha, tionsclaíocha agus atá ag fás. Cuimsíonn an earnáil threasach gníomhaíochtaí tráchtála amhail miondíol, oifig agus seirbhísí. Áirítear le TER freisin féintomhaltas, a shainmhínítear mar éileamh ar leictreachas a bhfreastalaítear air le giniúint taobh thiar den mhéadar agus lena n-áirítear giniúint leabaithe.

Áirítear in TER freisin caillteanais chórais dáileacháin agus tarchurtha na hearnála cumhachta i.e. caillteanais ar fhuinneamh a iompraítear trasna na heangaí (dá ngairtear caillteanais sa tuarascáil seo anseo feasta). Caillteanais is ea thart ar 7-8% de TER de réir mar a théann fuinneamh trí na córais tarchurtha agus dáileacháin leictreachais.

Tá SONI ag obair le Líonraí NIE agus ag tagairt do Chlár na dTeastas um Oibleagáid In-athnuaite (Clár ROC) chun méid na giniúna leabaithe atá nasctha ar an gcóras faoi láthair a bhunú agus chun na méideanna a bheidh ag nascadh amach anseo a thuar. Sampla de ghiniúint leabaithe is ea grianfhuinneamh fótavoltach dín.

Chuir sé sin ar chumas SONI meastachán eolasach a dhéanamh ar an méid fuinnimh a chuireann leis an éileamh iomlán trí fhéintomhaltas, a chuirtear ansin leis an bhfuinneamh nach mór do ghineadóirí a onnmhairiú chun freastal ar an éileamh uile, rud a fhágann go bhfuil TER ann. Is amhlaidh atá toisc go bhfuil sé d'éifeacht ag féintomhaltas an t-éileamh ar na heangacha tarchurtha agus dáileacháin a laghdú, agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach cuntas a thabhairt air chun iontaofacht an chórais cumhachta a áirithiú. Is ionann féintomhaltas i dTuaisceart Éireann agus thart ar 3% de TER faoi láthair.


Léirítear i dTábla 4.7 na príomhdhifríochtaí toimhdithe idir an TER íseal, airmheánach agus ard sna cásanna réamhaisnéise.

**Tábla 4.7 Na Príomhdhifríochtaí sna Toimhdí maidir leis an Riachtanas Leictreachais Iomlán Íseal, Airmheánach agus Ard do Thuaisceart Éireann**

| | Íseal | Airmheán | Ard |
|---|---|---|---|
| Líon na bhFeithiclí Leictreacha | Réamh-mheastacháin Mhúnla Astaíochtaí Iompair DfI Lúide 20% | Réamh-mheastacháin Shamhail Astaíochtaí Iompair DfI | Réamh-mheastacháin Shamhail Astaíochtaí Iompair DfI Móide 20 % |
| Líon na gCaidéal Teasa | Réamh-mheastacháin ar Chásanna Fáis Srianta Líonraí NIE Lúide 20% | Réamh-mheastacháin ar Chásanna Fáis Srianta Líonraí NIE | Réamh-mheastacháin ar Chásanna Fáis Srianta Líonraí NIE Móide 20% |
| Ionaid Sonraí agus Lóid Teicneolaíochta Nua | Ceann ar bith | Rampa Airmheánach[51] | Méadú Ard |
| Réamh-mheastachán maidir le Fás Eacnamaíoch | Réamhaisnéis Deich mBliana Oxford Economics Lúide 1% | Réamhaisnéis Deich mBliana Oxford Economics | Réamhaisnéis Deich mBliana Oxford Economics Móide 1% |


51 Tá méadú airmheánach bunaithe ar thionscadail atá sa phróiseas nasctha faoi láthair agus dóchúlacht ann go gcuirfear nasc i bhfeidhm. Tá méadú ard bunaithe ar na tionscadail chéanna sa phróiseas nasctha agus tá dóchúlacht níos airde ann go gcuirfear nasc i bhfeidhm.

Léirítear i bhFíor 4.14 TER Thuaisceart Éireann in aghaidh na bliana stairiúla agus réamhaisnéis nuashonraithe TER in aghaidh na bliana réamhaisnéise. Tá laghdú ar na cásanna ísle, airmheánacha agus arda i gcomparáid leis an réamhaisnéis a foilsíodh in MUOLA 2025-2034. Tháinig laghdú ar thomhaltas leictreachais sa chuid is déanaí de 2022 agus lean sé ar aghaidh go 2023 mar gheall ar thionchar na dteagmhas domhanda agus tionchar na bpraghsanna arda breosla. Tugadh ardú beag ar TER Thuaisceart Éireann faoi deara ansin in 2024 de réir mar a thosaigh an tomhaltas leictreachais ag téarnamh agus de réir mar a laghdaigh praghsanna breosla. Tugadh ardú beag ar TER Thuaisceart Éireann faoi deara ansin in 2025 de réir mar a thosaigh an tomhaltas leictreachais ag téarnamh agus de réir mar a laghdaigh praghsanna breosla. Tá an difríocht idir na cásanna airmheánacha agus ardéilimh bunaithe ar roinnt tosca lena n-áirítear eacnamaíocht, lárionad sonraí agus fás ualaigh teicneolaíochta nua, éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith le leictriú teasa agus iompair.





*Fíor 4.14 Réamhaisnéis maidir leis an gceanglas leictreachais iomlán i dTuaisceart Éireann (TER)*

Léirítear i bhFíor 4.15 an chaoi a dtógtar réamhaisnéis éilimh TER ó na comhpháirteanna éagsúla. Tá na pointí sonraí san fhíor ó 2020–2024 bunaithe ar shonraí stairiúla, ach is ionann iad siúd ó 2025–2035 agus Réamhaisnéis na Meán. Is é leictriú teasa agus iompair i gcomhréir le straitéis an Rialtais is mó is cúis leis an bhfás ar TER.




*Fíor 4.15 Comhpháirteanna réamhaisnéise mheáncheanglas leictreachais iomlán Thuaisceart Éireann (TER)*

Tuartar an cion den éileamh a thagann ón ngnáth-éileamh i gcomparáid leis an éileamh nua ar an aistriú fuinnimh agus ar athruithe earnála in 2026 agus 2035 mar a léirítear i bhFíor 4.16 thíos. Léiríonn earnáil na bhFeithiclí Leictreacha, earnáil na gCaidéal Teasa agus earnáil na Lárionad Sonraí agus na Lód Teicneolaíochta Nua an t-éileamh nua san fhíor. In 2026, is ionann éileamh nua agus 4 % den éileamh iomlán, a ardaíonn go 20% faoi 2035.




*Fíor 4.16 Miondealú ar cheanglas leictreachais iomlán Thuaisceart Éireann (TER) in 2026 agus 2035*



### 4.3.6 Réamhaisnéis maidir le Buaicéileamh


Tá SONI ailínithe leis an samhaltú ar an Measúnú Eorpach ar Leordhóthanacht Acmhainní (MELA) agus bhain sé úsáid as Bosca Uirlisí Réamhaisnéise Éilimh ENTSO-E chun an phróifíl éilimh a thuar, agus buaicéileamh san áireamh. Baineann an uirlis seo úsáid as sé chás aimsire is tríocha in éineacht le tosca eacnamaíocha, próifílí téimh réamh-mheasta agus próifílí luchtaithe feithiclí leictreacha agus aschuir á ríomh.

Ceann d'aschuir DFT is ea buaicéileamh TER. Áirítear le buaicéileamh TER caillteanais agus féintomhaltas araon i.e. éileamh a bhíonn á cheilt ag giniúint áitiúil. Tuartar an rannchuidiú le buaicéileamh TER ó ghnáth-éileamh i gcomparáid le héileamh nua ar an aistriú fuinnimh agus ar athruithe earnála in 2026 agus 2035 mar a léirítear i bhFíor 4.17 thíos.

Tá buaicéileamh feithiclí leictreacha bunaithe ar an bhfuinneamh iomlán a theastaíonn ó fheithiclí leictreacha, agus ar an bpróifíl luchtaithe a nglactar leis go leanfaidh úinéirí feithiclí leictreacha í. Tá glacadh luchtaithe seachbhuaice, arna shamhaltú laistigh de DFT, ina phríomhthoisc chun éifeacht feithiclí leictreacha ar bhuaicéileamh a laghdú.

Tá buaicéileamh teaschaidéil bunaithe ar líon réamh-mheasta na suiteálacha; ní mór do theaschaidéil an éilimh bhliantúil ar théamh éifeachtúlacht an tsoláthair agus an teaschaidéil a sholáthar. Bunaithe ar na toimhdí maidir le glacadh teaschaidéil i dTuaisceart Éireann, cuirfidh leictriú teasa le sciar níos mó den bhuaicéileamh de réir mar a théann Tuaisceart Éireann chun cinn tar éis 2030. Faoi láthair, is ionann earnáil na dteaschaidéal agus níos lú ná 1% den bhuaicéileamh, agus meastar go bhfásfaidh an earnáil sin go 14% faoi 2035.

Meastar go dtiocfaidh méadú ar ualach an lárionaid sonraí idir tús agus deireadh na tréimhse réamhaisnéise, ach ní thiocfaidh méadú suntasach air toisc nach rannchuidíonn an earnáil ach le 1% de TER faoi 2035.




*Fíor 4.17 Miondealú buaicéilimh iomlán de chuid cheanglas leictreachais Thuaisceart Éireann in 2026 agus 2035*

Bíonn tionchar suntasach ag an teocht ar an éileamh ar leictreachas, go háirithe ar an mbuaicéileamh. Bhí sé sin le feiceáil go háirithe le linn an dá gheimhreadh dhiana in 2010 agus 2011, nuair a tháinig laghdú mór ar theochtaí, agus nuair a tháinig méadú ar an éileamh go dtí na leibhéil ba mhó riamh. Tá an éifeacht ag coigeartú maidir le Meántréimhse Fhuar (MTF) go 'cothromaítear' cuar an éilimh ionas go mbeidh cúinsí eacnamaíocha mar na tionchair is mó a bheidh fágtha.

Ríomhtar Buaic Tarchuir ACS bunaithe ar an éileamh méadraithe iarbhír a cuireadh amach, arna thomhas ag críochfoirt onnmhairithe gineadóra. Dá réir sin, ní mór don éileamh a sheoltar amach taisteal trí na líonraí tarchurtha agus dáileacháin chun tomhaltóirí a sholáthar, agus caillteanais á dtabhú de réir mar a thaistealaíonn sé. Ón méid sin, sainmhínítear an t-éileamh a sheoltar amach mar an t-éileamh a mhéadraítear ag críochfoirt easpórtála gineadóirí lena n-áirítear caillteanais giniúna agus tarchurtha agus dáilte (T&D) ar mhionscála a onnmhairiú ach ní áirítear leis giniúint a thomhlaítear 'taobh thiar den mhéadar' amhail painéil ghréine dín.

Is é céim a haon sa phróiseas ceartú ACS a chur i bhfeidhm ar shonraí éilimh iarbhír a sheoltar amach. Is é céim a dó giniúint easpórtála ar mhionscála a eisiamh, rud a fhágann an bhuaic-tarchuir ACS a léirítear i bhFíor 4.18

Taifeadadh an Buaicéileamh Seolta de 1,520 MW i dTuaisceart Éireann 2024/25 Dé Céadaoin an 8 Eanáir 2025 ag 17:30. Nuair a chuirtear an próiseas ACS i bhfeidhm, bíonn Buaic Tarchuir ACS ag 1,616 MW.

Mar is amhlaidh leis an réamhaisnéis bhliantúil maidir leis an éileamh ar leictreachas a leagtar amach i roinn4.3.5, tógadh trí chás buaic-réamhaisnéise.


Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar leictreachas san earnáil teasa agus iompair de réir mar a thiocfaidh méadú ar dhíolacháin teaschaidéal agus feithiclí leictreacha. Glactar leis go mbeidh leibhéal luchtaithe seachbhuaice ann d'fheithiclí leictreacha laistigh den réamhaisnéis, a bhfuil na tairbhí a bhaineann leis le fáil i bhFíor 4.19 agus i bhFíor 4.20. Chun na tairbhí sin a bhaint amach, tá gá le beartais agus dreasachtaí iomchuí, seachas sin beidh gá le toilleadh giniúna breise.

Bhain SONI úsáid as DFT ENTSO-E chun na réamhaisnéisí maidir le buaicéileamh íseal, airmheánach agus ard a chruthú. Tugtar athrú aeráide isteach sna réamhaisnéisí sin trí úsáid a bhaint as na sé chás aimsire is tríocha. Níl SONI ag súil le geimhreadh an-te nó an-fhuar gach bliain, agus meastar go bhfuil an raon dálaí a thugtar isteach sna cásanna aimsire laistigh de theorainneacha na féidearthachta.

Is é an príomhdhifríocht idir na réamhaisnéisí maidir le buaicphointí ísle, airmheánacha agus arda an méid ualaigh a thoimhdítear ó lárionaid sonraí agus leictriú teasa agus iompair. Baineann an réamhaisnéis seo úsáid as modheolaíocht atá cosúil leis an modheolaíocht a úsáidtear i réamhaisnéis TER agus úsáideann sí uirlis samhaltaithe DFT.

Léirítear i bhFíor 4.18 an réamhaisnéis ar Bhuaic Tarchuir ACS do Thuaisceart Éireann. Tá méadú tagtha ar an réamhaisnéis a tháinig as sin le haghaidh 2025 i gcomparáid le cás airmheánach MUOLA 2025–2034 mar gheall ar fhormhór mór na bhfeithiclí leictreacha a úsáideann próifíl luchtaithe shimplí nach n-aistrítear a n-éileamh ó bhuaic-amanna. Laghdaíodh an réamhaisnéis idir 2026 agus 2035 i gcomparáid le cás airmheánach MUOLA 2025-2034. Is é is cúis leis sin an laghdú ar thomhaltas leictreachais a chonacthas ag buaic-am ó éifeachtúlacht mhéadaithe agus cur chun feidhme méadaitheach an luchtaithe seachbhuaice d'fheithiclí leictreacha a aistríonn a n-éileamh ó bhuaic-amanna. Tar éis 2030, meastar go spreagfar an fás ar an mbuaicéileamh go príomha trí theas a leictriú le rannchuidithe níos lú ó leictriú na lárionad iompair agus sonraí.


Is ionann na príomhdhifríochtaí toimhdithe idir na cásanna maidir le buaicéileamh leictreachais íseal, airmheánach agus ard sna réamhaisnéisí a thaispeántar thuas agus na cinn a bhfuil achoimre orthu i dTábla 4.7. Cuireann treochtaí foluiteacha amhail tomhaltas cónaithe agus spriocanna éifeachtúlachta toimhdithe a thuilleadh leis an éagsúlacht i ngach ceann de na réamhaisnéisí cáis a thaispeántar i bhFíor 4.18.




*Fíor 4.18 Réamhaisnéisí ar Bhuaic Tarchuir ACS do Thuaisceart Éireann*


### 4.3.7 Solúbthacht an Éilimh: Tionchar na Muirir Lasmuigh den Bhuaic

Tá an cumas ag solúbthacht éilimh feabhas a chur ar leordhóthanacht an chórais leictreachais tríd an éileamh a bhogadh amach ó bhuaicuaireanta. Léirítear i bhFíor 4.19 éifeacht mhuirearú feithiclí leictreacha lasmuigh de bhuaicthráth ar an lá buaic réamhaisnéise in 2030 atá ionchorpraithe sa réamhaisnéis éilimh airmheánach. Le luchtú seachbhuaice feithiclí leictreacha, laghdaítear an buaicéileamh faoi thart ar 4.3 % i gcomparáid leis an gcás mura mbeadh aon solúbthacht ann maidir le luchtú feithiclí leictreacha.




*Fíor 4.19 Tionchar na solúbthachta éilimh ar bhuaiclá 2030 do Thuaisceart Éireann (cás airmheánach)*

Léirítear i bhFíor 4.20 tionchar na seirbhísí agus dreasachtaí solúbthachta éilimh ar an gcás airmheánach le linn thréimhse an staidéir. Fásann an tionchar a bhíonn ag luchtú solúbtha feithiclí leictreacha le linn thréimhse an staidéir de réir mar a mhéadaítear líon na bhfeithiclí leictreacha, agus ionchorpraítear rolladh amach seirbhísí agus dreasachtaí chun luchtú solúbtha a chur chun cinn.




*Fíor 4.20 Tionchar na solúbthachta éilimh i gcás airmheánach le linn thréimhse an staidéir*

### 4.3.8 Cruth na Próifíle Éilimh

Go stairiúil, bhí cruth phróifíl éilimh Thuaisceart Éireann in aghaidh na huaire comhsheasmhach agus intuartha i rith na bliana. Mar sin féin, tá cruth na próifíle á athrú mar gheall ar theicneolaíochtaí nua a nascadh leis an eangach amhail feithiclí leictreacha agus teaschaidéil, mar aon le hiompraíocht tomhaltóirí a athrú mar fhreagairt ar na teicneolaíochtaí nua sin. De réir mar a nascann níos mó teaschaidéal agus feithiclí leictreacha leis an eangach, ní thiocfaidh ach méadú ar éifeacht na dtomhaltóirí a athraíonn an chaoi a n-úsáideann siad leictreachas, rud a athróidh cruth na próifíle éilimh a thuilleadh.

Is féidir le DFT ENTSO-E na lódphróifílí teicneolaíochta nua sin a shamhaltú agus, ar an gcaoi sin, a n-éifeachtaí a mheas agus próifíl éilimh Thuaisceart Éireann á réamhaisnéisiú thar an tréimhse roghnaithe. De réir mar a éiríonn na hearnálacha feithiclí leictreacha, teaschaidéil agus teicneolaíochta nua eile níos seanbhunaithe, tiocfaidh méadú ar thábhacht an tsamhaltaithe ar an gcaoi a n-úsáideann tomhaltóirí na teicneolaíochtaí sin.

Táirgeann réamhaisnéis DFT próifíl éilimh laethúil le cruth difriúil i gcomparáid leis an méid a breathnaíodh mar phróifíl éilimh stairiúil, agus an difríocht idir an t-éileamh íosta agus an t-éileamh uasta le feiceáil ar bhonn laethúil ag laghdú de réir mar a théann na blianta tuartha ar aghaidh. Is féidir éileamh laethúil réamh-mheasta DFT in aghaidh na bliana thar thréimhse réamhaisnéise 2025–2035 a fheiceáil i bhFíor 4.21 thíos. Chun cruth phróifíl éilimh stairiúil thipiciúil Thuaisceart Éireann a chur i láthair, cuireadh sraith stairiúil le Fíor 4.21 ina léirítear an meánéileamh a seoladh amach in aghaidh na huaire le linn 2024.


Maidir leis an bpróifíl éilimh stairiúil, is iondúil go dtarlaíonn buaicphointe ar maidin thart ar 08:30 – 09:30 nuair a dhúisíonn tomhaltóirí, nuair a dhéanann siad bricfeasta agus nuair a ullmhaíonn siad chun an teach a fhágáil, agus buaicphointe tráthnóna thart ar 17:30 – 18:30 ina dhiaidh sin de ghnáth nuair a fhilleann tomhaltóirí abhaile agus nuair a dhéanann siad dinnéar. Mar sin féin, ba chóir a thabhairt faoi deara nach dtarlaíonn na buaice i gcónaí le linn na bhfrámaí ama sin agus go bhfuil siad faoi réir fachtóirí éagsúla lena n-áirítear an séasúr, an aimsir agus bainistíocht éilimh na gcustaiméirí.

Agus an phróifíl laethúil réamh-mheasta ag DFT, tosaíonn an t-éileamh ag méadú de réir a chéile go luath ar maidin mar gheall ar an líon réamh-mheasta feithiclí leictreacha a ghlacann an phróifíl luchtaithe i bPlean Forbartha Líonra Deich mBliana ENTSOE (TYNDP) 2022[52], lena moltar luchtú istoíche feithiclí leictreacha i.e. úinéirí feithiclí leictreacha a dhéanann a bhfeithiclí a sceidealú chun tosú ag luchtú ag amanna ar uaireanta 'seachbhuaice' iad go traidisiúnta. Dá réir sin, agus an phróifíl éilimh stairiúil á cur i gcomparáid le próifíl laethúil réamh-mheasta DFT, tá an laghdú ar an éileamh thar oíche i gcomparáid le buaicphointe an tráthnóna níos airde.

Tá glacadh tuartha an luchtaithe seachbhuaice ag tomhaltóirí Thuaisceart Éireann comhsheasmhach le MUOLA 2025-2034 agus glactar leis go bhféachfaidh tomhaltóirí le praghsanna arda ar luchtú feithiclí leictreacha a sheachaint, cosúil le húsáid tharaif Gheilleagar 7 le haghaidh téimh. Glactar leis go mbeidh na beartais agus na dreasachtaí iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú go gcuirfear teicneolaíocht luchtaithe feithiclí seachbhuaice i bhfeidhm, seachas sin beidh gá le toilleadh breise agus d'fhéadfadh méadú teacht ar an mbuaicéileamh.

52 https://2022.entsos-tyndp-scenarios.eu/wp-content/uploads/2022/04/TYNDP_2022_Scenario_Building_Guidelines_Version_April_2022.pdf

Glactar leis an aistriú chuig tomhaltóirí a luchtaíonn a bhfeithiclí 'go cliste' le haghaidh gach ceann de na ceithre chineál feithicle in DFT: ceallra-leictreacha paisinéirí, hibridí inluchtaithe paisinéirí, feithiclí tráchtála éadroma ceallra-leictreacha (BEV LCV), agus busanna ceallra-leictreacha. Beidh éileamh níos mó ar theaschaidéil le linn uaireanta maidine mar thoradh ar ghlacadh leanúnach na dteaschaidéal agus cuirfidh sé leis an méadú ar an éileamh le linn na coda níos luaithe den lá.





*Fíor 4.21 Cruth éilimh stairiúil agus réamhaisnéise in aghaidh na huaire i dTuaisceart Éireann*


## 4.4 Réamhaisnéis Chomhcheangailte Uile-Oileáin ar Éileamh

Chun staidéir chomhcheangailte a dhéanamh don chóras uile-oileáin, cuirtear an dá réamhaisnéis dhlínse le chéile le haghaidh TER in aghaidh na huaire chun TER nua uile-oileáin agus buaicfhigiúirí a tháirgeadh mar a léirítear i bhFíor 4.22 agus i bhFíor 4.23 thíos.

Mar a luaitear i Roinn 4.1, d'fhéadfadh sé nach gá go dtarlódh an bhuaic Uile-Oileáin ag an am céanna leis na dlínsí aonair in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, ní suimiú simplí ar na buaicphointí dlínse atá i ríomh an na buaice Uile-Oileáin a réamh-mheastar.




*Fíor 4.22 Comh-réamhaisnéis TER don chóras uile-oileáin*






*Fíor 4.23 Buaicphointe TER don réamhaisnéis uile-oileáin chomhcheangailte*

# 5. Giniúint

## 5.1 Réamhrá

Léirítear i bhFíor 5.1 thíos aois na n-acmhainní traidisiúnta agus na n-acmhainní hidrighiniúna inseolta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ag tús 2026. Tabhair faoi deara nach n-áirítear leis sin toilleadh nua a d'fhéadfaí a choimisiúnú le linn 2026. Bunaithe ar threocht na punainne atá ann faoi láthair, faoi dheireadh na tréimhse staidéir in 2035 beidh thart ar 3,200 MW de thoilleadh thraidisiúnta os cionn 30 bliain d'aois, rud a d'fhéadfadh a bheith i mbaol imeacht ón margadh mura bhfuil sé inmharthana a thuilleadh an acmhainn aosaithe a choinneáil ag feidhmiú i gcóras cumhachta a chumhachtaítear go príomha le fuinneamh in-athnuaite. Ina theannta sin, mar gheall ar fheidhmíocht agus iontaofacht an ghléasra aosaithe a bheith ag laghdú, tá dúshlán roimh oibriú an chórais cumhachta le blianta beaga anuas, agus d'fhéadfadh rioscaí comhchosúla a bheith ag baint le feidhmíocht dhíghrádaithe na punainne atá ann cheana amach anseo.




*Fíor 5.1 Miondealú de réir aoise ar acmhainní traidisiúnta agus hidrighiniúna inseolta le haghaidh an chórais Uile-Oileáin a bheidh ag feidhmiú ó thús 2026*

## 5.2 Margadh Toillte an MLA

### 5.2.1 Léargas ginearálta

Is é an Margadh Leictreachais Aonair (MLA), a bunaíodh in 2007, an margadh leictreachais mórdhíola a oibríonn in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Rinneadh athbhreithniú ar dhearadh an mhargaidh i mí Dheireadh Fómhair 2018 chun saorthrádáil leictreachais thar theorainneacha a chumasú gan idirdhealú[53], rud a spreag soláthar leordhóthanach chun freastal ar an éileamh, chun córas cumhachta a oibriú go slán.

Ó 2018 i leith, tá Feidhmeannacht Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann tiomanta don aistriú chuig glan-nialasacht agus tá roinnt spriocanna maidir le foinsí in-athnuaite leagtha amach acu. Tugtar faoi deara go bhfuil roinnt tionscadal ar siúl[54] chun an margadh is gá a sholáthar chun uaillmhianta in-athnuaite a bhaint amach ar oileán na hÉireann. I measc na dtionscadal atá dírithe ar an margadh tá an Clár um Margaí Straitéiseacha (SMP), tionscadail SEMOpx, Socruithe Todhchaí do Sheirbhísí Córais (STSC), an Clár Sceidealaithe agus Seolta (SDP), le tacaíocht ó shruthanna oibre na Stórála Fadtréimhsí Fuinnimh (LDES) agus an Bheartais um an Margadh Fuinnimh (EMP).

Tá an MLA deartha agus rialaithe ag Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair (Coiste MLA) atá comhdhéanta d'ionadaithe ó rialtóirí i dTuaisceart Éireann (an Rialtóir Fóntais) agus in Éirinn (an Coimisiún um Rialáil Fóntais) agus beirt chomhaltaí neamhspleácha. Áirítear le MLA an margadh fuinnimh, toilleadh-cheantanna agus seirbhísí córais. Oibríonn SONI agus EirGrid an MLA, faoin gcomhfhiontar conarthach, Oibritheoir an Mhargaidh Leictreachais Aonair (SEMO).

Faoin MLA, ní bhfaighidh ach aonaid ghiniúna a n-éiríonn leo sna toilleadh-cheantanna íocaíochtaí toillte. Is é is aidhm don mhargadh toillte an toilleadh is gá a sholáthar chun an córas cumhachta a oibriú ar bhealach slán i dTuaisceart Éireann agus in Éirinn araon trí cheantanna iomaíocha, rud a áiritheoidh, dá bhrí sin, nach n-íocfaidh tomhaltóirí as níos mó toillte ná mar is gá. Ó bhí 2017 ann, suas go dtí an dáta maidir le reo sonraí (an 30 Meitheamh 2025) le haghaidh an mheasúnaithe seo, bhí 16 thoilleadh-cheant ann arb é is aidhm dóibh toilleadh a dhaingniú suas go dtí an bhliain toillte 2028/2029 agus an bhliain sin san áireamh. Is féidir na torthaí le haghaidh gach ceant a fháil ar shuíomh gréasáin SEMO[55].

### 5.2.2 Inseachadtacht Toillte Nua

Tá punann na hacmhainne stórála nua agus an toillte giniúna sioncronaí nua a bhfuil coinne lena nascadh leis an gcóras laistigh den tréimhse staidéir 10 mbliana bunaithe ar thorthaí ó thoilleadh-cheantanna margaidh an MLA. Is próiseas casta é toilleadh nua a sholáthar agus is minic a bhíonn sé dúshlánach agus mar sin déantar monatóireacht ar sheachadadh an toillte nua sin tríd an gclár monatóireachta feabhsaithe.

Leis an gclár monatóireachta feabhsaithe, déantar anailís ar raon tosca lena n-áirítear anailís ar an slabhra soláthair, cead pleanála agus amscálaí nasctha eangaí (gás agus leictreachas). Tugann na OCTanna faoi phróiseas díchill chuí go tráthrialta le tacaíocht Líonraí Gáis Éireann, Fuinneamh Frithpháirteach agus forbróirí tionscadail chun bonn eolais a chur faoin réamhaisnéis maidir le toilleadh nua a bhfuiltear ag súil léi a sheachadadh. Cinntear le measúnuithe inseachadta teicniúla cé acu atá nó nach

53 https://www.sem-o.com/markets/developing-the-i-sem/index.xml
54 Future Power Markets Design Authority Newsletter – August 2025
55 Margadh Toillte SEMO

bhfuil tionscadail ar an mbóthar ceart lena seachadadh go luath, cé acu a mheastar nó nach meastar go gcuirfear moill orthu nó, bunaithe ar an bhfaisnéis atá ann faoi láthair, cé acu a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh siad seachadadh a dhéanamh ar chor ar bith. Is é toradh an phróisis sin réamhaisnéis maidir le soláthar toillte nua a bhfuiltear ag súil leis, a úsáidtear sa mheasúnú lárnach leordhóthanachta.

In Éirinn, chuir CRU a Pháipéar Faisnéise CRU Slándáil an tSoláthair – Clár Gníomhartha, i gcrích i mí Iúil 2025. Leanfaidh an Grúpa Tuairiscithe ar Leordhóthanacht Leictreachais de mhonatóireacht a dhéanamh ar inseachadtacht an toillte nua a bhronntar sa mhargadh toillte. Bunaithe ar an measúnú inseachadta is déanaí, ní bheidh gach toilleadh nua a dámhadh ó cheantanna roimhe seo ar fáil in am do thús na bliana toillte conraithe. Ina theannta sin, ba é tuairim chlár deiridh Cholún C maidir le Slándáil an tSoláthair (dar dáta: an 24 Iúil 2025) go raibh dúshláin shuntasacha theicniúla agus/nó phleanála i gceist le roinnt tionscadal a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le neamhsheachadadh.

I dTuaisceart Éireann, déanann an Coiste Maoirseachta um Toilleadh Nua Dáfa (OCNAC) maoirseacht ar fhorbairtí nua a bhfuil conarthaí acmhainne faighte acu agus tacaíonn sé le breithniú agus cinnteoireacht níos leithne maidir le slándáil an tsoláthair i dTuaisceart Éireann. Le cruinnithe OCNAC, cuirtear infheictheacht ar fáil do pháirtithe leasmhara sinsearacha maidir le dul chun cinn an tseachadta nua toillte, cuirfear fóram ar fáil do pháirtithe ábhartha chun aon rioscaí nó bacainní ar sheachadadh an toillte sin a shainaithint laistigh de na hamlínte conarthacha, tabharfar deis dóibh aon athruithe ar thuairisciú garspriocanna a fhiosrú agus cuirfear ar a gcumas do pháirtithe ábhartha tacaíocht, réitigh nó maoluithe a thairiscint i gcás inarb indéanta.

Chun seachadadh tráthúil toillte nua a chur chun cinn, tugadh Dreasachtaí Luathsheachadta (EDInna) isteach i margadh acmhainne MLA i mí na Bealtaine 2024 mar rogha chun dlús a chur le seachadadh acmhainne nua[56]. Tugann na EDInna sin deis d'infheisteoirí íocaíocht a fháil as toilleadh nua a sheachadtar roimh an mbliain toillte dár dámhadh an toilleadh.

Leis an tuarascáil sin agus leis na staidéir ar shlándáil an tsoláthair, leantar de bhéim a leagan ar an tionchar diúltach ar leordhóthanacht an chórais toisc nach mbíonn toilleadh nua ar fáil in am. Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, má mhainnítear toilleadh nua a sholáthar do bhliain toillte ar leith, cruthaítear dúshláin do staid leordhóthanachta an chórais. Mura ndéanfar toilleadh nua a sheachadadh in am le haghaidh bliain toillte ar leith, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le bearta maolaitheacha chun a chinntiú go gcuirfear toilleadh malartach ar fáil. Cuireadh íogaireacht maidir le hanailís leordhóthanachta na hÉireann san áireamh chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar ar leordhóthanacht dá soláthrófaí an toilleadh nua uile in Éirinn faoi thús gach bliana toillte dár dámhadh an conradh toillte i.e. dá soláthrófaí gach tionscadal nua in am.

### 5.2.3 Conarthaí Fada Idirmheánacha

I mí na Bealtaine 2024, tugadh Conarthaí Idirmheánacha (ILCanna) isteach i margadh toillte an MLA mar shásra chun infheistíocht i dtoilleadh a éascú[57]. Cuireann na hionaid chomhlonnaithe sin deis ar fáil chun gléasra atá

56 SEM-24-037 Decision Paper - Early Delivery Incentives.pdf
57 SEM-24-035 Páipéar cinnidh maidir le Conradh de Mheánfhad | Coiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair

ann cheana a athinfheistiú agus a athchóiriú chun toilleadh an chórais a mhéadú, a saolré a shíneadh, agus bearta dícharbónaithe a éascú. Ón T-4 2028/2029 dámhadh ILC ar thart ar 2 GW de thoilleadh rátáilte[58]. Dá réir sin, éilíonn roinnt de na haonaid éaradh cothabhála chun athchóirithe a chur i gcrích as a n-eascraíonn éaradh sceidealta ó 2026 go 2028 mar a leagtar amach i ndoiciméid an Chláir Éaradh Geallta/ Soláthair[59]. Tá bristeacha ILC san áireamh in Aguisín 3: Faisnéis faoi Ghléasra Giniúna.

### 5.2.4 Teorainneacha ar Uaireanta Oibriúcháin

In 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach cinneadh críochnaitheach maidir leis na Teicnící is Fearr atá ar Fáil (BAT)[60] le haghaidh mórghléasraí dócháin, a bhfuil caighdeáin nua maidir le hastaíochtaí curtha i bhfeidhm acu ó mhí Lúnasa 2021. Foilsíodh na conclúidí BAT is déanaí i mí Feabhra 2021[61]. Maidir le gléasraí dócháin, tá na Teorainnluachanna Astaíochtaí (ELVanna) le haghaidh Ocsaíd Nítriúil (NOx), Dé-ocsaíd Sulfair (SO2) agus leibhéil cháithníneacha níos doichte anois agus dá bhrí sin d'fhéadfadh Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin (ARHL) 500 nó 1,500 uair an chloig a bheith ar aonaid nua giniúna gáis ag brath ar shaintréithe teicniúla na n-aonad (foinse an bhreosla / éifeachtúlacht).

Tá roinnt aonad ann atá faoi réir teorainneacha ar líon na n-uaireanta is féidir leis na haonaid oibriú i dtréimhse áirithe ama; agus roinnt aonad breise a d'fhéadfaí a shrianadh mar chuid de shocruithe ceadúnúcháin. Is minic a bhíonn srianta bliantúla á spreagadh ag reachtaíocht astaíochtaí, ach d'fhéadfadh srianta laethúla nó il-lae teacht chun cinn freisin mar gheall ar shrianta pleanála nó má thagann soláthar breosla chun bheith ina shaincheist. Soláthraíonn aonad atá teoranta do 500 nó 1,500 uair an chloig d'infhaighteacht oibríochtúil ar bhonn bliantúil luach níos lú d'oibriú córais iontaofa ná aonad atá ar fáil ar feadh 8,760 uair an chloig oibríochta (faoi réir éaradh).

Tugann srianta ar ghléasraí cumhachta castacht bhreise isteach maidir le córas iontaofa a oibriú. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le gníomhaíochtaí lasmuigh den mhargadh chun srianta oibríochtúla a bhainistiú. Beidh impleachtaí ag srianta oibriúcháin ar thoilleadh maidir le hiontaofacht an chórais cumhachta, mar sin tá sé stuama an éifeacht a áireamh mar chuid de na measúnuithe iontaofachta. Laistigh den chreat ama pleanála, tá sé tábhachtach go dtabharfar aghaidh ar aon tionchar nó saincheist trí na páirtithe ábhartha amhail rialtóirí, ranna Rialtais agus forbróirí.

## 5.3 Giniúint Thraidisiúnta

Is féidir punann an ghléasra thraidisiúnta atá nasctha leis an gcóras faoi láthair a chatagóiriú ina theicneolaíochtaí maidir le gástuirbín agus galtuirbín. Áirítear sa chatagóir gástuirbín gléasra cumhachta faoi thiomáint driogáite agus ola gháis, mar aon le cumraíochtaí gléasra tuirbín timthrialla oscailte agus comhcheangailte.

58 Margadh Acmhainne | Margaí | SEMO
59 Freagrachtaí OCT | Foilseacháin | SEMO
60 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?qid=1502972300769&uri=CELEX:32017D1442
61 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32021D2326

### 5.3.1 Punann na hÉireann

#### Toilleadh atá ann cheana

Cuirtear i láthair i dTábla 5.1 thíos na hathruithe a bhfuil coinne leo ar an bpunann thraidisiúnta atá ann cheana thar thréimhse an staidéir. Is fiú a thabhairt faoi deara go gceanglaítear ar aonaid fógra 24-36 mí a sholáthar faoin gCód Eangaí[62],[63], ag brath ar mhéid an aonaid, maidir leis na rúin atá le cur i gcrích dá ngairtear 'Fógra Dúnta'. Dá réir sin, d'fhéadfadh dúnadh breise a bheith ann laistigh de thréimhse an staidéir thar na tréimhsí atá ar eolas faoi láthair ag dáta reo na sonraí le haghaidh fhoilsiú na tuarascála seo. Tá riosca leanúnach ag baint leis an tréimhse fógra 36 mhí le haghaidh aonaid níos mó maidir le pleanáil leordhóthanachta acmhainní, i gcás ina bhfuil an deis na haonaid sin a ionadú ag ceantanna a mhaireann 4 bliana roimh an am.

Tá roinnt gineadóirí in Éirinn tar éis EirGrid a chur ar an eolas go bhfuil sé ar intinn acu díchoimisiúnú, cúis choiteann le díchoimisiúnú gléasraí is ea srianta a mhéadú mar gheall ar reachtaíocht na Treorach maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (IED). Is í Treoir 2010/75/AE ó[64] Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha nó IED) príomhionstraim an Aontais lena rialaítear astaíochtaí truailleán ó shuiteálacha tionsclaíocha.

**Tábla 5.1 Toimhdí maidir le hathruithe ar ghléasraí traidisiúnta in Éirinn**

| Stáisiún Cumhachta | Aonaid | Toilleadh (MW) | Nóta |
|---|---|---:|---|
| Gob na Muine | MP1 | 250 | Tar éis fógra dúnta a chur isteach, d'fhág na haonaid sin an margadh ag deireadh mhí an Mheithimh 2025. Tugann EirGrid faoi deara go gcoinneofar na haonaid seo tar éis an dáta seo chun rioscaí géarchéime leictreachais a mhaolú go réamhghníomhach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2019/941 agus sa Phlean Ullmhachta Riosca (RPP) d'Éirinn[65]. Mar sin féin, meastar gur beart maolaitheach é sin agus ní cuid den mheasúnú lárnach é. |
| | MP2 | 250 | |
| | MP3 | 250 | |
| Éadan Doire | ED3 | 58 | Dámhadh toilleadh orthu i dtoilleadh-cheant T-4 2025/2026 chun breosla a aistriú ó Ola Driogáite go Gás. |
| | ED5 | 58 | |
| FlexGen | Droichead na Carraige | 64 | Ag feidhmiú as an nua ó R4 2024. |
| | An Poll Beag | 64 | |
| | An Chorr Dhubh | 64 | |

62 Leagan 15 den Chód Eangaí EirGrid
63 Cód Eangaí SONI Aibreán 2024
64 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32010L0075&from=EN
65 Security_of_Electricity_Supply_Retention_of_Moneypoint_Units_Information_Paper.pdf

## Toilleadh Nua

Maidir le seachadadh toillte nua a bhfuil coinne leis, cuirtear i láthair i dTábla 5.2 thíos an acmhainn charnach nua a bhfuil coinne leis ón dáta reo sonraí, i gcoibhneas leis an acmhainn iomlán ar éirigh leis sna ceantanna.

**Tábla 5.2 Toimhdí na hÉireann maidir le hacmhainn traidisiúnta nua gléasraí i staidéir leordhóthanachta (MW rátáilte).**

| Carnach (MW) | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán Rathúil i dToilleadh-Cheantanna lúide Gléasra Oibriúcháin* | 900 | 2,060 | 2,110 | 2,450 | 2,450 | 2,450 | 2,450 | 2,450 | 2,450 | 2,450 |
| Seachadadh Toillte Nua a bhfuiltear ag súil leis de chuid AIRAA 2025** | 610 | 910 | 1,500 | 1,900 | 1,900 | 1,900 | 1,900 | 1,900 | 1,900 | 1,900 |

* Toilleadh a n-éiríonn léi i dtoilleadh-cheantanna nach bhfuil fógra foirceanta faighte acu nó atá ag feidhmiú faoi láthair.
** Tá an toilleadh ionchasach bunaithe ar ghléasra a sheachadadh go luath, a sheachadadh go déanach, nó gan é a sheachadadh.
Tabhair faoi deara go slánaítear na luachanna uile go dtí na 10 MW is gaire agus go gcuirtear toilleadh i láthair mar choimisiúnú toillte le linn na bliana féilire.

### Srianadh Gearrchiorcaid Bhaile Átha Cliath

Is cineál locht é gearrchiorcad a d'fhéadfadh tarlú ar an gcóras cumhachta, agus sreabhadh leictreach an-mhór mar thoradh air, rud a d'fhéadfadh éifeachtaí iarmhartacha a chur ar an gcóras lena n-áirítear teicneolaíocht dhochrach. Ní mór an córas cumhachta a oibriú chun a chinntiú, má tharlaíonn locht, go bhfuil bearta cosanta i bhfeidhm.

Tá breithnithe agus dúshláin uathúla maidir le soláthar/éileamh ag an gcóras leictreachais i mBaile Átha Cliath. Faoi chásanna oibriúcháin áirithe i mBaile Átha Cliath, is féidir le leibhéil ciorcaid aird-gearr dúshláin a chruthú maidir le hoibriú an chórais tarchurtha.

Do Gheimhreadh 2028, tá sé níos dúshlánaí caighdeáin ghearrchiorcaid a bhainistiú mar gheall ar chomhdhéanamh athraitheach an bhonneagair agus na teicneolaíochta sa réigiún atá beartaithe, le teacht na n-athruithe breise giniúna agus toipeolaíochta líonra tarchurtha ar conradh i mBaile Átha Cliath. Tá sé sin leagtha amach in Achoimre Ciorcaid Gearr EirGrid ar an Tionscal[66].

Chun críocha mheasúnú leordhóthanachta na bliana seo, cuirtear srian i bhfeidhm ar an tsamhail chun na dúshláin sin a léiriú. Glactar leis sa tsamhail, ó Gheimhreadh 2028 ar aghaidh, nach féidir an ghlúin ar fad i mBaile Átha Cliath a sheoladh ag an am céanna gan caighdeáin ghearrchiorcaid a shárú.

Mar a luaigh EirGrid roimhe seo, le pleanáil agus infheistíocht chúramach, is féidir na rioscaí a bhaineann le hardleibhéil ghearrchiorcaid a bhainistiú san fhadtéarma, rud atá lasmuigh de thréimhse ama na tuarascála seo, rud a fhágann gur féidir eangach leictreachais na hÉireann a leathnú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe.

Tá réitigh á bhforbairt faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, lena n-áirítear ciorcaid nua 400 kV i gceantar Bhaile Átha Cliath. Níl aon chiorcaid ag Baile Átha Cliath faoi láthair ag an leibhéal voltais seo, ach tá roinnt tionscadal 400 kV sa Phunann Seachadta Líonra (NDP) a chuirfidh bonn ar fáil chun freastal ar dheiseanna do ghlúin nua. Is réimse é sin den athbhreithniú leanúnach ar mheasúnuithe leordhóthanachta.

66 Microsoft Word - Achoimre Ciorcaid Ghearr do Thionscal Reg Deireanach athbh 26032025

### Teorainneacha ar Uaireanta Oibriúcháin

In Éirinn, thug roinnt aonad le fios go n-oibreoidh siad ag úsáid breoslaí neamhthraidisiúnta mar a bpríomhchineál breosla, mar shampla Ola Glasraí Hidriginithe (HVO). Tá an fhaisnéis a bhaineann le Teorainneacha Uaireanta Reatha Bliantúla (ARHL) féideartha ar aonaid ag athrú agus tá sí neamhchinnte. Sa bhreis air sin, is féidir go mbeidh dúshláin soláthair breosla ann a d'fhéadfadh srian a chur le hoibriú roinnt aonad, e.g. ARHL nó teorainn uaireanta oibriúcháin as a chéile, mar thoradh ar infhaighteacht soláthair breosla.

Leanfaidh EirGrid de bheith i dteagmháil le GCC, le CRU, leis an DCEE agus le forbróirí tionscadail chun tuiscint a fháil ar shrianta oibríochtúla a d'fhéadfaí a chur ar aonaid atá ag oibriú. Agus aitheantas á thabhairt don fhaisnéis atá ag teacht chun cinn, glactar leis sa bhunmheasúnú leordhóthanachta nach bhfuil toilleadh nua faoi réir srianta ar uaireanta oibriúcháin (ach amháin má deimhníodh ARHL trí fhoinsí ábhartha). Chun anailís a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teorainneacha oibriúcháin den sórt sin, glactar leis sa Slánmheasúnú leordhóthanachta go bhfuil roinnt aonad nua teoranta do 1,500 uair an chloig ARHL. Cuirtear an srian sin ar uaireanta oibriúcháin chun feidhme trí oibriú na n-aonad ábhartha a theorannú do thréimhsí buaicéilimh tipiciúla.

Léirítear i dTábla 5.3 thíos an toilleadh carnach a mheastar a bheidh faoi réir teorainneacha ar uaireanta oibriúcháin amach go dtí 2030 in Éirinn. Tabhair faoi deara go n-áirítear sa tábla thíos toilleadh atá ann cheana agus toilleadh nua agus glactar leis nach mbeidh aon athrú ann tar éis 2030.

**Tábla 5.3 An toilleadh (MW) a thoimhdítear a bheith faoi réir teorainneacha ar uaireanta oibriúcháin in Éirinn.**

| Teorainn ar Uaireanta Oibriúcháin | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 500 uair an chloig | 270 | 270 | 270 | 270 | 270 | 270 | 270 | 270 | 270 | 270 |
| 1500 uair* | 210 | 210 | 510 | 510 | 510 | 510 | 510 | 510 | 510 | 510 |

* Áirítear toilleadh nua a nglactar leis go bhfuil sí faoi réir teorainneacha ar uaireanta oibriúcháin sa Slánmheasúnú leordhóthanachta

### 5.3.2 Punann Thuaisceart Éireann

I dTuaisceart Éireann, is é an éabhlóid punainne is suntasaí le blianta beaga anuas scor an dá aonad guail K1 agus K2 de chuid Chill Ruaidh i mí Mheán Fómhair 2023. An toilleadh a dámhadh trí na ceantanna margaidh toillte, i bhfoirm aonaid KGT6 agus KGT7 de chuid Chill Ruaidh, forbraíodh é agus tá sé ag feidhmiú anois.

Tá aonaid KGT6 agus KGT7 faoi réir Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin (ARHL). In 2023, bhíothas ag súil go bhforbrófar galtuirbín breise ag an láithreán chun socrú Gastuirbín Comh-thimthrialla (CCGT) a thógáil. Bhí sé beartaithe leis an socrú sin dramhtheas ó Ghástuirbíní na Timthrialla Oscailte KGT6 agus KGT7 a úsáid trí Ghineadóirí Gaile Aisghabhála Teasa a úsáid, feabhas a chur ar éifeachtúlacht oibriúcháin an tsocraithe, agus dá bhrí sin deireadh a chur le srian ARHL. I mí Eanáir 2024 cuireadh deireadh le conradh margaidh toillte maidir leis an tuirbín breise[67] agus dá bhrí sin glacann SONI leis go mbeidh KGT6 agus KGT7 faoi réir ARHL ar feadh thréimhse an staidéir.

Cuireann ARHL srian ar KGT6 agus KGT7 1,500 uair an chloig a oibriú in aghaidh na bliana thar mheán rollach cúig bliana (buaic 2,250 uair an chloig a cheadaítear in aon bhliain amháin) chun astaíochtaí a theorannú. Tar éis Stoirm Darragh i mí na Nollag 2024, ní raibh Stáisiún Bhaile an Longfoirt C ábalta oibriú, agus dá bhrí sin ba ghá aonaid KGT6 agus KGT7 a oibriú níos mó. In 2025, tá breis agus 2 000 uair an chloig carntha ag KGT6 agus KGT7 araon d'ainneoin gur chuir SONI bearta éigeandála chun feidhme chun uaireanta oibriúcháin a bhainistiú, mar shampla srianta oibríochta a bhainistiú.

Leagtar amach sa Doiciméad maidir le Srianta Oibriúcháin[68] foilsithe na riachtanais chun cobhsaíocht an chórais a choinneáil ar bun i dTuaisceart Éireann. Níl ach trí shuíomh giniúna teirmí i dTuaisceart Éireann: Stáisiún Cumhachta Bhaile an Longfoirt, Stáisiún Cumhachta Chúil Caorach agus Stáisiún Cumhachta Chill Ruaidh. Chun na srianta cobhsaíochta a shásamh, ní féidir leis an nginiúint ar fad i dTuaisceart Éireann brath ar aon suíomh amháin. Nuair a thógann C30 Chúil Chaorach briseadh, caithfear KGT6 nó KGT7 a chur ag obair, ag méadú líon na n-uaireanta oibriúcháin ar na haonaid.

67 J.6.1.3-(f)-Capacity-Market_Capacity-Termination-Notice-GU_504020-110124.pdf
68 Weekly Operational Constraints Update

Is dúshlán suntasach é an gá atá ann faoi láthair le huaireanta reatha a bhainistiú laistigh den uasteorainn bhliantúil ar uaireanta oibriúcháin de 2,250 uair an chloig agus táthar ag súil go mbeidh tionchar aige sin ar bhlianta amach anseo, i dtéarmaí na huaireanta oibriúcháin a bhainistiú ar na haonaid laistigh den mheán rollach bliantúil de 1,500 thar thréimhse cúig bliana. Ciallaíonn úsáid mhéadaithe uaireanta oibriúcháin ar na haonaid sna luathbhlianta (> 2000 uair an chloig) go mbeidh uaireanta teoranta ar fáil sna blianta amach romhainn (<1,000 uair an chloig). Glactar leis san anailís lárnach sa mheasúnú seo go bhféadfar na huaireanta oibriúcháin a bhainistiú sna blianta amach romhainn; áirítear dhá íogaireacht, áfach, chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag infhaighteacht laghdaithe uaireanta oibriúcháin agus ar an tionchar a bheadh ag deireadh iomlán a chur leis an teorainn ar uaireanta oibriúcháin. Áirítear i Roinn 6.3 tuilleadh eolais faoin dáta reo sonraí i ndáil leis an ARHL ar aonaid do 2025.

Léiríonn Tábla 5.4 thíos an toilleadh carnach a mheastar a bheidh faoi réir teorainneacha ar uaireanta oibriúcháin amach go dtí 2035 i dTuaisceart Éireann. Tabhair faoi deara go n-áirítear sa tábla thíos toilleadh atá ann cheana agus toilleadh nua agus glactar leis nach mbeidh aon athrú ann tar éis 2030.

**Tábla 5.4 An toilleadh (MW) a thoimhdítear a bheith faoi réir teorainneacha maidir le huaireanta oibriúcháin i dTuaisceart Éireann**

| Teorainn ar Uaireanta Oibriúcháin | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 500 uair an chloig | 310 | 310 | 310 | 310 | 310 | 310 | 310 | 310 | 310 | 310 |
| 1,500 uair an chloig | 700 | 700 | 700 | 700 | 700 | 700 | 700 | 700 | 700 | 700 |



## 5.4 Idirnasc & Nasclínte

Ligeann idirnasc maidir le cumhacht leictreach a iompar idir dhá mhargadh. Soláthraíonn idirnascadh leis an mBreatain Mhór thar na hidirnascairí Thoir-Thiar (EWIC), na Maoile agus Greenlink tairbhe shuntasach chun oibriú na gcóras cumhachta in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a dhaingniú.

Tá ról lárnach ag an líne cheangail Thuaidh Theas atá ann cheana (idir Lú agus Tóin re Gaoith) i slándáil agus leordhóthanacht an chórais sa dá dhlínse. Tríd an idirnasc idir an dá dhlínse ar an oileán a mhéadú, i bhfoirm an dara hIdirnascaire Thuaidh Theas, cuirfear feabhas suntasach ar an rochtain ar thoilleadh giniúna sa dá dhlínse, rud a chuirfidh go dearfach le slándáil an tsoláthair in MLA.

Leis an Idirnascaire Ceilteach, atá á fhorbairt faoi láthair, nascfar Éire leis an bhFrainc. Nuair a bheidh sé críochnaithe, beidh an t-idirnascaire sin ar an gcéad nasc díreach a bheidh ag Éirinn le mór-roinn na hEorpa agus beidh tairbhí leordhóthanachta ag baint leis trí rochtain ar mhargaí níos éagsúlaithe.

### 5.4.1 Nasclíne Thuaidh Theas

Beidh an Measúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní seo bunaithe ar shamhail seolta aonaid eacnamaíoch lenar féidir samhaltú dinimiciúil a dhéanamh ar shreafaí cumhachta idir Éire agus Tuaisceart Éireann. Déantar measúnuithe leordhóthanachta giniúna le haghaidh gach réigiúin bunaithe ar an nGlan-Toilleadh Aistrithe idir na dlínsí a díorthaíodh trí staidéir ar thoilleadh aistrithe eangaí mar chuid den phróiseas TYNDP[69]. Áirítear an tIdirnascaire Thuaidh Theas nua sa mheasúnú Uile-Oileáin ar leordhóthanacht, ach ní áirítear an tIdirnascaire Thuaidh Theas nua sna measúnuithe leordhóthanachta dlínse. Glactar leis sna staidéir sin go bhfuil luach NTC níos ísle ná toilleadh rátaithe fisiciúil iarbhír na línte ós rud é go gcuirtear rialacha oibríochtúla agus teagmhais líonra N-1 san áireamh i luach NTC.

Áirítear le Tábla 5.5 thíos an toimhde maidir leis an nglan-acmhainn aistrithe le haghaidh an tarchuir idir Éire agus Tuaisceart Éireann, a úsáidtear sa mheasúnú seo. Áirítear sa tábla freisin an méadú breise ar NTC a luaithe a thoimhdeofar go mbeidh an dara nasc tarchuir ard-toillte idir Éire agus Tuaisceart Éireann ar fáil faoi 2032[70]. Dá bhrí sin, is é an NTC Thuaidh Theas iomlán ó 2032 ná 1,200 MW ón Tuaisceart go dtí an Deisceart agus 1,250 MW ón Deisceart go dtí an Tuaisceart.

Chun críocha na tuarascála seo, ní bhreithnítear sna measúnuithe dlínse ach an líne cheangail Thuaidh-Theas atá ann cheana, agus déantar luach an Idirnascaire Thuaidh-Theas nua a mheasúnú mar chuid den mheasúnú Uile-Oileáin.

**Tábla 5.5 An Ghlan-Toilleadh Aistrithe Thuaidh Theas**

| Toilleadh N > S (MW) | Toilleadh S > N (MW) | Cur Síos |
|---|---|---|
| 300 | 300 | Nasclíne Thuaidh Theas atá ann cheana. San áireamh i ngach bliain den tréimhse staidéir le haghaidh na measúnuithe leordhóthanachta lárnacha dlínse. |
| 900 | 950 | Idirnascaire Thuaidh Theas Nua. San áireamh ó 2032 don mheasúnú Uile-Oileáin. |

69 TYNDP 2022 Project Collection (tyndp2022-project-platform.azurewebsites.net)
70 Foilsiú Phunann Seachadta Líonra EirGrid R1 2025

### 5.4.2 Idirnasc SDAV ón gcóras uile-oileáin go dtí an Bhreatain Mhór agus an Fhrainc

Agus measúnú á dhéanamh ar rannchuidiú idirnascaire le leordhóthanacht giniúna, tá gá le breithniú a dhéanamh ar infhaighteacht giniúna ar an taobh eile, chomh maith le hinfhaighteacht an idirnascaire féin.

Nascann an tIdirnascaire Thoir-Thiar (EWIC) córais tarchuir na hÉireann agus na Breataine Bige le toilleadh 500 MW sa dá threo. I dTuaisceart Éireann, is nasc SDAV dé-mhonaplach é Idirnascaire na Maoile le dhá chábla comhaiseach faoin bhfarraige ó Thuaisceart Éireann go hAlbain. Tá toilleadh iompórtála Idirnascaire na Maoile ag 450 MW faoi láthair agus tá an toilleadh easpórtála teoranta do 400 MW; glactar leis, áfach, go méadóidh sé sin go dtí an úsáid dhéthreoch iomlán 500 MW ó 2028 tar éis tionscadal chun Toilleadh Idirnascaire na Maoile a Mhéadú a chur i gcrích[71].

Nascann Idirnascaire Greenlink córais tarchuir na hÉireann agus na Breataine Bige le toilleadh 500 MW sa dá threo. Cuireadh fuinneamh in Idirnascaire Greenlink i mí Aibreáin 2025.

Nascfaidh an tIdirnascaire Ceilteach córais tarchuir na hÉireann agus na Fraince le toilleadh 700 MW sa dá threo. Bhí sé i gceist ar dtús fuinneamh a chur san Idirnascaire Ceilteach in 2027 ach tar éis moilleanna ar mhonarú cáblaí glactar leis anois go mbeidh sé ar fáil ó mhí Aibreáin 2028 2028 ar aghaidh.[72]

I dTábla 5.6 déantar achoimre ar an bpunann idirnaisc, lena n-áirítear idirnascairí atá ann cheana agus tionscadail a bhfuiltear ag súil go mbainfear amach iad faoi 2030.

**Tábla 5.6 Toimhdí maidir le Glan-Toilleadh Aistrithe SDAV (MW) le haghaidh nasc Thuaisceart Éireann / na hÉireann. Fachtóirí caillteanais díorthaithe ó Fhachtóirí Coigeartaithe Caillteanais Tarchurtha (TLAFanna) do 2024-2025.[73]. Is toisc caillteanais réamh-mheasta é an fachtóir caillteanais do Celtic bunaithe ar bhreithiúnas innealtóireachta fhoireann Idirnasctha EirGrid.**

| Líne | Iompórtáil (MW) | Fachtóir Caillteanais | Nóta |
|---|---:|---:|---|
| An Mhaoil | 450 | 2.4% | Méaduithe go +/-500 MW ó 2028 |
| EWIC | 500 | 4.7% | |
| Greenlink | 500 | 2.3% | |
| An tIdirnascaire Ceilteach | 700 | 4.2% | A mheastar a bheidh ar fáil ó thús R2 2028 |

71 Dréachtphlean Forbartha Tarchurtha Thuaisceart Éireann 2023-2032
72 An tIdirnascaire Ceilteach | Tionscadail | EirGrid
73 2024-25 Approved TLAFs v1.1.xlsx

### 5.4.3 Idirnasc Breise

Tá tuilleadh tionscadal tugtha faoi deara i bPlean Forbartha Líonra Deich mBliana is déanaí ENTSO-E 2024[74]. I dTuaisceart Éireann d'fhéadfadh idirnascaire 700 MW nua a bheith ann go hAlbain[75], agus d'fhéadfadh oibreoir ionchasach amháin (LirIC) ceadúnas idirnascaire a fháil ó Ofgem. Dheonaigh an Rialtóir Fóntais ceadúnas tarchuir do Transmission Investment (TI) LirIC Limited i mí na Nollag 2024[76]. In Éirinn, d'fhéadfadh tionscadal nua idirnascaire 750 MW a bheith ann (MARES Connect[77]) idir Éire agus an Bhreatain Bheag.

Tá tionscadail LirIC agus Mares Connect ag céimeanna forbartha réasúnta luath, agus tá naisc eangaí, téarmaí talún agus rialála fós á bpróiseáil. Mar sin, níl na tionscadail sin san áireamh in aon staidéir sa tuarascáil seo.

**Tábla 5.7 Tuilleadh tionscadal idirnasctha**

| Tionscadal | Cur Síos | Spriocbhliain Coimisiúnaithe do Thionscnóirí Tionscadail | Glan-Toilleadh Aistrithe Toimhdithe (MW) |
|---|---|---|---|
| LirIC | Idirnascaire idir Tuaisceart Éireann agus Albain | 2032 | 700 |
| MARES Connect | Idirnascaire idir Éire agus an Bhreatain Bheag | 2029 | 750 |

74 TYNDP 2024
75 LirIC – Tarchur Infheistíochta (tinv.com)
76 Ceadúnas Tarchuir Leictreachais a dheonú do TI LirIC Limited | Rialtóir Fóntais
77 Achoimre Neamhtheicniúil | Idirnascaire MaresConnect

## 5.5 Giniúint Inathraitheach

### 5.5.1 Punann na hÉireann

Tá sprioc uaillmhianach leagtha síos i bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2024 de chuid Rialtas na hÉireann chun 80 % FIF-L agus laghduithe suntasacha ar astaíochtaí a bhaint amach. Leagtar síos sa phlean spriocanna soiléire maidir leis an gcainníocht is gá de theicneolaíochtaí in-athnuaite nua lena n-áirítear gaoth amach ón gcósta, gaoth ar talamh, grianfhuinneamh ar mhórscála agus grianfhuinneamh dín mar a achoimrítear i dTábla 5.8.

Tábla 5.8 Spriocanna in-athnuaite an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide in Éirinn

| Teicneolaíocht | Sprioc 2025 | Sprioc 2030 |
|---|---|---|
| Gaoth ar Talamh | 6 GW | 9 GW |
| Gaoth Amach ón gCósta | - | 5 GW ar a laghad |
| Grian | Suas le 5 GW | 8 GW |

Chun tionscadail nua in-athnuaite a dhreasú agus chun an toilleadh riachtanach a sholáthar chun na spriocanna sin a bhaint amach, thug Rialtas na hÉireann ceantanna iomaíocha isteach le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite. San iomlán, rinneadh cúig cheant go dtí seo lena n-áirítear ceithre cheant faoin Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (STLI) lena ndírítear ar thionscadail ar tír (gaoth/grian/hibrideach) agus Scéim Tacaíochta amháin um Leictreachas In-athnuaite Amach ón gCósta (STLIAC) lena ndírítear go sonrach ar thionscadail ghaoithe amach ón gcósta. Táthar ag súil go dtabharfar dhá cheant bhreise, STLI 5 agus STLIAC Tonn Nua, i gcrích faoi dheireadh 2025[78].


Chomh maith leis na scéimeanna tacaíochta in-athnuaite, chun na próisis nasc a chuíchóiriú, bhí roinnt scéimeanna rochtana eangaí ann chun nascadh na giniúna in-athnuaite a fhorbairt: Geata 3, Neamh-GPA agus ECP, arb é ECP-2 an ceann is déanaí díobh. Foilsíonn EirGrid liosta de gach giniúint gaoithe nasctha tarchurtha in Éirinn, agus foilsíonn ESB Networks an méid sin atá nasctha le dáileadh. Tá breithniú déanta ag EirGrid ar thorthaí cheant STLI agus STLIAC, ar shonraí ESBN agus ar shonraí próisis na nasc is déanaí chun treocht a fhorbairt chun toilleadh in-athnuaite nua a chur in úsáid.

78 STLI| Faisnéis do Chustaiméirí | EirGrid

D'fhorbair Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) réamhaisnéisí[79] maidir le toilleadh giniúna inathraithe ó shuirbhéanna ar pháirtithe leasmhara saineolaíocha sa Staidéar ar an gCóras Leictreachais Dícharbónaithe (DESS) – Réamhaisnéisí ar rátaí sochreidte maidir le feistiú na teicneolaíochta giniúna 2024-2040. Roghnaíodh an réamhaisnéis airmheánach (EPO50) ón anailís seo don mheasúnú lárnach leordhóthanachta sa tuarascáil seo. Is éard atá sa réamhaisnéis meastachán úsáide 'buille faoi thuairim' inchreidte le haghaidh gach teicneolaíocht in-athnuaite athraitheach, arna meas ag grúpa páirtithe leasmhara saineolacha i R1 2024. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi réamhaisnéisí SEAI a fháil i Réamhaisnéisí SEAI maidir le rátaí sochreidte d'úsáid na teicneolaíochta giniúna 2024-2040. Léirítear treocht airmheánach na giniúna athraithí i bhFíor 5.2 thíos.

Ar an iomlán, glactar leis sa treocht go mbeidh moill ar spriocanna an Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide do 2030 a bhaint amach; mar sin féin, is iomchuí a bheith stuama sna toimhdí maidir le seachadadh in-athnuaite chun críche measúnú leordhóthanachta i gcás ina bhfuil sé beartaithe a áirithiú go bhfuil toilleadh docht leordhóthanach ann chun an soláthar agus an t-éileamh a chothromú; go háirithe de réir mar a aistríonn Éire chuig córas cumhachta in-athnuaite.

Chun luach na n-acmhainní in-athnuaite le haghaidh oibriú iontaofa an chórais a léiriú, sainaithníodh dhá íogaireacht chun aird a tharraingt ar rannchuidiú na bhfoinsí in-athnuaite le leordhóthanacht acmhainní. Toimhdítear réamhaisnéis ard SEAI (EP010) sa chéad íogaireacht agus déantar anailís sa dara híogaireacht ar éifeacht na síntí starracha acmhainní in-athnuaite níos moille trí úsáid a bhaint as réamhaisnéis íseal SEAI (EP090).




*Fíor 5.2 Fás measta an toillte giniúna athraithí in Éirinn*

79 Réamhaisnéis faoi Thoilleadh Giniúna Athraithí SEAI

### 5.5.2 Punann Thuaisceart Éireann

I mí an Mheithimh 2019, ba í an Ríocht Aontaithe an chéad mhórgheilleagar a thug gealltanas go ndéanfaí laghdú 100% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050. Is ionann an sprioc 'glan-nialasacht' sin agus mórathrú sa ghealltanas chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim aeráide. Foilsíodh Straitéis Fuinnimh nua Fheidhmeannacht Thuaisceart Éireann – *The Path to Net Zero Energy*[80] i mí na Nollag 2021. Leagtar amach ann treochlár go dtí 2030 arb é is aidhm dó laghdú 56% ar astaíochtaí a bhaineann le fuinneamh a bhaint amach, ar an mbealach chun fís 2050 maidir le carbón glan-nialasach a bhaint amach. Achtaíodh an tAcht um Athrú Aeráide (Tuaisceart Éireann) 2022[81] i mí an Mheithimh 2022. Áirítear ar phríomhghnéithe na reachtaíochta sin sprioc maidir le laghdú 100% ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) glan-nialasacha faoi 2050.

Ag eascairt as an Straitéis Fuinnimh nua, d'fhoilsigh an Roinn Geilleagair (DfE) *The Path to Net Zero – Action Plan 2022*[82] agus le déanaí *The Path to Net Zero – Action Plan 2025*[83]. Tá Plean Gníomhaíochta 2025 ina dhlúthchuid den straitéis fuinnimh fhoriomlán a chur i gcrích. Leagtar amach sa phlean raon gníomhartha a bhfuil súil ag an Rialtas iad a thabhairt ar aghaidh le comhpháirtithe eile le linn 2025. Áirítear sa straitéis sprioc '80% ar a laghad den tomhaltas leictreachais ó mheascán éagsúil d'fhoinsí in-athnuaite faoi 2030'.

Is léir go mbeidh gá le hinfheistíocht shuntasach chun leibhéil níos airde teicneolaíochtaí nua in-athnuaite agus ísealcharbóin a sholáthar. Mar sin féin, ciallaíonn dúnadh Oibleagáid Thuaisceart Éireann maidir le Fuinneamh In-athnuaite (NIRO) in 2017 nach bhfuil aon scéim tacaíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais shonracha na giniúna athraithí ar fáil chun infheistíocht i bhfuinneamh in-athnuaite a spreagadh i dTuaisceart Éireann. Tá meicníochtaí de chineál ceantála ag an mBreatain Mhór agus ag Éirinn araon i gConarthaí Difríochta (CfD) agus sa Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite (STLI).


Leagtar béim in *Path to Net Zero – Action Plan 2025* ar ghníomhaíocht ar an Roinn Geilleagair chun dearadh deiridh na scéime tacaíochta leictreachais in-athnuaite a sheoladh mar aon le conair agus amlíne chun go mbeidh an scéim tacaíochta i bhfeidhm mar a shonraítear i Straitéis Fuinnimh Thuaisceart Éireann. Chuaigh an Roinn Geilleagair i gcomhairle maidir le breithnithe i ndáil leis an dearadh le haghaidh scéim nua i mí Feabhra 2023, agus ansin i mí Aibreáin 2024, d'fhoilsigh an Roinn an Dearadh Ardleibhéil (DAL)[84] le haghaidh Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite do Thuaisceart Éireann. Ba é cuspóir an fhoilseacháin cuspóirí beartais níos leithne na scéime nua a leagan amach, béim a leagan ar na gnéithe dearaidh, agus treochlár ceantála de ghiniúint in-athnuaite atá le soláthar faoin scéim faoi 2030 a chur i láthair. I mí Mheán Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Roinn Dearadh Deiridh na Scéime le haghaidh scéim tacaíochta leictreachais in-athnuaite[85], eadhon an Ráthaíocht um Praghas Leictreachais In-athnuaite (REPG).

80 The Path to Net Zero Energy. Sábháilte. Inacmhainne. Glan. (economy-ni.gov.uk)
81 https://www.legislation.gov.uk/nia/2022/31/enacted
82 https://www.economy-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/economy/energy-strategy-path-to-net-zero-action-plan.pdf
83 The Path to Net Zero – Action Plan 2025
84 Scéim Tacaíochta Leictreachais In-Athnuaite (economy-ni.gov.uk)
85 Dearadh Deiridh na Scéime le haghaidh scéim tacaíochta leictreachais in-athnuaite do Thuaisceart Éireann

Táthar ag súil go reáchtálfar an chéad cheant i R1 de 2027, agus go ndámhfar conarthaí sa bhliain chéanna. Go dtí go ndámhtar conarthaí trí REPG, tógtar réamhaisnéisí in-athnuaite trí úsáid a bhaint as cur chuige ón mbun aníos lena ndéantar measúnú ar phíblínte nasc agus eachtarshuí thar thréimhse an staidéir ag glacadh leis go gcuirfear teicneolaíochtaí in-athnuaite i bhfeidhm go comhsheasmhach, mar a léirítear i bhFíor 5.3.

Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, meastar gurb iad gaoth ar talamh agus fótavoltachas gréine na teicneolaíochtaí is éasca a chur in úsáid do Thuaisceart Éireann. Sa mheántéarma agus san fhadtéarma, is deis shuntasach é an fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta chun toilleadh in-athnuaite breise ar mhórscála a fhorbairt.

Le híogaireacht, déantar measúnú ar thionchar an fháis luathaithe ar an toilleadh in-athnuaite, agus le híogaireacht bhreise déantar anailís ar thionchar na moilleanna ar sheachadadh in-athnuaite ar leordhóthanacht acmhainní.




*Fíor 5.3 An fás a mheastar a thiocfaidh ar an toilleadh in-athnuaite i dTuaisceart Éireann*

## 5.6 Stóráil Fuinnimh

Tá forbairt tagtha ar an bpunann stórála fuinnimh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann le blianta beaga anuas agus tá méadú tagtha ar stóráil ceallraí atá á tabhairt isteach sa phunann. Is féidir le teicneolaíochtaí stórála ceallraí leas a bhaint as raon sruthanna ioncaim margaidh lena n-áirítear an margadh mórdhíola, íocaíochtaí toillte agus Seirbhísí Córais DS3. Is é is aidhm do Sheirbhísí Córais DS3 acmhainní a dhreasú lenar féidir seirbhísí a sholáthar chun a chinntiú gur féidir leis an gcóras cumhachta oibriú go slán le leibhéil níos airde de Threá Neamhshioncronach Córais (TNSC). Is féidir leis an gcóras suas le 75% TNSC a oibriú faoi láthair, agus tá an treochlár beartais oibríochtúil[86] chun uaillmhianta fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach dírithe ar 95% TNSC faoi 2030.

Bhí tógáil chonarthaí seirbhíse córais DS3 de chineál a fhágann gur seirbhísí freagartha minicíochta a ghníomhaíonn go tapa go príomha a bhí sna sruthanna ioncaim is infheidhme maidir le ceallraí, lena n-áirítear freagairt mhinicíochta tapa agus cúltacaí oibriúcháin. Mar sin, is stóráil ghearrthréimhse iad cuid mhór den phunann ceallraí atá ann faoi láthair, lena soláthraítear níos lú ná uair an chloig de fhreagairt fuinnimh de ghnáth. Mar sin féin, coimisiúnaíodh an chéad cheallra iluaire in Éirinn in 2023, tar éis dó a bheith rathúil i gcreat ama cheant T-4. Tá roinnt aonad ré iluaire féideartha eile ann freisin ag céimeanna éagsúla forbartha in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann.

Áirítear sna táblaí a chuirtear i láthair sa roinn seo stóráil chaidéalaithe atá ann cheana agus ceallraí atá nasctha leis an gcóras leictreachais i ngach dlínse faoi láthair, agus toilleadh stórála nua ar dámhadh conarthaí ina leith sna toilleadh-cheantanna. Ós rud é go bhfuil toilleadh-cheantanna don tréimhse 2030 ar aghaidh fós le reáchtáil, úsáideann na staidéir sin luach 2029 don chuid eile de thréimhse an staidéir.

86 Treochlár Beartais Oibríochtúil 2025-2035

### 5.6.1 Punann na hÉireann

Is cineál bonneagair fuinnimh hidrileictrigh é Stóráil Hidreachaidéalaithe Il-Uaire (PHS) a bhaineann le fuinneamh a stóráil trí leictreachas a úsáid chun uisce a chaidéalú ó thaiscumar íochtarach go taiscumar uachtarach. Déantar leictreachas a tháirgeadh trí ligean don uisce sreabhadh síos go dtí taiscumar íochtarach a chasann tuirbín atá ceangailte le gineadóir. Ina dhiaidh sin, go ginearálta nuair a bhíonn praghsanna leictreachais saor, déantar an t-uisce a phumpáil ar ais, agus déantar an taiscumar a athlíonadh. Chill Mhantáin, ina bhfuil ceithre thuirbín ag a bhfuil cumhacht rátáilte 292 MW, agus stáisiún stórála le toilleadh 1.6 GWh, an t-aon saoráid PHS sa tír.

I dTábla 5.9 agus Tábla 5.10 tugtar achoimre ar an toilleadh iomlán giniúna agus stórála fuinnimh atá suiteáilte in Éirinn, lena n-áirítear stóráil ceallraí agus stóráil chaidéalaithe, agus 3 chatagóir d'fhad stórála á gcur san áireamh.

In 2030, glactar leis go bhfuil 1,800 MW de thoilleadh giniúna sannta do theicneolaíochtaí stórála, agus 4,760 MWh de thoilleadh stórála ag Éirinn, ciallaíonn sé sin gur féidir le stóras cumhacht 1,800 MW a sholáthar ar feadh níos mó ná 2.5 uair an chloig.

**Tábla 5.9 Toilleadh Stórála Fuinnimh na hÉireann (MW) slánaithe go dtí na 10 MW is gaire**

| Fad Ama | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| <= 1 uair an chloig | 460 | 460 | 460 | 480 | 480 | 480 | 480 | 480 | 480 | 480 |
| 1-4 uair an chloig | 390 | 530 | 620 | 920 | 920 | 920 | 920 | 920 | 920 | 920 |
| > 4 uair an chloig | 0 | 0 | 0 | 110 | 110 | 110 | 110 | 110 | 110 | 110 |
| Stóráil Phumpáilte | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 |
| Iomlán | 1,140 | 1,280 | 1,370 | 1,800 | 1,800 | 1,800 | 1,800 | 1,800 | 1,800 | 1,800 |

**Tábla 5.10 Stóráil Fuinnimh na hÉireann (MWh) slánaithe go dtí na 10 MWh is gaire**

| Fad Ama | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| <= 1 uair an chloig | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 | 290 |
| 1-4 uair an chloig | 880 | 1,390 | 1,510 | 2,220 | 2,220 | 2,220 | 2,220 | 2,220 | 2,220 | 2,220 |
| > 4 uair an chloig | 0 | 0 | 0 | 650 | 650 | 650 | 650 | 650 | 650 | 650 |
| Stóráil Phumpáilte | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,600 | 1,600 |
| Iomlán | 2,770 | 3,280 | 3,400 | 4,760 | 4,760 | 4,760 | 4,760 | 4,760 | 4,760 | 4,760 |

### 5.6.2 Punann Thuaisceart Éireann

I dTábla 5.11 agus Tábla 5.12 tugtar achoimre ar an toilleadh iomlán suiteáilte giniúna agus stórála fuinnimh na gceallraí i dTuaisceart Éireann. Tá ré na gceallraí uile a nglactar leis go bhfuil siad nasctha leis an gcóras i dTuaisceart Éireann níos lú ná 1 uair an chloig, bunaithe ar na torthaí ón toilleadh-cheant is déanaí. Murab ionann agus Éire, níl aon saoráidí Stórála Hidreachaideálaithe Il-uaire (PHS) ag Tuaisceart Éireann faoi láthair.

In 2030, glactar leis go bhfuil 240 MW de thoilleadh giniúna sannta do theicneolaíochtaí stórála, agus 220 MWh de thoilleadh stórála ag Tuaisceart Éireann, ciallaíonn sé sin gur féidir le stóras cumhacht 240 MW a sholáthar ar feadh thart ar 1 uair an chloig.

**Tábla 5.11 Toilleadh Stórála Fuinnimh Thuaisceart Éireann (MW) slánaithe go dtí na 10 MW is gaire**

| Fad Ama | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| <= 1 uair an chloig | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 | 200 |
| 1-4 uair an chloig | 10 | 10 | 20 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 | 40 |
| Iomlán | 210 | 210 | 220 | 240 | 240 | 240 | 240 | 240 | 240 | 240 |

**Tábla 5.12 Stóráil Fuinnimh Thuaisceart Éireann (MWh) slánaithe go dtí na 10 MWh is gaire**

| Fad Ama | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| <= 1 uair an chloig | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 | 140 |
| 1-4 uair an chloig | 20 | 20 | 50 | 80 | 80 | 80 | 80 | 80 | 80 | 80 |
| Iomlán | 160 | 160 | 190 | 220 | 220 | 220 | 220 | 220 | 220 | 220 |

### 5.6.3 Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh

Aithníodh sa treochlár "Ár dTodhchaí Leictreachais a Mhúnlú" (TLM) v1.1 an gá atá le méideanna suntasacha Stórála Fadtréimhsí Fuinnimh (LDES) in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann chun úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú / seoladh anuas fuinneamh in-athnuaite a laghdú agus rogha eile ar ghiniúint breosla iontaise a chur ar fáil le linn tréimhsí ina bhfuil aschur in-athnuaite íseal.

In Éirinn, chuaigh an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil (DCEE) i gcomhairle maidir le[87] ról na stórála fuinnimh in Éirinn, chomh maith leis na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann léi. I dTuaisceart Éireann, chuaigh an Roinn Geilleagair i gcomhairle maidir le breithnithe dearaidh i dtaca le plean um chórais chliste agus um sholúbthacht[88], lena n-áirítear roghanna solúbthachta eangaí.

I mí na Samhna 2023, d'fhoilsigh EirGrid agus SONI Glao ar Fhianaise maidir leis na Roghanna Soláthair Margaidh[89] i dtaca le Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES), inar sonraíodh an gá méadaitheach atá leis an gcóras le Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh agus modhanna soláthair féideartha chun dreasacht airgeadais a sholáthar chun é a nascadh. Beidh comhairliúchán EirGrid ar na bacáin maidir leis an bpróiseas soláthair tosaigh le haghaidh sócmhainní LDES, a mbeidh a thorthaí mar bhonn eolais don pháipéar molta deiridh agus do dhearadh mionsonraithe an tsoláthair go dtí 2026/2027.

I bhfianaise na héiginnteachta maidir le tionscadail LDES a sheachadadh, níor cuireadh tionscadail LDES ionchasacha san áireamh sna táblaí thuas, ach de réir mar a théann an obair seo chun cinn, déanfar tionscadail a thiocfaidh chun cinn a chur san áireamh le haghaidh measúnuithe ar leordhóthanacht amach anseo. Agus dul chun cinn á dhéanamh ar an obair sin, cuireadh íogaireacht san áireamh chun scrúdú a dhéanamh ar luach na stórála breise ó thaobh leordhóthanacht acmhainní i gcás na hÉireann agus Thuaisceart Éireann araon.

87 An Creat Beartais um Stóráil Leictreachais
88 Transitioning to a net zero energy system - Consultation on design considerations for a Northern Ireland Smart Systems and Flexibility Plan (economy-ni.gov.uk)
89 Glao ar Fhianaise maidir leis na Roghanna Soláthair Margaidh i dtaca le Stóráil Fhadtréimhseach Fuinnimh (LDES) | Tairseach Chomhairliúcháin EirGrid

## 5.7 Aonaid an Éilimh

Is éard atá in Aonad an Éilimh (AÉ) láithreán éilimh aonair amháin nó níos mó a chomhiomlánaítear in aonad aonair ar féidir a sheoladh amhail is dá mba ghineadóir é. Is éard atá i láithreán éilimh aonair láithreán ar féidir leis tomhaltas fuinnimh ar an láithreán a laghdú nó gineadóir ar an láthair a úsáid chun laghdú ar ghlantomhaltas fuinnimh a éascú. Sa Mhargadh Toillte, is iondúil go ndámhtar conarthaí 1 bhliain amháin ar AÉ agus, dá bhrí sin, athraíonn toilleadh AÉ gach bliain. Tá an acmhainn go dtí 2029 bunaithe ar thorthaí an cheant, agus é á thabhairt faoi deara go bhfuil ceantanna le haghaidh na tréimhse 2030 ar aghaidh fós le reáchtáil, úsáideann na staidéir luach 2029 don chuid eile de thréimhse an staidéir.

### 5.7.1 Punann na hÉireann

Léirítear i dTábla 5.13 toilleadh rátaithe AÉ a nglactar leis le haghaidh thréimhse an staidéir in Éirinn.

Tábla 5.13 Toilleadh AÉ na hÉireann (MW), slánaithe go dtí na 10 MW is gaire

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uair Oibriúcháin Teoranta | 570 | 520 | 570 | 750 | 750 | 750 | 750 | 750 | 750 | 750 |
| Uair Neamh-Oibriúcháin Teoranta | 190 | 230 | 290 | 480 | 480 | 480 | 480 | 480 | 480 | 480 |

Áirítear i dTábla 5.14 thíos teorainn uaireanta oibriúcháin laethúil a chuirtear i bhfeidhm maidir le teorainn uaireanta oibriúcháin AÉ, bunaithe ar mheán chonarthaí AÉ lena mbaineann teorainn ar uaireanta oibriúcháin a dhámhtar trí thoilleadh-cheantanna an mhargaidh.

Tábla 5.14 Teorainn ar Uaireanta Oibriúcháin AÉ na hÉireann (uaireanta)

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teorainn Gníomhachtaithe Laethúil | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |

### 5.7.2 Punann Thuaisceart Éireann

Léirítear i dTábla 5.15 an toilleadh rátaithe AÉ a nglactar leis le haghaidh thréimhse an staidéir i dTuaisceart Éireann.

**Tábla 5.15 Toilleadh AÉ Thuaisceart Éireann (MW), slánaithe go dtí na 10 MW is gaire**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uair Oibriúcháin Teoranta | 140 | 80 | 120 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 |
| Uair Neamh-Oibriúcháin Teoranta | 50 | 50 | 60 | 110 | 110 | 110 | 110 | 110 | 110 | 110 |

Áirítear le Tábla 5.16 thíos an teorainn laethúil ar uaireanta oibriúcháin a chuirtear i bhfeidhm maidir le Teorainn Uaireanta Oibriúcháin AÉ, bunaithe ar chonarthaí arna ndámhachtain trí cheantanna an mhargaidh toillte.

**Tábla 5.16 Teorainn ar uaireanta oibriúcháin AÉ Thuaisceart Éireann (uaireanta)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teorainn Gníomhachtaithe Laethúil | 3 | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |

Oibríonn Aonaid Giniúna Comhiomlánaithe (AGU) Inseolta i dTuaisceart Éireann, arb é atá iontu roinnt gineadóirí díosail agus roinnt inneall gáis aonair a ghrúpáil le chéile lena dtoilleadh comhcheangailte a chur ar fáil don mhargadh. Chomh maith le toilleadh AÉ sna táblaí thuas, léirítear an acmhainn AGU a thoimhdítear i dTuaisceart Éireann i dTábla 5.17.

**Tábla 5.17 Toilleadh AGU Thuaisceart Éireann (MW)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AGU | 79 | 79 | 79 | 79 | 79 | 79 | 79 | 79 | 79 | 79 |

## 5.8 Giniúint Neamh-Thraidisiúnta Eile

### 5.8.1 Cumhacht is Teas in Éineacht ar mhionscála

Úsáideann Cumhacht is Teas in Éineacht (CTÉ) gléasra giniúna chun leictreachas agus teas úsáideach a chruthú ag an am céanna. Tá éifeachtúlacht fhoriomlán na ngléasraí CTÉ réasúnta ard — is minic a bhíonn sé níos mó ná 80% — agus soláthraíonn a oibriú tairbhí i dtéarmaí ídiú breosla iontaise a laghdú agus astaíochtaí CO2 a íoslaghdú, ós rud é go n-úsáidtear teas sceite in ionad coirí breise chun téamh a sholáthar.

Áirítear thart ar 160 MW d'aonaid CTÉ ar mhionscála in Éirinn sa staidéar. Tugtar cuntas ar leithligh ar 160 MW breise de ghléasra CTÉ a sheoltar go lárnach arna oibriú ag Aughinish Alumina. Chun críoch an mheasúnaithe sin, glacann EirGrid leis nach n-athróidh an toimhde atá ann faoi láthair maidir le toilleadh CTÉ ar mhionscála sna 10 mbliana amach romhainn.

I dTuaisceart Éireann, meastar faoi láthair go bhfuil 9 MW de CTÉ ar mhionscála nasctha leis an gcóras dáileacháin (a bhfuil 3 MW de in-athnuaite agus 6 MW de neamh-inathnuaite). Níor cuireadh SONI ar an eolas faoi thoilleadh nua atá ag teacht chun cinn, dá bhrí sin, chun críoch an ráitis seo, glactar leis nach n-athróidh toilleadh reatha CTÉ ar mhionscála sna 10 mbliana amach romhainn.

### 5.8.2 Bithbhreosla

Tá roinnt cineálacha éagsúla gléasra giniúna arna gcumhachtú ag an mbithbhreosla ar an oileán.

In Éirinn, measann EirGrid faoi láthair go gcumhachtaítear 24 MW d de thoilleadh giniúna le bithbhreosla, bithghás nó gás láithreáin líonta mar a bpríomhfhoinse breosla, agus 30 MW breise d'aonaid bhithbhreosla atá cláraithe faoi oibreoirí AÉ.

Glactar leis go leanfaidh aonad Éadan Doire 118 MW Bhord na Mona de bheith ag oibriú go dtí deireadh thréimhse an staidéir. Tugadh cead pleanála don aonad sin oibriú mar aonad bithmhaise 100 % ó 2024 agus tá sé ag oibriú ar bhithmhais 100 % faoi láthair.

I dTuaisceart Éireann faoi láthair, measann SONI go bhfuil 46 MW de ghiniúint ar mhionscála á cumhachtú ag bithbhreoslaí, lena n-áirítear bithmhais, bithghás agus gás láithreáin líonta. Ní bhfuarthas aon fhógra maidir le toilleadh nua, dá bhrí sin, chun críoch na tuarascála seo, glactar leis nach n-athróidh an toilleadh sin sna 10 mbliana amach romhainn.

In 2015, tháinig Tionscadal Dramhaíola Lisahally i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann. Is gléasra bithmhaise/fuinnimh ó dhramhaíl cumhachta is teasa in éineacht a bhreoslaítear le hadhmad é ag a bhfuil toilleadh de thart ar 18 MW. Tá an gléasra inseolta agus deonaíodh seoladh tosaíochta dó.

Thug roinnt aonad ar éirigh leo i dtoilleadh-cheantanna le déanaí le fios go bhfuil sé beartaithe acu oibriú ar Ola Glasraí Hidriginithe, mar a mhínítear a thuilleadh i Roinn 5.3.1.

### 5.8.3 Hidrileictreach ar Mhionscála

Measann EirGrid go bhfuil 26 MW[90] de thoilleadh hidrileictreach ar mhionscála suiteáilte in aibhneacha agus i sruthanna ar fud na hÉireann faoi láthair. Is teicneolaíocht aibí í seo, ach, toisc go bhfuil easpa suíomhanna nua oiriúnacha ann, cuireann an fachtóir seo srian le fás amach anseo maidir le teicneolaíochtaí hidrileictreacha. Glacann EirGrid leis nach mbeidh aon mhéadú breise ar an toilleadh hidrileictreach beag thar na 10 mbliana de thréimhse an staidéir.

I dTuaisceart Éireann, tá an toilleadh hidrileictreach ar mhionscála thart ar 6 MW. Díorthaítear toilleadh hidrileictreach Thuaisceart Éireann go ginearálta ó go leor tionscadal beag i dtaca le fearas shní na habhann. Chun críoch na tuarascála seo, glacann SONI leis nach n-athróidh an toilleadh hidrileictreach ar mhionscála sin thar na 10 mbliana.

### 5.8.4 Dramhaíl go fuinneamh

In Éirinn, tá dhá ghléasra dramhaíola go fuinneamh ann faoi láthair:

- Gléasra Dramhaíola go Fuinneamh Bhaile Átha Cliath – 62 MW
- Gléasra Dramhaíola go Fuinneamh Indaver – 17 MW

I dTuaisceart Éireann, tá gléasra dramhaíola go fuinneamh amháin ann faoi láthair:

- Gléasra Giniúna Ciorcail Iomláin Dramhaíola chuig Fuinneamh ag Bombardier – 15 MW

Ní thuartar aon toilleadh breise do na 10 mbliana amach romhainn i gceachtar den dá dhlínse.

### 5.8.5 Fuinneamh Muirí

In Éirinn, tá leibhéal ard éiginnteachta ag baint leis an teicneolaíocht nua seo atá ag teacht chun cinn. Bhain EirGrid úsáid as an gcur chuige coimeádach agus ghlac sé leis nach bhfuil aon fhorbairtí muirí tráchtála laistigh de thréimhse staidéir an ráitis seo.

I dTuaisceart Éireann, bhronn Eastát na Corónach cearta forbartha ar láithreáin amach ón gCósta Thuaidh gar do Chionn an Toir agus don Bhinn Mhór. Faoi láthair, níl aon tairiscintí nasctha ann maidir le tionscadail taoide. Dá bhrí sin, maidir leis an tuarascáil seo, níor chuir SONI aon toilleadh muirí san áireamh inár staidéir ar leordhóthanacht. Leanfaidh SONI ar aghaidh monatóireacht a dhéanamh ar a stádas d'fhonn é a ionchorprú i staidéir amach anseo.

## 5.9 Infhaighteacht Gléasra

Tá gá le hinfhaighteacht acmhainní neamh-in-athnuaite i samhaltú leordhóthanachta chun léiriú a thabhairt ar an bhféidearthacht go mbeadh gineadóirí ar éaradh d'éigean nó sceidealaithe. D'fhéadfadh éaradh seirbhíse d'éigean a bheith mar thoradh ar thruip aonad, éarthaí seirbhíse thar sprioc nó deisiúcháin phráinneacha, agus is é is éaradh seirbhíse sceidealaithe ann ná éaradh a bhfuil cead faighte acu roimh ré ó Fhoirne Pleanála EirGrid nó SONI maidir le hÉaradh Giniúna.

Díorthaítear na staitisticí ar bhonn uile-oileáin agus ríomhtar é ar leibhéal aicme teicneolaíochta trí úsáid a bhaint as meáin 5 bliana atá ualaithe ó thaobh toillte de a bhaineann le rátaí d'éartha seirbhíse d'éigean agus sceidealaithe le haghaidh aicmí teicneolaíochta ar leithligh. Aonaid nach n-úsáidtear a thuilleadh nó a thuartar go rachaidh siad ar scor[91] laistigh de thréimhse an

90 https://www.seai.ie/publications/2020-Renewable-Energy-in-Ireland-Report.pdf
91 Lena n-áirítear Galtuirbín (B4-5,K1-2,LR4,MP1-3,TB1-4) agus Gástuirbín (MRC,NW5)

staidéir, eisiatar iad ó ríomh na staitisticí éartha seirbhíse. I gcomhréir leis an tuairisciú míosúil ar infhaighteacht, cuireann infhaighteacht AÉnna infhaighteacht ualaithe ó thaobh toillte san áireamh in ionad staitisticí maidir le héaradh seirbhíse d'éigean agus sceidealaithe agus dá bhrí sin ní fhaigheann sé ach rátáil infhaighteachta bhliantúil. Breathnaíodh go bhfuil éaradh seirbhíse sceidealaithe ag aonaid stórála ceallraí gar do 0% agus dá bhrí sin eisiadh ceallraí ó thuairisciú ar éaradh seirbhíse sceidealaithe sa mheasúnú seo.

Léirítear na staitisticí a bhíonn mar thoradh air sin le haghaidh na tréimhse 5 bliana ó 2020-2024 i dTábla 5.18 thíos.

**Tábla 5.18 Achoimre ar staitisticí infhaighteachta aicme teicneolaíochta**

| Catagóir Teicneolaíochta | Meándóchúlacht an Éartha Seirbhíse Éigeantaigh (%) | Meánráta Éartha Seirbhíse Sceidealaithe (%) | Meánfhad Éartha Seirbhíse Sceidealaithe (uaireanta) | Infhaighteacht Bhliantúil (%) |
|---|---|---|---|---|
| AÉ | * | * | * | 26.2 |
| Teorainn ar Uaireanta Oibriúcháin AÉ | * | * | * | 23.4 |
| Gástuirbín | 11.1 | 4.8 | 420 | 84.1 |
| Hidrighiniúint | 13.4 | 5.9 | 520 | 80.7 |
| Galtuirbín | 15.9 | 7.6 | 660 | 76.5 |
| Idirnascaire | 4.5 | 3.8 | 340 | 91.7 |
| Stóráil Hidreafhuinnimh Phumpáilte | 2.7 | 5.2 | 450 | 92.1 |
| Stóráil Eile*** | 5.1 | ** | ** | 94.9 |
| Ar fud an Chórais | 21.1 | 6.1 | 540 | 72.7 |

* I gcomhréir leis an tuairisciú míosúil ar infhaighteacht, cuireann infhaighteacht AÉnna infhaighteacht ualaithe ó thaobh toillte san áireamh in ionad staitisticí maidir le héaradh seirbhíse d'éigean agus sceidealaithe.

** Breathnaíodh go raibh éaradh seirbhíse sceidealaithe le haghaidh aonaid stórála ceallraí gar do 0% agus dá bhrí sin níor cuireadh san áireamh iad mar chuid den mheasúnú seo.

*** Tá staitisticí maidir le Stóráil Eile bunaithe ar bhliain amháin de shonraí infhaighteachta, a leathnófar sna blianta amach romhainn de réir mar a bheidh níos mó sonraí ar fáil.


### 5.9.1 Infhaighteacht Gléasra Stairiúil

Tugtar forléargas san fhoroinn seo ar fheidhmíocht an ghléasra a breathnaíodh le linn na tréimhse 10 mbliana roimhe sin. Bunaithe ar shonraí 5 bliana ó 2020 go dtí 2024, agus an bhliain sin san áireamh, thug SONI agus EirGrid tuilleadh treocht anuas imeallach faoi deara maidir le meán-infhaighteacht 5 bliana an chórais Uile-Oileáin ar ghiniúint inseolta i gcomparáid le MUOLA 2025-2034 ó 77% go 76%. Cé gur tháinig feabhas ar infhaighteacht na giniúna inseolta in 2024 i gcoibhneas le 2023, bhí sí fós níos ísle ná 2019, an bhliain a cuireadh ina hionad san idirthréimhse 5 bliana aistritheach.

Mar a cuireadh in iúl roimhe seo i bhfoilseacháin le déanaí, bhí infhaighteacht gléasraí ina dúshlán suntasach le blianta beaga anuas maidir leis an soláthar agus an t-éileamh a bhainistiú. Ó 2018 ar aghaidh, chonacthas laghdú ar infhaighteacht gléasraí, arb é is cúis leis den chuid is mó feidhmíocht na n-aonad atá ag dul in olcas agus atá ag druidim le deireadh a saolta oibríochta. Tá sé sin ag teacht leis na hionchais toisc nach bhfuil trealamh agus bonneagar atá ag dul in aois chomh hiontaofa céanna.


Is é thart ar 76% an mheán-infhaighteacht stairiúil 5 bliana ar ghiniúint inseolta. Tabhair faoi deara go ríomhtar na staitisticí a úsáidtear sa samhaltú trí aonaid nach n-úsáidtear a thuilleadh a bhaint, agus dá bhrí sin na haonaid a bhfuiltear ag súil go mbeidh siad oibríochtúil le linn thréimhse an staidéir a ghabháil. Glactar leis sa chur chuige nach dtiocfaidh aon mheath ar fheidhmíocht gléasraí de réir mar a théann an phunann in aois thar thréimhse an staidéir agus de réir mar a bhíonn aonaid níos sine ag druidim le deireadh a ré oibríche.

Áirítear sna figiúirí a chuirtear i láthair thíos sonraí a bhaineann le giniúint inseolta lena n-áirítear gástuirbíní, galtuirbíní, stóráil hidrileictreach agus stóráil chaideálaithe. Gabhtar infhaighteacht AÉ i bhfigiúr neamhspleách ag deireadh na roinne.





*Fíor 5.4 An meán-toilleadh giniúna traidisiúnta bhliantúil uile-oileáin le 10 mbliana anuas (gan AÉ san áireamh)*

In Éirinn, is iad na rátaí méadaithe d'éaradh seirbhíse d'éigean is mó is cúis leis an laghdú ar infhaighteacht giniúna, agus tá na rátaí d'éaradh seirbhíse sceidealaithe fós comhsheasmhach den chuid is mó mar a léirítear i bhFíor 5.5 thíos.




*Fíor 5.5 An meán-toilleadh giniúna traidisiúnta bliantúil maidir le Rátaí d'Éarthaí Seirbhíse Éigeantaigh agus Sceidealaithe in Éirinn le 10 mbliana anuas*


I dTuaisceart Éireann, léiríonn an meán 5 bliana le déanaí méaduithe imeallacha ar rátaí giniúna d'éarthaí seirbhíse d'éigean agus sceidealaithe, mar a léirítear i bhFíor 5.6 thíos.




*Fíor 5.6 An meán-toilleadh giniúna traidisiúnta bhliantúil maidir le Rátaí d'Éarthaí Seirbhíse Éigeantaigh agus Sceidealaithe i dTuaisceart Éireann le 10 mbliana anuas*


Bhí meath ar infhaighteacht gléasraí traidisiúnta thar a bheith géar in Éirinn le linn 2021, áit ar cuireadh roinnt aonad mór as líne ar feadh tréimhsí fada. Léirítear i bhFíor 5.7 na treochtaí infhaighteachta le 10 mbliana anuas d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann.

Léirítear i bhFíor 5.7 freisin an infhaighteacht an-íseal ar aonaid theirmeacha na hÉireann in 2021, bhí drochthionchar ag roinnt briseadh fadtéarmach ó roinnt aonad teirmeach mór ar an infhaighteacht.




*Fíor 5.7 Infhaighteacht Toillte Giniúna Traidisiúnta na hÉireann agus Thuaisceart Éireann le 10 mbliana anuas*

Thug EirGrid agus SONI faoi deara go bhfuil meán-infhaighteacht íseal ar bhonn comhsheasmhach ar Aonaid an Éilimh ar bhonn Uile-Oileáin, mar a léirítear i bhFíor 5.8 thíos. Is cuid shuntasach den phunann acmhainní in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann iad Aonaid an Éilimh, atá in ann glanlaghdú ar éileamh a sholáthar chun tacú le hiontaofacht an chórais. D'fhan an mheán-infhaighteacht ó na haonaid sin faoi bhun na n-ionchas de réir conarthaí toillte arna ndámhachtain trí cheantanna an mhargaidh toillte. Meastar faoi láthair gur tomhas níos ionadaíche ar a rannchuidiú le leordhóthanacht an chórais é measúnú a dhéanamh ar infhaighteacht fhoriomlán oibríochtúil olltoraidh AÉnna seachas ar na héarthaí seirbhíse d'éigean agus sceidealaithe.




*Fíor 5.8 Infhaighteacht mhíosúil Aonaid an Éilimh ar bhonn Uile-Oileáin le haghaidh na mblianta féilire 2022 go 2025*

# 6. Leordhóthanacht

## 6.1 Réamhrá

### Is ardtosaíocht é slándáil an tsoláthair do Bhallstáit an Aontais, do lucht ceaptha beartas laistigh de DCEE agus DfE, d'Údaráis Rialála agus do OCTanna.

Faoi reachtaíocht reatha an Aontais[92], tá oibleagáid ar gach Ballstát monatóireacht a dhéanamh ar shlándáil an tsoláthair leictreachais laistigh dá chríoch idir an meántéarma agus an fadtéarma agus socraíonn agus déanann gach Ballstát monatóireacht ar an leibhéal iomchuí slándála soláthair dá riachtanais féin. In Éirinn[93] agus i dTuaisceart Éireann[94], ceanglaítear ar na OCTanna tuairisciú agus comhairle a thabhairt maidir le slándáil an tsoláthair leictreachais trí phleanáil agus oibriú leordhóthanach an toillte tarchurtha. In Éirinn, tá an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU) freagrach as slándáil an tsoláthair, lena n-áirítear athbhreithniú ar an modheolaíocht agus ar an tuarascáil seo. I dTuaisceart Éireann, déanfaidh an Rialtóir Fóntais (RF) athbhreithniú agus formheas ar an modheolaíocht agus ar an tuarascáil seo. Leanfaidh an reachtaíocht d'fheidhm a bheith aici i dTuaisceart Éireann tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas Eorpach, mar a shonraítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an bPrótacal maidir le hÉirinn/ Tuaisceart Éireann[95].

Déantar staidéar ar leordhóthanacht giniúna chun measúnú a dhéanamh ar chothromaíocht an tsoláthair agus an éilimh amach anseo. Tugtar na réamh-mheastacháin soláthair agus éilimh ó na caibidlí roimhe seo le chéile anois inár measúnuithe ar leordhóthanacht.

Cuireann MUOLA modheolaíocht um Measúnú Náisiúnta ar Leordhóthanacht Acmhainní (NRAA) chun feidhme i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán Eorpach 2019/943 (an Rialachán maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas[96]), de réir phrionsabail an Mheasúnaithe Eorpaigh ar Leordhóthanacht Acmhainní (MELA) níos leithne mar a leagtar amach in Airteagal 23.

Tá an Caighdeán Iontaofachta socraithe mar líon uaireanta d'Ionchas maidir le Cailliúint Lóid (LOLE). Is é seo an t-ionchas matamaiticiúil ar líon na n-uaireanta sa bhliain nach mbeidh an gléasra giniúna atá ar fáil leordhóthanach chun freastal ar an éileamh láithreach. Faoi láthair, déantar meastóireacht ar an gcaighdeán slándála giniúna le haghaidh an MLA Uile-Oileáin, agus ar leithligh le haghaidh na hÉireann agus Thuaisceart Éireann, agus úsáid á baint as na caighdeáin slándála i dTábla 6.1.

**Tábla 6.1 Caighdeáin Iontaofachta LOLE**

| Limistéar | Caighdeán Iontaofachta LOLE (uaireanta) |
|---|---:|
| MLA Uile-Oileáin | 6.5 |
| Éire | 3 |
| Tuaisceart Éireann | 4.9 |

92 Treoir 2019/944 agus Rialachán (AE) 2019/941
93 Ionstraim reachtúil 60 de 2005
94 https://www.uregni.gov.uk/files/uregni/documents/2025-08/2025-07-23%20SONI%20TSO%20Consolidated.pdf
95 Cuid den chomhaontú um tharraingt siar idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach
96 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019R0943&from=EN

Léirítear i bhFíor 6.1 thíos an próiseas chun leordhóthanacht acmhainní a shamhaltú. Forbraíonn an próiseas "Bunmheasúnú" ar dtús agus na fachtóirí a leanas á gcur san áireamh: infhaighteacht gléasraí cumhachta, soláthar toillte nua a bhfuiltear ag súil leis, tionchar ARHL deimhnithe, réamhaisnéisí in-athnuaite agus an gá atá lena chinntiú go bhfuil toilleadh leordhóthanach ann chun riachtanais cúltaca an chórais a chumhdach.

Ag cur leis an mBunmheasúnú, déantar measúnú san anailís slándála bhreise ar thionchar na n-íogaireachtaí inchreidte a d'fhéadfadh dul i gcion ar oibriú iontaofa an chórais cumhachta, amhail méideanna ísle allmhairí idirnascairí, infhaighteacht íseal gineadóirí agus dálaí aeráide níos dúshlánaí. Tá AIRAA 2026-2035 tar éis cur leis an mbunchloch a bhí sa chéad chur i bhfeidhm ar anailís slándála breise de chuid AIRAA 2025-2034, agus aiseolas ó gheallsealbhóirí á chur san áireamh chun feabhas a chur ar dhianacht an phróisis. Úsáideann an anailís slándála breise modheolaíocht ACER chun cásanna géarchéime leictreachais réigiúnacha a aithint[97] mar bhonn don mheasúnú, ag comhcheangal measúnú tionchair agus dóchúlachta chun rátáil riosca fhoriomlán a chinneadh do na híogaireachtaí éagsúla ina bhfuil:

- Ar dtús, déantar measúnú ar gach íogaireacht trí shamhaltú chun anailís a dhéanamh ar thionchar frithfhíorasach LOLE agus EENS i gcoibhneas leis an mBunmheasúnú. Chun tionchar íogaireachta a aicmiú, úsáidtear an scála aicmithe cúig chéim seo a leanas chun tionchar LOLE agus EENS a mheas: Neamhshuntasach < Beag < Mór < Criticiúil < Tubaisteach.
- Ansin, déantar measúnú ar dhóchúlacht na híogaireachta nuair is féidir trí úsáid a bhaint as sonraí stairiúla nuair is féidir iad chun measúnú cainníochtúil a dhéanamh, i gcás nach bhfuil sonraí ar fáil, féadfar meastachán ar an dóchúlacht a bhunú ar mheasúnuithe cáilíochtúla ag baint úsáide as breithiúnas saineolaithe. Chun dóchúlacht íogaireachta a aicmiú, úsáidtear an scála aicmithe sé chéim seo a leanas: Thar a bheith Dóchúil < An-Neamhdhóchúil < Neamhdhóchúil < Féideartha < Dóchúil < An-Dóchúil.
- Ar deireadh, cuirtear an measúnú tionchair agus dóchúlachta do gach íogaireacht le chéile ag baint úsáide as maitrís dóchúlacht-tionchair chun rátáil riosca foriomlán a dhíorthú. Tá an rátáil riosca idir Íseal < Meánach < Ard < An-Ard < Thar a bheith Ard.

Tá faisnéis faoi na raonta scála aicmithe sonracha agus an maitrís dóchúlachta – tionchair ar fáil in Aguisín 1 de mhodheolaíocht ACER[98]. Ón anailís bhreise ar shlándáil, roghnaítear íogaireacht aonair leis an rátáil riosca is airde lena húsáid in éineacht le riachtanais oibriúcháin eile chun "Slánmheasúnú" a dhíorthú. Ar deireadh, déantar imscrúdú ar íogaireachtaí breise chun anailís a dhéanamh ar an tionchar coibhneasta a bhíonn ag treochtaí éagsúla éilimh, in-athnuaite, stórála agus solúbthachta ar staideanna an Bhunmheasúnaithe agus an tSlánmheasúnaithe.

97 Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh ACER 02/2024 Leasú ar Mhodheolaíocht maidir le Cásanna Géarchéime Leictreachais Réigiúnacha
98 Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh ACER 02/2024 Leasú ar Mhodheolaíocht maidir le Cásanna Géarchéime Leictreachais Réigiúnacha

## Céim 1: Torthaí ón mBunmheasúnú

- Déantar breithniú sna torthaí go bhfuil réamhaisnéisí airmheánacha ann don éileamh agus d'fhuinneamh in-athnuaite
- Measúnú ar 36 chás aimsire, lena ngabhann 30 patrún d'éaradh seirbhíse éagsúil do gach cás aimsire
- I measc na n-aschur, tá torthaí LOLE & EENS an Bhunmheasúnaithe atá ailínithe le torthaí MELA

## Céim 2: Anailís Bhreise ar Shlándáil

- Ag tosú leis na torthaí ón mBunmheasúnú, déantar breithniú san anailís ar aiseolas a fhaightear trí phróisis chomhairliúcháin maidir le fachtóirí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an gcumas córas cumhachta iontaofa a oibriú
- Anailís íogaireachta ar choinníollacha oibríochta dúshlánacha amhail dálaí aeráide diana, leibhéil na n-allmhairí agus infhaighteacht gléasraí
- Déantar measúnú ar gach íogaireacht bunaithe ar a tionchar ar LOLE agus EENS agus ar an dóchúlacht go dtarlóidh an teagmhas. Cuirtear an dá athróg seo le chéile i rátáil riosca fhoriomlán

## Céim 3: Torthaí ón Slánmheasúnú

- Déantar breithniú sna torthaí ar an mBunmheasúnú lena n-áirítear íogaireacht aonair leis an rátáil riosca is airde ó Chéim 2 mar aon le riachtanais oibriúcháin eile an chórais nach gcuirtear san áireamh i dTorthaí an Bhunmheasúnaithe
- I measc na n-aschur, tá torthaí LOLE agus EENS an tSlánmheasúnaithe lena gcuirtear dúshláin inchreidte maidir le leordhóthanacht san áireamh

## Céim 4: Staidéir Íogaireachta

- Measúnú a dhéanamh ar thionchar na raonta réamhaisnéise os cionn agus/nó faoi bhun na réamhaisnéise airmheánaí e.g. réamhaisnéisí ar éileamh mór agus íseal
- Léirítear luach leordhóthanachta acmhainne ó eilimintí aonair laistigh den phunann e.g. an tionchar a bhíonn ag rátaí úsáide fuinnimh in-athnuaite níos airde nó níos ísle
- Léiríonn na haschuir tionchar MW is féidir a mheas i gcoibhneas le torthaí an Bhunmheasúnaithe agus an tSlánmheasúnaithe

*Fíor 6.1 Léargas ginearálta ar an bPróiseas Samhaltaithe Leordhóthanachta*

I measc na dtorthaí a cuireadh i láthair tá:

- LOLE / EENS – Áirítear leis na figiúirí sin cúltacaí agus léirítear leo líon na n-uaireanta agus an fhuinnimh a bhféadfadh corrlaigh dhaingne a bheith ag an gcóras ina leith, foláirimh agus cailliúint lóid, agus torthaí á gcur i láthair in uaireanta an chloig agus in uaireanta gigeavata faoi seach.
- Éileamh LOLE Amháin / Éileamh EENS Amháin – Eisiatar leis na figiúirí sin cúltacaí ón ríomh, rud a léiríonn, dá bhrí sin, líon na n-uaireanta agus an fhuinnimh a bhféadfadh caillteanas ualaigh a bheith i mbaol tarlú ina leith, agus cuirtear torthaí i láthair in uaireanta an chloig agus in uaireanta Gigeavata faoi seach.
- Barrachas / Easnamh – Áirítear leis na figiúirí sin cúltacaí agus léirítear leo suíomh an toillte i gcoibhneas leis an gCaighdeán Iontaofachta, i gcás ina léiríonn luach diúltach go bhfuil gá le toilleadh breise chun an caighdeán (easnamh) a bhaint amach agus ina léiríonn luach deimhneach go bhfuil corrlach toillte ann i gcoibhneas leis an gcaighdeán (barrachas).

## 6.2 Toimhdí

Foilsítear raon iomlán na n-ionchur agus na dtoimhdí ar leithligh[99] tar éis comhairliúcháin i mí an Mheithimh 2025, ach ar mhaithe le soiléireacht sainaithnítear na príomhthoimhdí thíos freisin.

- Áirítear sa phunann toilleadh a mheastar a bheidh oibríochtúil laistigh den mhargadh le haghaidh gach bliain de thréimhse an staidéir. Má chuir lucht toillte giniúna in iúl dúinn nach mbeidh siad ar fáil do bhliain ar leith, déanfar iad a eisiamh. Ina theannta sin, áirítear sa mheasúnú toimhdí nua maidir le soláthar toillte agus eisiatar aon bheart leordhóthanachta lasmuigh den mhargadh (gabhtar tionchar na mbeart lasmuigh den mhargadh i gcuid neamhspleách i gcás inarb infheidhme).
- Áirítear cúltacaí mar cheanglas oibriúcháin thar gach bliain staidéir bunaithe ar an Ionfhotha Aonair is Mó (LSI) a thoimhdítear don limistéar sioncronach. Measann Éire agus Tuaisceart Éireann go bhfuil an LSI sásaithe ansin trí dheighilt riachtanais 75%/25%. Dá bhrí sin, is é 375/125 MW an ceanglas maidir le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann faoi seach sula ndéanfar LSI de Cheilteach i mí Aibreáin 2028 agus ag an bpointe sin méadaíonn an ceanglas go 525/175 MW faoi seach. Is ionann an ceanglas maidir leis an gCúltaca Ionaid agus an ceanglas maidir leis an gCúltaca Feidhme (OR) atá ailínithe le Rialachán (AE) 2017/1485[100] ón gCoimisiún lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (Treoirlíne d'Fheidhmiú an Chórais – TLFC).
- Tá MUOLA 2026-2035 tar éis aistriú go cásanna aimsire a úsáid atá ailínithe leis an mbunachar sonraí uile-Eorpach maidir leis an Aeráid (PECDv4.1) a úsáidtear i MELA 2024. Is í an phríomhdhifríocht ná go raibh an PECD roimhe seo a úsáideadh in MUOLA 2025-2034 bunaithe ar bhlianta aeráide stairiúla ó 1982-2016 ach go bhfuil na cásanna aimsire beartaithe chun éifeachtaí an athraithe aeráide a chur san áireamh. Tá tuilleadh faisnéise maidir le PECD ar fáil i modheolaíocht MELA 2024[101].

99 Ionchuir agus Toimhdí do Thuaisceart Éireann AIRAA 2026-2035
100 Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais
101 Modheolaíocht MELA 2024

## 6.3 Athruithe tar éis an Dáta Deiridh

Áirítear sa roinn seo forbairtí suntasacha idir an dáta deiridh don mheasúnú sin (an 30 Meitheamh 2025 maidir leis na sonraí éilimh agus giniúna) agus an dáta foilsithe.

### 6.3.1 Ginearálta

Tráth an dáta deiridh, níor foilsíodh torthaí[102] cheant 2025/2026 T-1 agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa mheasúnú seo. Tríd an toilleadh-cheant seo, bronnadh conarthaí breise, thart ar 38 MW dí-rátáilte d'Aonaid an Éilimh agus stóráil ceallraí, a d'fhéadfadh cur go dearfach le leordhóthanacht in 2026. Mar sin féin, ós rud é go raibh na cainníochtaí sách beag, ní bheifí ag súil go mbeadh tionchar ábhartha ag na hathruithe seo ar an staid leordhóthanachta in Éirinn ná i dTuaisceart Éireann.

### Tuaisceart Éireann

Ba bhliain dhúshlánach í 2025 ó thaobh na hoibríochta de mar gheall ar éarthaí seirbhíse fada sa ghiniúint thraidisiúnta. Chiallaigh na héarthaí seirbhíse seo go raibh ar SONI brath níos mó ar ghiniúint faoi réir Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin (ARHL). Ós rud é go raibh gá déileáil le hábhair imní iomaíocha maidir le slándáil an tsoláthair, bhí tréimhsí ann ina raibh ar SONI an córas a oibriú lasmuigh de na srianta oibriúcháin agus eisíodh roinnt fógraí Foláirimh Córais (Ómra) chun Rannpháirtithe sa Mhargadh a chur ar an eolas i ndáil le stádas chóras Thuaisceart Éireann.

I bhfianaise na ndúshlán méadaitheacha maidir le Slándáil an tSoláthair, rinne SONI anailís ar an ngá go n-oibreodh giniúint ARHL de bhreis ar na huaireanta ceadaithe chun tacú le Slándáil an tSoláthair i dTuaisceart Éireann. Chun nuashonrú a thabhairt do Rannpháirtithe Margaidh, d'eisigh SONI Teachtaireacht Margaidh[103] ina raibh sonraí faoin anailís seo i Meán Fómhair 2025, a d'fhoilsigh SEMO freisin agus a thacaigh le foilsiú aguisín teicniúil le Teachtaireacht Margaidh SONI[104].

I mí Mheán Fómhair 2025, eisíodh fógraí athraithe um Chosc agus Rialú Truaillithe (PPC)[105] ag méadú an ARHL ar dhá OCGT i gCill Ruaidh. I mí na Samhna 2025 eisíodh fógraí athraithe ina dhiaidh sin[106] a chuir ar chumas úsáid uaireanta reatha os cionn an uasmhéid de 2,250 uair an chloig, rud a cheadaigh uasmhéid uaireanta oibríochta in aghaidh an aonaid in 2025 de 4,110 uair an chloig agus uasmhéid oibríochta comhcheangailte de 6,961 uair an chloig trasna an dá aonad sa bhliain féilire 2025. Agus an meán rollach cúig bliana á ríomh, ní chuirtear san áireamh san fhógra athraithe aon uaireanta oibríochta a sháraíonn 2,250 uair an chloig, suas le huasmhéid de 1,860 uair an chloig.

Le linn 2025, lean SONI de bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Geilleagair agus an Rialtóir Fóntais chun anailís agus saineolas tráthúil a sholáthar chun a chinntiú go bhféadfaí slándáil an tsoláthair a choinneáil ar bun i dTuaisceart Éireann.

102 https://www.sem-o.com/sites/semo/files/2025-07/FCAR2526T-1.pdf
103 Teachtaireacht Margaidh SONI
104 Aguisín Teicniúil a ghabhann le Teachtaireacht Margaidh SONI
105 Fógra Inathraitheachta V6 23.09.2025 agus Fógra Inathraitheachta V7 30.09.2025
106 Fógra Inathraitheachta V8 06.11.2025 agus Fógra Inathraitheachta V9 12.11.2025

## 6.4 Anailís ar Leordhóthanacht na hÉireann

Cuirtear na torthaí ar shamhaltú leordhóthanachta d'Éirinn i láthair sa roinn seo, lena n-áirítear torthaí ón mBunmheasúnú agus ón Slánmheasúnú, anailís íogaireachta agus fachtóirí a spreagann na torthaí bunúsacha thar thréimhse 10 mbliana an staidéir.


### 6.4.1 Achoimre

Léirítear na torthaí ón mBunmheasúnú agus ón Slánmheasúnú i bhFíor 6.2 agus tugtar achoimre orthu thíos:

- Ó 2026 go 2028, léirítear sa dá mheasúnú go bhfuil an córas lasmuigh den chaighdeán, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le toilleadh breise. Cuirfear an toilleadh breise sin ar fáil trí Bhearta Chlár CRU um Shlándáil an tSoláthair a shonraítear sa roinn thíos. Le linn na tréimhse sin, cuireann soláthar an Idirnascaire Cheiltigh nua, mar aon le toilleadh nua na ngléasraí gáis, feabhas ar an réamh-mheasúnú, rud a laghdaíonn an LOLE sa dá mheasúnú.
- Ó 2029, tá an Bunmheasúnú laistigh den chaighdeán, rud a chiallaíonn go bhfuil toilleadh leordhóthanach ann chun an córas a oibriú faoi ghnáthdhálaí. Mar sin féin, tá an Slánmheasúnú fós lasmuigh den chaighdeán lena léirítear go bhfuil gá le thart ar 200 MW a mhéadú go dtí os cionn 400 MW in 2034 chun a chinntiú gur féidir linn leanúint de chothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar agus an t-éileamh faoi dhálaí níos dúshlánaí. Tá gá leis an toilleadh breise sin chun riachtanais cúltaca an chórais a sholáthar chomh maith le héascú a dhéanamh ar éarthaí líonra a bhfuil gá leo nuair a dhéanaimid giniúint agus bonneagar nua a nascadh leis an eangach.

Measann EirGrid gurb é an Slánmheasúnú an ceann is stuama, agus ba cheart é a mheas mar an cás lárnach i gcás measúnuithe ar leordhóthanacht, ina dtugtar faoi deara gurb iad toilleadh-cheantanna an sásra chun riachtanais cheantála shonracha a chinneadh idir an meántéarma agus an fadtéarma. Is éard atá sa mheasúnú sin an tionchar a bhíonn ag infhaighteacht fhadtréimhseach íseal foinsí in-athnuaite fuinnimh, ag teorainneacha bliantúla ar uaireanta oibriúcháin agus ag an ngá atá lena chinntiú go bhfuil toilleadh leordhóthanach ann chun riachtanais oibriúcháin a chomhlíonadh.

Bíonn na measúnuithe lárnacha leordhóthanachta bunaithe ar thoimhdí réamhaisnéise airmheánacha, agus úsáid á baint as íogaireachtaí breise chun anailís a dhéanamh ar dhifríochtaí sna toimhdí. Tarraingítear aird san anailís íogaireachta ar ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le leordhóthanacht, ag eascairt as éileamh ard, síneadh starrach athnuaiteán ar ráta íseal, solúbthacht íseal, agus tuilleadh moilleanna ar acmhainn dáfa.




*Fíor 6.2 Torthaí ón mBunmheasúnú agus ón Slánmheasúnú maidir le hIonchas Cailliúna Lóid d'Éirinn*

### 6.4.2 Torthaí ón mBunmheasúnú

Cuirtear torthaí LOLE an Bhunmheasúnaithe i láthair i dTábla 6.2 thíos, is féidir na torthaí sin a mheas le haghaidh comparáid a dhéanamh in aghaidh thorthaí MELA maidir leis an gcás tagartha[107]. Agus comparáid á déanamh le torthaí MELA, tá sé tábhachtach freisin tuairimí ó thíortha a chur san áireamh lena gcuirtear i dtábhacht aon chúis le difríochtaí idir torthaí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, amhail dátaí deiridh sonraí a ailíniú, rud a d'fhéadfadh ionchuir sonraí éagsúla a bheith mar thoradh air sin.

Is é LOLE an Bhunmheasúnaithe meán na 36 chás aimsire le 30 patrún éartha seirbhíse le haghaidh gach cás aimsire agus dá bhrí sin tá 1,080 Bliain Monte Carlo féideartha san iomlán á meas do gach bliain staidéir. Léiríonn na torthaí i dTábla 6.2 an meánlíon uaireanta an chloig in aghaidh na bliana ina bhféadfadh baol a bheith ann nach leor an soláthar chun freastal ar na riachtanais maidir le héileamh agus cúltaca. Léirítear i dTábla 6.3 líon na n-uaireanta don Mheasúnú Bonn ina bhféadfadh riosca a bheith ann nach mbeadh dóthain soláthair ann chun freastal ar an éileamh tar éis cúlchistí a laghdú go dtí an leibhéal oibriúcháin íosta.

Léirítear i dtorthaí an Bhunmheasúnaithe LOLE go bhfuil Éire lasmuigh den Chaighdeán Iontaofachta ó 2026 go 2028. Cuireann moilleanna ar thoilleadh nua a thagann isteach sa mhargadh chun imeacht toillte as an margadh le déanaí a athsholáthar agus moill ar fhuinnmhiú an Idirnascaire Cheiltigh leis an staid iontaofachta daingean. Tabhair faoi deara go bhfuil na hionchuir nua maidir le soláthar toillte bunaithe ar thoimhdí feabhsaithe maidir le seachadadh an chláir monatóireachta tráth an reo sonraí mar a phléitear i Roinn 5.2.2, agus

dá bhrí sin ní bhreithnítear leo an acmhainn uile ar dámhadh conarthaí acmhainne ina leith a bheith á seachadadh in am. Déantar an tionchar a bhíonn ag soláthar an mhargaidh toillte a mheas níos mó mar íogaireacht i Roinn 6.4.5. Cuirtear feabhas ar an staid leordhóthanachta bliain i ndiaidh bliana de réir mar a thiocfaidh toilleadh nua ar líne, agus nuair a bheidh an tIdirnascaire Ceilteach ar fáil i mí Aibreáin 2028. Ó 2029 ar aghaidh, tá Éire laistigh den chaighdeán leordhóthanachta don chuid eile de thréimhse an staidéir go dtí an bhliain 2035.

## Tábla 6.2 -Torthaí LOLE agus EENS ón mBunmheasúnú do Thuaisceart Éireann (lena n-áirítear cúltacaí)

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LOLE an Bhunmheasúnaithe (uaireanta a chloig) | 71.6 | 43.6 | 7.9 | 1.5 | 0.4 | 0.3 | 0.4 | 0.7 | 0.9 | 1.6 |
| EENS an Bhunmheasúnaithe (GWh) | 23.9 | 14.1 | 2.5 | 0.5 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.2 | 0.2 | 0.4 |

## Tábla 6.3 Torthaí Éileamh LOLE agus EENS ón mBunmheasúnú amháin d'Éirinn (ní áirítear cúltacaí)


| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éileamh LOLE an Bhunmheasúnaithe Amháin (uaireanta) | 28.3 | 16.9 | 2.1 | 0.3 | 0.0 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.3 |
| Éileamh EENS an Bhunmheasúnaithe Amháin (GWh) | 8.6 | 4.9 | 0.6 | 0.1 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.0 | 0.1 |

Forordaítear leis an Modheolaíocht don Mheasúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní[108] an próiseas chun Barrachas/Easnamh MW a ríomh. Is próiseas atriallach é an próiseas ina n-úsáidtear fothacar cásanna aimsire chun torthaí LOLE an Bhunmheasúnaithe i dTábla 6.2 a léiriú agus luachanna incriminteacha de ghléasra nó éileamh foirfe a chur leis chun an Caighdeán Iontaofachta a bhaint amach. Is gá fothacar cásanna aimsire a roghnú chun an chastacht agus an iarracht ríomhaireachtúil is gá don ríomh a laghdú. Roghnaigh an measúnú seo 3 chás aimsire a léiríonn na torthaí LOLE ón mBunmheasúnú nuair a dhéantar iad a mheánú. Is iad WS04, WS28 agus WS34 na cásanna aimsire a roghnaíodh chun na torthaí ó Bhunmheasúnú LOLE a léiriú, léirítear LOLE meánach na 3 bliana sin i dTábla 6.4 thíos.

108 Modheolaíocht AIRAA 2026-2035

| Tábla 6.4 LOLE Meánach na 3 chás aimsire a úsáidtear chun an Barrachas/ Easnamh a ríomh d'Éirinn (lena n-áirítear cúltacaí) | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **2035** |
| 3 chás aimsire LOLE | 77.0 | 45.6 | 6.7 | 1.6 | 0.4 | 0.4 | 0.5 | 0.6 | 0.8 | 2.0 |

I gcás gach ceann de na 3 chás aimsire, déantar an luach Barrachais/Easnaimh MW a ríomh agus a mheánú chun an Bunluach MW a chuirtear i láthair i bhFíor 6.3 thíos a aimsiú. Léiríonn comhpháirteanna ar an y-ais dhiúltach riachtanas toillte i gcoibhneas leis an gCaighdeán Iontaofachta 3 uair an chloig (easnamh) agus léiríonn comhpháirteanna ar an ais-y dearfach corrlach toillte i gcoibhneas leis an gCaighdeán Iontaofachta 3 uair an chloig (barrachas). Léirítear i bhFíor 6.3 go bhfuil gá le toilleadh chun cúltacaí a chumhdach thar na blianta 2026 go 2028, agus go bhfuil gá le toilleadh breise chun freastal ar an éileamh ó 2026 go 2027. Cuirtear na roghanna gearrthéarmacha chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh i láthair i roinn 6.4.6. Ó 2029 ar aghaidh, léiríonn an córas barrachas toillte sa Bhunmheasúnú.




*Fíor 6.3 Torthaí MW an Bhunmheasúnaithe d'Éirinn i dtéarmaí barrachais (+) agus easnaimh (-) de ghléasra foirfe*

### 6.4.3 Anailís Bhreise ar Shlándáil

Tríd an bpróiseas comhairliúcháin, fuarthas aiseolas fairsing maidir leis an ngá le breithniú a dhéanamh ar theagmhais shochreidte nach gcuimseofaí sna meándálaí oibriúcháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar iontaofacht an chórais chumhachta dá bharr. Faoi Airteagal 24 den Rialachán[109], féadfaidh measúnuithe náisiúnta an measúnú Eorpach a chomhlánú agus íogaireachtaí breise á gcur san áireamh.

Féachann an chuid seo le dul i ngleic leis an aiseolas ón tionscal agus déanann sé imscrúdú ar na híogaireachtaí breise seo a leanas maidir le hanailís slándála ag baint úsáide as an modheolaíocht a thuairiscítear i Roinn 6.1:

- **Fuinneamh Núicléach Íseal na Fraince** – Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le 2 nó 4 aonad núicléacha meánmhéide a bhaint sa Fhrainc. Léiríodh sa mheasúnú go raibh Meánriosca ann d'Éirinn maidir le híogaireacht 2 aonad agus Riosca íseal maidir le híogaireacht 4 aonad.
- **Dunkelflaute** – Measúnú a dhéanamh ar thionchar Dunkelflaute 1 nó 2 sheachtain ar fhad, a chuirtear chun feidhme trí ghlacadh leis go bhfuil infhaighteacht íseal maidir le fuinneamh gaoithe ar fud na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire i mí na Nollag, rud a chiallaíonn go bhfuil infhaighteacht gréine íseal go nádúrtha freisin le linn na tréimhse. Léirigh an measúnú Meánriosca d'Éirinn ón Dunkelflaute seachtaine amháin agus Riosca íseal ón Dunkelflaute dhá sheachtain.
- **Infhaighteacht Íseal Gléasraí** – Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag infhaighteacht íseal gléasraí, arna chur chun feidhme trí staitisticí éartha seirbhíse ar leibhéal aonaid a shocrú go dtí na blianta is airde de rátaí éartha seirbhíse d'éigean le 5 bliana anuas. Léiríodh sa mheasúnú go bhfuil riosca íseal ann d'Éirinn ó rátaí méadaithe d'éaradh seirbhíse d'éigean.
- **Éaradh Idirnascaire** – Measúnú a dhéanamh ar thionchar éaradh idirnascaire 6 mhí, arna chur chun feidhme trí idirnascaire 500 MW a bhaint idir MLA agus an Bhreatain Mhór ar feadh 6 mhí le linn thréimhse an gheimhridh. Léirigh an measúnú Riosca íseal d'Éirinn ó éaradh leathnaithe idirnascaire.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach léiríonn na híogaireachtaí thuas na himeachtaí is measa agus ina ionad sin déantar anailís ar imeachtaí inchreidte ar leithligh. As na híogaireachtaí a ndearnadh anailís orthu, ba í an Dunkelflaute aon-seachtaine a léirigh an riosca foriomlán ba airde agus tionchar agus dóchúlacht á gcur san áireamh agus dá bhrí sin tá sé san áireamh sa Slánmheasúnú d'Éirinn.

Léiríonn toradh na hanailíse sin athrú ó MUOLA 2025-2034 inar breithníodh an riosca a bhaineann le hallmhairí ísle, agus is toradh é sin ar anailís níos mionsonraithe a chur i gcrích trí mhodheolaíocht an Phlean Riosca-Ullmhachta[110] a úsáid mar threoir. Leanann an anailís seo de bheith ag léiriú éabhlóid phróiseas an MUOLA nua agus leanfar d'fheabhas a chur air sna blianta amach romhainn chun aiseolas ó pháirtithe leasmhara a chuimsiú maidir leis an bpróiseas agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóras cumhachta in Éirinn amach anseo.

109 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019R0943&from=EN
110 Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh ACER 02/2024 Leasú ar Mhodheolaíocht maidir le Cásanna Géarchéime Leictreachais Réigiúnacha

### 6.4.4 Torthaí ón Slánmheasúnú

Tugtar faoi deara sa Slánmheasúnú tionchar theagmhas Dunkelflaute aon seachtaine, a cuireadh chun feidhme mar a thuairiscítear i roinn 6.4.3. Cuirtear san áireamh sa Slánmheasúnú freisin tionchar na dTeorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin (ARHL) ar roinnt aonad traidisiúnta nua, mar a thuairiscítear i roinn 5.3.1. Cuirtear na torthaí ón Slánmheasúnú i láthair i dTábla 6.5 thíos. Leanann torthaí an tSlánmheasúnaithe treocht cosúil le torthaí an Bhunmheasúnaithe ina sáraíonn an córas an Caighdeán Iontaofachta sna blianta tosaigh (2026-2030) ach feabhsaíonn sé bliain i ndiaidh bliana de réir mar a sheachadtar toillte nua don chóras. Léirítear i dtorthaí an tSlánmheasúnaithe go bhfuil an córas laistigh den Chaighdeán Iontaofachta do 2031 agus 2032 ar feadh tamaill ach ansin ardaíonn sé os cionn an Chaighdeáin Iontaofachta ó 2032 ar aghaidh de réir mar a leanann an t-éileamh ag fás.


**Tábla 6.5 Torthaí LOLE agus EENS an tSlánmheasúnaithe d'Éirinn (lena n-áirítear cúltacaí)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LOLE an tSlánmheasúnaithe (uaireanta) | 88.5 | 57.0 | 14.6 | 4.1 | 3.1 | 2.8 | 3.0 | 4.1 | 7.1 | 5.4 |
| EENS an tSlánmheasúnaithe (GWh) | 32.1 | 19.5 | 5.6 | 1.3 | 1.0 | 0.9 | 0.9 | 1.2 | 2.6 | 1.8 |

Tá EirGrid tar éis ceanglas maidir le Pleanáil maidir le hÉaradh Tarchuir (TOP) 350 MW a thoisiú chun uasghráduithe agus atreisithe líonra a éascú chun uaillmhianta aeráide in Éirinn a bhaint amach. Ní áirítear TOPanna sa mheasúnú LOLE thuas; ach áirítear é i ríomh MW an tSlánmheasúnaithe chun riachtanais toillte iomlána an chórais a léiriú.

Chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud ríomh an Bharrachais/Easnaimh, úsáidtear na trí chás aimsire céanna don mheasúnú Slán agus atá sa Bhunmheasúnú. Léirítear i bhFíor 6.4 thíos an miondealú mionsonraithe ar na torthaí MW ón Slánmheasúnú lena léirítear an toilleadh iomlán is gá chun oibriú go slán, athléimneach in aghaidh thionchar teagmhas Dunkelflaute agus ARHL ar aonaid nua agus tacaíocht á tabhairt ag an am céanna don chóras cumhachta tríd an aistriú i dtreo spriocanna maidir le gníomhú ar son na haeráide.

Léiríonn na torthaí go bhféadfadh tionchar comhcheangailte Dunkelflaute agus ARHL an riosca a mhéadú maidir le riachtanais éilimh a chomhlíonadh in 2026-2027, agus i mblianta eile d'fhéadfadh toilleadh breise a bheith ag teastáil chun riachtanais cúltaca an chórais a chumhdach agus chun TOPanna a chumhdach. Ba cheart a thabhairt faoi deara, cé go bhféadfadh sé nach méadódh toilleadh neamhleor chun TOPanna a sholáthar na rioscaí leordhóthanachta do thomhaltóirí, go bhféadfadh tionchar a bheith aige ar an bhféidearthacht éarthaí líonra tarchuir a éascú a bhfuil gá leis chun spriocanna maidir le foinsí in-athnuaite fuinnimh agus dícharbónú a bhaint amach.





*Fíor 6.4 Torthaí Barrachais/Easnaimh an tSlánmheasúnaithe d'Éirinn i dtéarmaí barrachais (+) agus easnaimh (-) de ghléasra foirfe*

### 6.4.5 Staidéir Íogaireachta

Tugann an Bunmheasúnú agus an Slánmheasúnú léargas ar an méid a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun tacú le haistriú na hÉireann chuig geilleagar ísealcharbóin agus chuig earnáil cumhachta astaíochtaí ísle; lena n-aithnítear go bhfuil fachtóirí éagsúla ann a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don staid leordhóthanachta ag an am céanna. Chuige sin, rinne EirGrid staidéir íogaireachta éagsúla ar an mBunmheasúnú, agus taispeántar na torthaí i bhFíor 6.5.

Agus na híogaireachtaí sonracha á dtógáil, úsáideadh aiseolas a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin chun bonn eolais a chur faoin roghnú íogaireachta.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach staid deiridh Barrachais/Easnaimh iad na híogaireachtaí, ach ina ionad sin measúnuithe tionchair leithlisithe ar cheart iad a mheas i gcoibhneas leis na Staideanna MW sa Bhunmheasúnú agus sa Slánmheasúnú ar a dtugtar tuairisc thuas.




*Fíor 6.5 Anailís íogaireachta d'Éirinn*

Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe thíos ar na sonraí atá taobh thiar de gach íogaireacht a thaispeántar i bhFíor 6.5.

## Éileamh

Cuireadh dhá íogaireacht san áireamh, agus anailís á déanamh ar an réamhaisnéis Éilimh Móire agus réamhaisnéis Éilimh Ísle mar a chuirtear i láthair i Roinn 4.2. Taispeántar go bhfuil tairbhe leordhóthanachta ag baint le híogaireacht an Éilimh Ísil, ag méadú go líneach thar thréimhse an staidéir ó 250-850 MW. Tá éifeacht inbhéartach ag an íogaireacht maidir le hÉileamh Ard, rud a léiríonn tionchar diúltach 240-690 MW ar leordhóthanacht. Tugtar faoi deara tríd an íogaireacht sin go bhfuil comhghaol láidir ann idir an buaicéileamh íseal/ard arna thuar i gcoibhneas leis an mbuaicéileamh airmheánach agus an staid leordhóthanachta.

## Seachadadh Gléasra faoi thiomáint Gáis sa Mhargadh Toillte

Leis an íogaireacht sin, déantar measúnú ar thionchar an toillte gáis uile ar dámhadh conradh acmhainne uirthi nár foirceannadh go fóill, ag seachadadh in am don bhliain ina raibh a conradh le tosú. Ar mhaithe le soiléireacht, tá an dáta seachadta in am de réir cheant tosaigh T-4 inar dámhadh conradh toillte. Léiríonn an íogaireacht sin tionchar dearfach níos mó ar leordhóthanacht sa chuid níos luaithe de thréimhse an staidéir mar faightear toradh ar thionscadail toillte níos luaithe ná mar a dhéantar sa Bhunmheasúnú le meántionchar de 670 MW in 2026-2030, ag laghdú go meántionchar dearfach de 440 MW in 2031-2035.

### Treocht in-athnuaite

Leis an íogaireacht maidir le leibhéal Íseal foinsí in-athnuaite fuinnimh (FIF), déantar measúnú ar an tionchar a bheadh ag síntí starracha acmhainní in-athnuaite níos moille, agus úsáid á baint as an gcás maidir le húsáid íseal foinsí in-athnuaite fuinnimh bunaithe ar staidéar múscailte saineolaithe SEAI. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi réamhaisnéisí SEAI a fháil i Réamhaisnéisí SEAI maidir le rátaí sochreidte d'úsáid na teicneolaíochta giniúna 2024-2040[111]. Léirítear an treocht in-athnuaite a úsáidtear san íogaireacht seo i dTábla 6.6. Is é an tionchar is suntasaí a bheidh ag tógáil íseal fuinnimh in-athnuaite tar éis 2030, le meántionchar diúltach de thart ar 310 MW.

**Tábla 6.6 Treocht in-athnuaite FIF Íseal (MW)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaoth Amach ón gCósta | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 400 | 830 | 980 | 1,010 |
| Gaoth ar Talamh | 5,390 | 5,600 | 5,810 | 6,020 | 6,200 | 6,490 | 6,790 | 7,100 | 7,360 | 7,610 |
| Grian | 2,220 | 2,620 | 3,030 | 3,430 | 3,840 | 4,220 | 4,600 | 4,980 | 5,370 | 5,440 |

Leis an íogaireacht maidir le leibhéal Ard foinsí in-athnuaite fuinnimh (FIF), déantar measúnú ar an tionchar a bheadh ag síntí starracha acmhainní in-athnuaite níos tapúla, agus úsáid á baint as an gcás maidir le húsáid ard foinsí in-athnuaite fuinnimh bunaithe ar staidéar múscailte saineolaithe SEAI. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi réamhaisnéisí SEAI a fháil i Réamhaisnéisí SEAI maidir le rátaí sochreidte d'úsáid na teicneolaíochta giniúna 2024-2040[112]. Léirítear an treocht in-athnuaite a úsáidtear san íogaireacht sin i dTábla 6.7 Is é an tionchar is suntasaí a bheidh ag síneadh starrach mór fuinnimh in-athnuaite tar éis 2030, le meántionchar dearfach de thart ar 230 MW.

**Tábla 6.7 Treocht in-athnuaite FIF Ard (MW)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaoth Amach ón gCósta | 30 | 30 | 410 | 1,340 | 3,650 | 4,430 | 5,200 | 6,020 | 6,870 | 7,730 |
| Gaoth ar Talamh | 6,400 | 6,940 | 7,470 | 8,010 | 8,460 | 9,020 | 9,580 | 10,130 | 10,680 | 11,220 |
| Grian | 4,120 | 5,160 | 6,200 | 7,230 | 8,270 | 9,010 | 9,830 | 10,670 | 11,580 | 12,490 |

111 Réamhaisnéis faoi Thoilleadh Giniúna Athraithí SEAI
112 Réamhaisnéis faoi Thoilleadh Giniúna Athraithí SEAI

### Stóráil Fuinnimh

Leis an íogaireacht sin, déantar measúnú ar an méid a chuireann stóráil bhreise le leordhóthanacht an chórais. Is fiú a thabhairt faoi deara go ndéantar breithniú sna measúnuithe lárnacha leordhóthanachta ar stóráil le conarthaí acmhainne agus nach nglactar leis go ndéanfar forbairt bhreise orthu thar an gceant T-4 is déanaí. Aithnítear gur dócha go mbeidh ról suntasach ag stóráil sa phunann acmhainní a bheidh ann amach anseo, agus déantar anailís leis an íogaireacht sin ar an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh leordhóthanachta de. Chun críche na híogaireachta sin, is ionann stóráil bhreise ceallraí agus na tionscadail 3 nó 4 uair an chloig. Taispeántar an stóráil bhreise a áirítear san íogaireacht seo i dTábla 6.8 thíos. Is é 240 MW an meánrannchuidiú leis an staid leordhóthanachta ó 2030, rud a léiríonn an luach is féidir a chur leis mar thoradh ar stóráil bhreise.

**Tábla 6.8 Toilleadh breise ardstórála na hÉireann**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Toilleadh (MW) | 0 | 0 | 0 | 0 | 650 | 800 | 800 | 800 | 800 | 800 |
| Stóráil (MWh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 2,450 | 2,900 | 2,900 | 2,900 | 2,900 | 2,900 |

### Solúbthacht

Leis an íogaireacht seo i ndáil le Solúbthacht Íseal, léirítear an tionchar ar an staid leordhóthanachta mura ndéantar na bearta solúbthachta a thoimhdítear sa phróiseas réamhaisnéisithe éilimh. Déantar tuilleadh sonraí maidir le cur chun feidhme na solúbthachta a chur i láthair i Roinn 4.2.6. Beidh tionchar diúltach ag Solúbthacht Íseal ar an staid leordhóthanachta ag 220 MW ar an meán ó 2030 ar aghaidh.

Leis an íogaireacht seo i ndáil le Solúbthacht Ard, breithnítear luach sholúbthacht dhinimiciúil an chórais cumhachta lena ndéantar measúnú ar thionchar an éilimh de réir praghais. Déantar é sin a shamhaltú trí ligean do chuid den fhlít Feithiclí Leictreacha luchtú ag amanna nuair a bhíonn praghsanna íseal. Léiríonn an íogaireacht sin luach méadaitheach ó sholúbthacht thar thréimhse an staidéir ó mheántionchar dearfach 2026-2030 de 70 MW ag méadú le linn na tréimhse 2031-2035 go meán de 200 MW. Ag an am seo déantar an íogaireacht a shamhaltú ar bhealach simplí neamhshrianta; ní chuirtear san áireamh ann srianta iompraíochta nó oibríochta córais san fhíorshaol. Tugann an íogaireacht léargas luath ar an luach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haistriú éilimh níos solúbtha i rith an lae le haghaidh feithiclí leictreacha.

### Íogaireacht Lóid na Teicneolaíochta Nua

Tá íogaireacht bhreise éilimh curtha san áireamh chun léiriú a dhéanamh ar fhás féideartha in ionaid sonraí nua tar éis 2030 agus ar infheistíocht in earnálacha nua atá dian ar fhuinneamh. Léiríonn an toradh tionchar an fháis ar an éileamh gan giniúint bhreise a chur san áireamh. I mí Aibreán 2025, d'fhoilsigh an CRU cinneadh beartaithe do Bheartas Nasctha LEU, inar leagadh amach an ceanglas féideartha d'ionaid sonraí nua nasctha leis an líonra leictreachais chun giniúint inseolta ar an láthair a chur ar fáil a théann leis an bhfás san éileamh orthu. Táthar ag súil go dtabharfar aghaidh ar aon imní leordhóthanachta ón earnáil LEU leis an méid sin.

### 6.4.6 Bearta Maolaitheacha


Tugann EirGrid dá aire nach n-áirítear sna torthaí a chuirtear i láthair sna cásanna thuas na bearta maolaitheacha a sainaithníodh mar chuid de Chlár CRU um Shlándáil an tSoláthair; áirítear leis sin giniúint shealadach a sheachadadh, freagairt bhreise ar thaobh an éilimh agus aonaid atá ann cheana a choinneáil. D'fhoilsigh CRU a "Nuashonrú faoin gClár Oibre um Shlándáil an tSoláthair Leictreachais[113]" i mí na Bealtaine 2025.

Mar chuid den chlár gníomhartha, thug CRU treoir do EirGrid Giniúint Éigeandála Shealadach (TEG) a fháil agus Aonaid Choimeádta Atá Ann Cheana (Aonaid Ghob na Muine MP1, MP2 agus MP3) chun na rioscaí a bhaineann le géarchéim leictreachais, de réir mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2019/941 agus sa Phlean um Riosca-Ullmhacht (RPP) d'Éirinn.

Mar a leagtar amach sa Phlean maidir le Riosca-Ullmhacht[114], arna fhoilsiú ag an CRU an 31 Bealtaine 2023[115], ní féidir le Oibritheoir an Chórais an ghiniúint sin nach bhfuil margadh-bhunaithe a ghníomhachtú mar fhreagairt ar imní maidir le ríomhanna corrlaigh an chórais, ach amháin i gcás ina mbeadh an córas i staid Foláirimh Córais nó Éigeandála murach sin, agus i gcás inar léir nach leor bearta margadh-bhunaithe amháin chun meath breise ar staid an tsoláthair leictreachais a chosc. Mar bheart sealadach chun Géarchéim Leictreachais a chosc agus a mhaolú faoin RPP, níl sé beartaithe go mbeidh a leithéid ar fáil chun freastal ar éileamh atá ag fás agus atá seasmhach mar gheall ar fhás sóisialta nó eacnamaíoch. Cuirfidh sé cosaint chriticiúil ar fáil, agus glaofar air i gcás easnamh ar thoilleadh margadh-bhunaithe agus i gcás inar dócha go mbeidh foláirimh ar an gcóras. Tarlaíonn foláirimh i gcás ina mbíonn an maolán idir soláthar agus éileamh leictreachais níos géire ná mar is gá chun córas slán a choinneáil.

Cé go bhfeabhsaíonn na bearta seo an seasamh leordhóthanachta mar a thaispeántar i bhFíor 6.6, is bearta sealadacha iad agus dá bhrí sin níl siad san áireamh san anailís lárnach, mar murach sin ní chuirfeadh siad comhartha soiléir chuig an éiceachóras fuinnimh go bhfuil gá le toilleadh buan. Léirítear i bhFíor 6.6 gur leor na bearta deimhnithe chun an ganntanas éilimh agus cúltacaí a chumhdach, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le síntí chun a chinntiú go gcomhlíonfar riachtanais oibriúcháin in 2027 mar thoradh ar an moill Cheilteach go 2028.

113 Electricity_Security_of_Supply_Programme_of_Work_Update_Information_Note.pdf
114 CRU_202346_Risk_Preparedness_Plan_May_2023.PDF
115 Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht | CRU.ie




*Fíor 6.6 Staid leordhóthanachta na hÉireann le bearta maolaitheacha*

* Tabhair ar aird de bharr an dáta deiridh don tuarascáil seo, nach gcuirtear toilleadh-cheantanna arna gcur i gcrích tar éis mhí an Mheithimh 2025 san áireamh leis an measúnú seo.

## 6.5 Anailís ar Leordhóthanacht Thuaisceart Éireann

Cuirtear na torthaí ar shamhaltú leordhóthanachta do Thuaisceart Éireann i láthair sa roinn seo, lena n-áirítear torthaí ón mBunmheasúnú agus ón Slánmheasúnú, anailís íogaireachta agus fachtóirí a spreagann na torthaí bunúsacha thar thréimhse 10 mbliana an staidéir.

### 6.5.1 Achoimre

Léirítear na torthaí ón mBunmheasúnú agus ón Slánmheasúnú i bhFíor 6.7 agus tugtar achoimre orthu thíos:


- Ó 2026 go 2031, léirítear sa Bhunmheasúnú go bhfuil an córas laistigh den chaighdeán, rud a chiallaíonn go bhfuil toilleadh leordhóthanach ann chun an córas a oibriú faoi ghnáthdhálaí. Ó 2032, léiríonn na torthaí ón mBunmheasúnú go bhfuil an córas lasmuigh den chaighdeán agus go bhfuil gá le 30-120 MW de thoilleadh breise chun an riachtanas cúltaca a chomhlíonadh.
- Ó 2026 ar aghaidh thar thréimhse iomlán an staidéir, léirítear sa Slánmheasúnú go bhfuil an córas lasmuigh den chaighdeán, rud a chiallaíonn go bhfuil gá le toilleadh breise chun a chinntiú gur féidir le SONI leanúint de chothromaíocht a bhaint amach idir an soláthar agus an t-éileamh faoi dhálaí níos dúshlánaí. Léiríonn na torthaí go bhfuil gá le 100-200 MW de thoilleadh nua ó 2026 go 2032, rud a mhéadóidh go dtí 320 MW faoi 2035.
- Sa dá mheasúnú, is é an phríomhchúis atá leis an méadú ar ionchas maidir le cailliúint lóid le himeacht ama ná nach bhfuiltear ag freastal ar an éileamh méadaitheach le toilleadh iontaofa nua.

- Cuireadh anailís íogaireachta san áireamh, a léiríonn a príomhthoradh go mbíonn an tionchar dearfach is mó ann de thoradh na Teorainneacha Uaireanta Oibriúcháin Bliantúla ar aonaid KGT6 agus KGT7 a bhaint i dTuaisceart Éireann, rud a fhágann go bhfuil an Bunmheasúnú agus an Slánmheasúnú araon laistigh den Chaighdeán Iontaofachta.

Measann SONI gurb é an Slánmheasúnú an ceann is stuama, agus ba cheart é a mheas mar an cás lárnach i gcás measúnuithe ar leordhóthanacht, ina dtugtar faoi deara gurb iad toilleadh-cheantanna an sásra chun riachtanais cheantála shonracha a chinneadh.

Tugtar faoi deara sa Slánmheasúnú éaradh seirbhíse in aonad mór, agus an gá atá lena chinntiú go bhfuil toilleadh leordhóthanach ann chun na riachtanais oibriúcháin a shásamh.

Bíonn na measúnuithe lárnacha leordhóthanachta bunaithe ar thoimhdí réamhaisnéise airmheánacha, agus úsáid á baint as íogaireachtaí breise chun anailís a dhéanamh ar dhifríochtaí sna toimhdí. Tarraingítear aird san anailís íogaireachta ar ábhair imní maidir le leordhóthanacht, ag eascairt as éileamh ard, síneadh starrach foinsí in-athnuaite ar ráta íseal, solúbthacht íseal, agus tuilleadh moilleanna ar acmhainn dáfa.




*Fíor 6.7 Torthaí ón mBunmheasúnú agus ón Slánmheasúnú maidir le hIonchas Cailliúna Lóid do Thuaisceart Éireann*

### 6.5.2 Torthaí ón mBunmheasúnú

Cuirtear torthaí LOLE an Bhunmheasúnaithe i láthair i dTábla 6.9 thíos, is féidir na torthaí sin a mheas le haghaidh comparáid a dhéanamh in aghaidh thorthaí MELA maidir leis an gcás tagartha[116]. Agus comparáid á déanamh le torthaí MELA, tá sé tábhachtach freisin tuairimí ó thíortha a chur san áireamh lena gcuirtear i dtábhacht aon chúis le difríochtaí idir torthaí ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, amhail dátaí deiridh sonraí a ailíniú, rud a d'fhéadfadh ionchuir sonraí éagsúla a bheith mar thoradh air.

Is é LOLE an Bhunmheasúnaithe meán na 36 chás aimsire le 30 patrún éartha seirbhíse ionsamhlaithe le haghaidh gach cás aimsire agus dá bhrí sin tá 1,080 bliain Monte Carlo féideartha san iomlán á meas do gach bliain staidéir. Léiríonn na torthaí i dTábla 6.9 an meánlíon uaireanta an chloig ina bhféadfadh riosca a bheith ann nach mbeadh dóthain soláthair ann chun freastal ar riachtanais an éilimh agus na gcúlchistí. Léirítear i dTábla 6.10líon na n-uaireanta don Bhunmheasúnú ina laghdaíodh na cúlchistí go dtí an leibhéal oibriúcháin íosta.

Go ginearálta, tagann méadú ar thorthaí LOLE do Thuaisceart Éireann thar thréimhse an staidéir, mar gheall ar an éileamh a bheith ag méadú le leictriú téimh agus iompair. Mar sin féin, beidh laghduithe suntasacha ann in 2028 nuair a thoimhdítear go mbeidh an toilleadh iompórtála iomlán ar fáil don Mhaoil agus nuair a thagann Ceilteach go hÉirinn (a phléitear i Roinn 5.4) agus in 2030 nuair a bhreathnaítear go n-aistreoidh Éire go barrachas toillte. Ciallaíonn an treocht um toilleadh in-athnuaite níos moille i gcoibhneas le AIRAA 2025-2034 go dtiocfaidh méadú ag ráta níos géire ar LOLE sna blianta ina dhiaidh sin. In 2035 maolaítear an méadú LOLE de réir mar a bheidh 500 MW de thoilleadh amach ón gcósta ar fáil.

**Tábla 6.9 Torthaí LOLE agus EENS ón mBunmheasúnú do Thuaisceart Éireann (lena n-áirítear cúltacaí)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LOLE an Bhunmheasúnaithe (uaireanta a chloig) | 3.7 | 4.0 | 2.9 | 4.1 | 3.4 | 4.7 | 5.5 | 7.3 | 11.2 | 11.3 |
| EENS an Bhunmheasúnaithe (GWh) | 0.5 | 0.5 | 0.3 | 0.5 | 0.4 | 0.5 | 0.6 | 1.0 | 1.4 | 1.6 |

**Tábla 6.10 Torthaí Éileamh LOLE agus EENS ón mBunmheasúnú Amháin do Thuaisceart Éireann (ní áirítear cúltacaí)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Éileamh LOLE an Bhunmheasúnaithe Amháin (uaireanta) | 1.5 | 1.7 | 0.8 | 1.2 | 0.9 | 1.3 | 1.4 | 2.2 | 3.5 | 4.0 |
| Éileamh EENS an Bhunmheasúnaithe Amháin (GWh) | 0.2 | 0.2 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.1 | 0.3 | 0.4 | 0.5 |


116 ENTSO-E ERAA 2024

Forordaítear leis an Modheolaíocht don Mheasúnú Uile-Oileáin i dtaca le Leordhóthanacht Acmhainní[117] an próiseas chun Barrachas/Easnamh MW a ríomh. Is próiseas atriallach é an próiseas ina n-úsáidtear fothacar cásanna aimsire chun torthaí LOLE an Bhunmheasúnaithe i dTábla 6.9 a léiriú agus luachanna incriminteacha de ghléasra nó éileamh foirfe a chur leis chun an Caighdeán Iontaofachta a bhaint amach. Is gá fothacar cásanna aimsire a roghnú chun an chastacht agus an iarracht ríomhaireachtúil is gá don ríomh a laghdú. Roghnaigh an measúnú seo 3 chás aimsire a léiríonn na torthaí LOLE ón mBunmheasúnú nuair a dhéantar iad a mheánú. Is iad WS04, WS28 agus WS34 na cásanna aimsire a roghnaíodh chun na torthaí ó Bhunmheasúnú LOLE a léiriú, léirítear LOLE meánach na 3 bliana sin i dTábla 6.11 thíos.

**Tábla 6.11 LOLE Meánach de na 3 chás aimsire a úsáidtear chun an Barrachas/ Easnamh a ríomh i gcás Thuaisceart Éireann (lena n-áirítear cúltacaí)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 3 chás aimsire LOLE | 4.2 | 4.9 | 2.6 | 4.0 | 3.9 | 4.6 | 6.4 | 8.7 | 13.1 | 12.7 |

I gcás gach ceann de na 3 chás aimsire, déantar an luach Barrachais/Easnaimh MW a ríomh agus a mheánú chun an Bunluach MW a chuirtear i láthair i bhFíor 6.8 thíos a aimsiú. Léiríonn comhpháirteanna ar an y-ais diúltach riachtanas toillte i gcoibhneas leis an gCaighdeán Iontaofachta 4.9 uair an chloig (easnamh) agus léiríonn comhpháirteanna ar an y-ais dheimhneach corrlach toillte i gcoibhneas leis an gCaighdeán Iontaofachta 4.9 uair an chloig (barrachas).




*Fíor 6.8 Torthaí MW an Bhunmheasúnaithe do Thuaisceart Éireann i dtéarmaí barrachais (+) agus easnaimh (-) de ghléasra foirfe*

117 Modheolaíocht AIRAA 2026-2035

### 6.5.3 Anailís Bhreise ar Shlándáil

Tríd an bpróiseas comhairliúcháin, fuarthas aiseolas fairsing maidir leis an ngá le breithniú a dhéanamh ar theagmhais shochreidte nach gcuimseofaí sna meándálaí oibriúcháin a d'fhéadfadh teacht chun cinn, agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar iontaofacht an chórais chumhachta dá bharr. Faoi Airteagal 24 den Rialachán[118], féadfaidh measúnuithe náisiúnta an measúnú Eorpach a chomhlánú agus íogaireachtaí breise á gcur san áireamh.

Féachann an chuid seo le dul i ngleic leis an aiseolas ón tionscal agus déanann sé imscrúdú ar na híogaireachtaí breise seo a leanas maidir le hanailís slándála ag baint úsáide as an modheolaíocht a thuairiscítear i Roinn 6.1:

- **Fuinneamh Núicléach Íseal na Fraince** – Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le 2 nó 4 aonad núicléacha meánmhéide a bhaint sa Fhrainc. Léiríodh sa mheasúnú go raibh Meánriosca ann i gcás Thuaisceart Éireann maidir le híogaireacht 2 aonad agus Riosca íseal maidir le híogaireacht 4 aonad.
- **Dunkelflaute** – Measúnú a dhéanamh ar thionchar Dunkelflaute 1 nó 2 sheachtain ar fhad, a chuirtear chun feidhme trí ghlacadh leis go bhfuil infhaighteacht íseal maidir le fuinneamh gaoithe ar fud na hÉireann, Thuaisceart Éireann agus na Breataine Móire. Léiríodh sa mheasúnú go bhfuil riosca Íseal ann i gcás Thuaisceart Éireann sa dá chás inar cuireadh fad Dunkelflaute san áireamh.
- **Éaradh Seirbhíse in Aonad Mór** – Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag éaradh fada an ghineadóra is mó i dTuaisceart Éireann (C30), i gcás ina dtarlaíonn an tréimhse éartha seirbhíse le linn an gheimhridh ó mhí na Nollag go dtí mí Feabhra. Léiríodh sa mheasúnú go bhfuil riosca Ard ann i gcás Thuaisceart Éireann.
- **Éaradh Idirnascaire** – Measúnú a dhéanamh ar thionchar éaradh idirnascaire 6 mhí, arna chur chun feidhme trí idirnascaire a bhaint idir Éire agus an Bhreatain Mhór ar feadh 6 mhí le linn thréimhse an gheimhridh. Léiríodh sa mheasúnú go bhfuil riosca Íseal ann i gcás Thuaisceart Éireann.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach léiríonn na híogaireachtaí thuas na himeachtaí is measa agus ina ionad sin déantar anailís ar imeachtaí inchreidte ar leithligh. As na híogaireachtaí a ndearnadh anailís orthu, ba í an íogaireacht maidir le Briseadh Aonaid Mhóir a léirigh an riosca foriomlán ba airde agus tionchar agus dóchúlacht á gcur san áireamh agus dá bhrí sin tá sé san áireamh sa Slánmheasúnú do Thuaisceart Éireann

Léiríonn toradh na hanailíse sin athrú ó MUOLA 2025-2034 inar breithníodh an riosca a bhaineann le hallmhairí ísle, agus is toradh é sin ar anailís níos mionsonraithe a chur i gcrích trí mhodheolaíocht an Phlean Riosca-Ullmhachta[119] a úsáid mar threoir. Leanann an anailís seo de bheith ag léiriú éabhlóid phróiseas an MUOLA nua agus leanfar d'fheabhas a chur air sna blianta amach romhainn chun aiseolas ó pháirtithe leasmhara a chuimsiú maidir leis an bpróiseas agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann don chóras cumhachta i dTuaisceart Éireann amach anseo.

118 https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:32019R0943&from=EN
119 Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh ACER 02/2024 Leasú ar Mhodheolaíocht maidir le Cásanna Géarchéime Leictreachais Réigiúnacha


### 6.5.4 Torthaí ón Slánmheasúnú

Is ionann an Slánmheasúnú do Thuaisceart Éireann agus an tionchar a bheadh ag éaradh seirbhíse fada in aonad mór, agus cuirtear na torthaí i láthair i dTábla 6.12 thíos. Léiríonn na torthaí ón Slánmheasúnú go bhféadfadh an córas an Caighdeán Iontaofachta 4.9 uair an chloig a shárú faoi na dálaí sin ó 2026 ar aghaidh.

**Tábla 6.12 Torthaí LOLE agus EENS an tSlánmheasúnaithe do Thuaisceart Éireann (lena n-áirítear cúltacaí)**

| | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| LOLE an tSlánmheasúnaithe (uaireanta) | 16.1 | 14.7 | 10 | 14.4 | 17.2 | 20.8 | 24.8 | 35.4 | 48.2 | 43.6 |
| EENS an tSlánmheasúnaithe (GWh) | 2.2 | 2.0 | 1.3 | 1.8 | 2.2 | 2.6 | 3.2 | 5.0 | 7.2 | 6.5 |

Chun comhsheasmhacht a chinntiú ar fud an ríomha maidir le Barrachas/Easnamh, úsáidtear na 3 chás aimsire chéanna le haghaidh anailís MW an tSlánmheasúnaithe agus a úsáidtear le haghaidh anailís MW an Bhunmheasúnaithe. Léirítear i bhFíor 6.9 thíos miondealú mionsonraithe ar thorthaí MW an tSlánmheasúnaithe a léiríonn an toilleadh iomlán atá ag teastáil chun an córas a oibriú go slán, chun tionchar briseadh mór aonaid a bhainistiú agus chun tacú leis an gcóras cumhachta tríd an aistriú i dtreo spriocanna aeráide. Léirítear sna torthaí go gciallaíonn tionchar éaradh mór seirbhíse aonaid go bhfuil gá le toilleadh breise chun freastal ar riachtanais chúltaca an chórais ar fud thréimhse an staidéir agus i roinnt blianta gur riosca é maidir le freastal ar riachtanais éilimh.





*Fíor 6.9 Torthaí MW an tSlánmheasúnaithe do Thuaisceart Éireann i dtéarmaí barrachais (+) agus easnaimh (-) de ghléasra foirfe*

### 6.5.5 Staidéir Íogaireachta

Tugann an Bunmheasúnú agus an Slánmheasúnú léargas ar an gcaoi ar dócha go bhforbróidh dinimic an chórais fuinnimh sna deich mbliana amach romhainn, de réir mar a aistreoidh Tuaisceart Éireann chuig teicneolaíochtaí ísealcharbóin agus de réir mar a mhéadóidh treá ó acmhainní in-athnuaite. Chuige sin, rinne SONI staidéir íogaireachta éagsúla ar an mBunmheasúnú, agus taispeántar na torthaí i bhFíor 6.10. Agus na híogaireachtaí sonracha á dtógáil, tá aiseolas ó pháirtithe leasmhara a fuarthas tríd an bpróiseas comhairliúcháin don tionscadal seo ionchorpraithe ag SONI.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach staid deiridh Barrachais/Easnaimh iad na híogaireachtaí, ach ina ionad sin measúnuithe tionchair leithlisithe ar cheart iad a mheas i gcoibhneas leis na Staideanna MW sa Bhunmheasúnú agus sa Slánmheasúnú ar a dtugtar tuairisc thuas.




*Fíor 6.10 Anailís íogaireachta do Thuaisceart Éireann*

Tugtar breac-chuntas níos mionsonraithe thíos ar na sonraí sonracha atá taobh thiar de gach íogaireacht.

### Éileamh

Cuireadh dhá íogaireacht san áireamh, agus anailís á déanamh ar an réamhaisnéis Éilimh Móire agus réamhaisnéis Éilimh Ísle mar a chuirtear i láthair i Roinn 4.3. Taispeántar go bhfuil tionchar dearfach ag íogaireacht an Éilimh Ísil ar leordhóthanacht thar thréimhse an staidéir, ag méadú go líneach thar thréimhse an staidéir ó 40MW in 2026 suas go 110 MW in 2035. Tá éifeacht inbhéartach ag an íogaireacht maidir le hÉileamh Ard, rud a léiríonn tionchar atá ag éirí níos diúltaí ar leordhóthanacht thar thréimhse an staidéir idir 50 MW in 2026 agus 140 MW in 2035. Tugtar faoi deara tríd an íogaireacht sin go bhfuil comhghaol láidir ann idir an buaicéileamh íseal/ard arna thuar i gcoibhneas leis an mbuaicéileamh airmheánach agus an staid leordhóthanachta.

### Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin (ARHL)

Cuireadh dhá íogaireacht san áireamh, ceann amháin lena ndéantar anailís ar an tionchar dearfach a bheadh ag teorainneacha uaireanta neamh-oibriúcháin bliantúla ar aonaid KGT6 agus KGT7 agus an dara híogaireacht lena ndéantar anailís an tionchar ar na huaireanta oibriúcháin teoranta atá ar fáil. Tá tionchar dearfach mór ag íogaireacht na dTeorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Neamh-Oibriúcháin ar leordhóthanacht, thart ar 250-300 MW thar thréimhse an staidéir, rud a d'fhágfadh go n-oibreodh Tuaisceart Éireann laistigh den Chaighdeán Iontaofachta sa Bhunmheasúnú agus sa Slánmheasúnú araon.

Le modheolaíocht AIRAA, ceadaítear dhá chatagóir um Teorainneacha Uaire Oibriúcháin, 1,500 agus 500 uair a chloig. Samhlaíonn na measúnuithe lárnacha aonaid bunaithe ar Theorainn 1,500 Uair an Chloig Oibriúcháin, agus glacann íogaireacht Íseal ARHL ar Fáil leis an Teorainn 500 Uair an Chloig Oibriúcháin. Léiríonn an infhaighteacht íseal ARHL tionchar diúltach thart ar 50 MW ar an meán ar leordhóthanacht thar thréimhse an staidéir, rud a fhágann go bhfuil an Bunmheasúnú lasmuigh den Chaighdeán Iontaofachta thar na blianta uile seachas 2028 agus 2029 agus an Slánmheasúnú ag bogadh níos faide lasmuigh den Chaighdeán Iontaofachta thar thréimhse iomlán an staidéir. Tabhair faoi deara gurb é cuspóir na híogaireachta Infhaighteacht Íseal ARHL tionchar na hinfhaighteachta laghdaithe de stáisiúin chumhachta ARHL in aon bhliain ar leith a léiriú agus ní mheastar léi uaireanta oibríochta iarbhír a úsáideadh nó atá fágtha ar aonaid ar leith.

### Treocht in-athnuaite

Cuireadh dhá íogaireacht san áireamh, lena ndéantar anailís ar an tionchar a bheadh ag treocht toillte in-athnuaite níos airde agus níos ísle i gcoibhneas leis an treocht airmheánach. Léirítear an treocht íseal in-athnuaite a úsáidtear san íogaireacht seo i dTábla 6.13. Is é an tionchar a bheidh ag tógáil íseal-in-athnuaite ná an tionchar is suntasaí i ndiaidh 2030, rud a léiríonn tionchar diúltach de thart ar 40 MW ar leordhóthanacht.

| Tábla 6.13 Treocht in-athnuaite íseal Thuaisceart Éireann (MW) | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **2035** |
| Gaoth Amach ón gCósta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Gaoth ar Talamh | 1,395 | 1,425 | 1,465 | 1,540 | 1,615 | 1,690 | 1,765 | 1,840 | 1,915 | 1,990 |
| Grian | 260 | 275 | 300 | 330 | 365 | 400 | 435 | 470 | 505 | 540 |

I bhfianaise líon ard na síntí starracha ar acmhainní in-athnuaite, glactar leis go seachadfar 1 GW de ghaoth amach ón gcósta ó 2030 ar aghaidh, rud atá ailínithe le huaillmhian DfE maidir le gaoth amach ón gcósta de réir Straitéis Fuinnimh Thuaisceart Éireann mar aon le toilleadh méadaithe ar talamh. Léirítear an treocht in-athnuaite a úsáidtear san íogaireacht seo i dTábla 6.14. Tá tionchar dearfach thart ar 50 MW ag an méadú ar fhuinneamh in-athnuaite ar leordhóthanacht ó 2030 ar aghaidh (nuair a thiocfaidh an eangach amach ón gcósta i bhfeidhm).

| Tábla 6.14 Treocht in-athnuaite ard Thuaisceart Éireann (MW) | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **2035** |
| Gaoth Amach ón gCósta | 0 | 0 | 0 | 0 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 |
| Gaoth ar Talamh | 1,420 | 1,490 | 1,590 | 1,780 | 1,970 | 2,160 | 2,340 | 2,530 | 2,720 | 2,910 |
| Grian | 280 | 310 | 380 | 450 | 540 | 630 | 710 | 800 | 890 | 980 |

### Stóráil Fuinnimh

Leis an íogaireacht sin, déantar measúnú ar an méid a chuireann stóráil bhreise le leordhóthanacht an chórais. Is fiú a thabhairt faoi deara go ndéantar breithniú sna measúnuithe lárnacha leordhóthanachta ar stóráil le conarthaí acmhainne agus nach nglactar leis go ndéanfar forbairt bhreise orthu thar an gceant T-4 is déanaí. Aithnítear gur dócha go mbeidh ról suntasach ag stóráil sa phunann acmhainní a bheidh ann amach anseo, agus déantar anailís leis an íogaireacht sin ar an tairbhe a d'fhéadfadh a bheith ann ó thaobh leordhóthanachta de. Chun críche na híogaireachta sin, cuireadh tionscadail bhreise san áireamh a tháinig isteach i bpróiseas ceangail SONI (tá tairiscintí glactha ag cuid acu agus tá cuid acu fós ag céim an iarratais). Taispeántar an stóráil bhreise a áirítear san íogaireacht seo i dTábla 6.15 thíos. Is é 60 MW suas go dtí 2030 agus 120 MW ó 2030 ar aghaidh an meánrannchuidiú leis an staid leordhóthanachta, rud a léiríonn an luach is féidir a chur leis mar thoradh ar stóráil bhreise.

| Tábla 6.15 Toilleadh breise ardstórála Thuaisceart Éireann | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2026** | **2027** | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** | **2035** |
| Toilleadh (MW) | 0 | 100 | 150 | 280 | 530 | 720 | 720 | 720 | 720 | 720 |
| Stóráil (MWh) | 0 | 200 | 250 | 500 | 950 | 1,420 | 1,420 | 1,420 | 1,420 | 1,420 |

Solúbthacht

Leis an íogaireacht seo i ndáil le Solúbthacht Íseal, léirítear an tionchar ar an staid leordhóthanachta mura ndéantar na bearta solúbthachta a thoimhdítear sa phróiseas réamhaisnéisithe éilimh. Déantar tuilleadh sonraí maidir le cur chun feidhme na solúbthachta a chur i láthair i Roinn 4.3.7. Beidh tionchar diúltach ag Solúbthacht Íseal ar an staid leordhóthanachta ag 40 MW ar an meán ó 2030 ar aghaidh.

Leis an íogaireacht i ndáil le Solúbthacht Ard, breithnítear luach sholúbthacht dhinimiciúil an chórais cumhachta lena ndéantar measúnú ar thionchar an éilimh de réir praghais. Déantar é sin a shamhaltú trí ligean do chuid den fhlít Feithiclí Leictreacha luchtú ag amanna nuair a bhíonn praghsanna íseal. Léiríonn an íogaireacht sin luach méadaitheach ó sholúbthacht thar thréimhse an staidéir ó mheántionchar dearfach 2026-2030 de 20 MW ag méadú le linn na tréimhse 2031-2035 go meán de 60 MW. Ag an am seo déantar an íogaireacht a shamhaltú ar bhealach simplí neamhshrianta; ní chuirtear san áireamh ann srianta iompraíochta nó oibríochta córais san fhíorshaol. Tugann an íogaireacht léargas luath ar an luach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le haistriú éilimh níos solúbtha i rith an lae le haghaidh feithiclí leictreacha.

## 6.6 Anailís Uile-Oileáin ar Leordhóthanacht

Cuirtear staidéir Leordhóthanachta Uile-Oileáin i gcrích ag glacadh leis go mbeidh an dara hIdirnascaire Thuaidh-Theas i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2031. San anailís, tá dhá chás. Sa chéad cheann, baintear úsáid as cumraíocht an Bhunmheasúnaithe agus sa dara ceann baintear úsáid as an Slánmheasúnú, lena n-áirítear an tionchar eachtra Dunkelflaute aon-seachtaine. Sa phróiseas um anailís bhreise ar shlándáil breise ó na measúnuithe dlínse thuas, aithníodh Dunkelflaute a mhaireann seachtain amháin mar riosca d'Éirinn agus briseadh mór aonaid mar riosca do Thuaisceart Éireann. Níor críochnaíodh an anailís go sonrach chun críche an mheasúnaithe Uile-Oileáin, agus dá bhrí sin roghnaíodh Dunkelflaute, a mhairfidh seachtain amháin, don mheasúnú Slán toisc go bhfuil sé samhaltaithe mar ghaoth íseal ar fud an SEM agus dá bhrí sin is ábhartha don oileán ina iomláine. Tabhair faoi deara gur féidir le leaganacha a bheidh ann amach anseo síneadh a chur leis an gcur chuige i leith anailís bhreise ar shlándáil chun anailís ar shlándáil a bhaineann go sonrach leis an limistéar Uile-Oileáin.

Tá an toradh don staid Uile-Oileáin i gcoibhneas leis an gCaighdeán Iontaofachta 6.5 uair an chloig don SEM. Léirítear sa mheasúnú Uile-Oileáin go bhfuil feabhas tagtha ar shlándáil an tsoláthair don dá dhlínse, i gcomparáid le torthaí dlínse aonair, ós rud é go maolaítear an srian fisiciúil ar aistriú cumhachta. Sula gcuirtear an dara tionscadal Idirnascaire Thuaidh-Theas i gcrích, cruthaíonn an líne cheangail atá ann cheana idir an dá réigiún srian fisiceach a théann i bhfeidhm ar an leibhéal tacaíochta is féidir a sholáthar idir na dlínsí.


Maidir leis an gcás 'Uile-Oileáin', tá an barrachas d'aon bhliain ar leith níos mó ná suim an dá staidéar dlínse ar leithligh toisc gur fearr is féidir le gach dlínse tacú leis an gceann eile le linn tréimhsí struis ar an gcóras. Ina theannta sin, tá Caighdeán Iontaofachta MLA níos maolaithe ná na Caighdeáin Iontaofachta dlínse d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann, rud a fhágann go bhfuil staid feabhsaithe ann freisin.

Tugann torthaí an Bunmheasúnaithe a léirítear i dTábla 6.16 le fios go bhfuil an MLA laistigh den Chaighdeán Iontaofachta 6.5 uair an chloig do gach bliain.

| Tábla 6.16 Torthaí an Bhunmheasúnaithe ar an gcóras Uile-Oileáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **2032** | **2033** | **2034** | **2035** |
| LOLE an Bhunmheasúnaithe (uaireanta a chloig) | 0.2 | 0.1 | 0.3 | 0.4 |
| EENS an Bhunmheasúnaithe (GWh) | 0.0 | 0.0 | 0.1 | 0.1 |
| MW an Bhunmheasúnaithe | 1,010 | 1,020 | 1,020 | 8,30 |

Áirítear leis an Slánmheasúnú tionchar eachtra Dunkelflaute aon-seachtaine, agus léirítear torthaí an mheasúnaithe sin i dTábla 6.17. Tugann an dá mheasúnú le fios go bhfuil an MLA laistigh den Chaighdeán Iontaofachta 6.5 uair an chloig do gach bliain. Tabhair faoi deara nach n-áirítear TOPanna i Ríomh an tSlánmheasúnaithe LOLE; ach áirítear é i ríomh MW an tSlánmheasúnaithe chun riachtanais toillte iomlána an chórais a léiriú mar a thuairiscítear i Roinn 6.4.4. Cuireadh torthaí TOPs san áireamh le ríomh an tSlánmheasúnaithe. Ciallaíonn sé sin go bhfuil easnamh beag ann in 2034, cé go bhfuil torthaí LOLE laistigh den chaighdeán.

| Tábla 6.17 Torthaí an tSlánmheasúnaithe don chóras Uile-Oileáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **2032** | **2033** | **2034** | **2035** |
| LOLE an tSlánmheasúnaithe (uaireanta) | 1.2 | 1.4 | 4.0 | 2.6 |
| EENS an tSlánmheasúnaithe (GWh) | 0.0 | 0.2 | 1.1 | 0.3 |
| MW an tSlánmheasúnaithe | 360 | 340 | -30 | 80 |




*Tábla 6.16 Torthaí an Bhunmheasúnaithe ar an gcóras Uile-Oileáin*





# Aguisín 1:
# Measúnú inmharthanachta eacnamaíche

Úsáidtear Measúnú Inmharthanachta Eacnamaíche (MEC) chun inmharthanacht acmhainní toillte sa mhargadh leictreachais atá dírithe ar fhuinneamh amháin a mheas, ag soláthar anailíse maidir le cibé an bhféadfadh aonaid a bheith inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de nó an bhféadfadh airgead a bheith ar iarraidh[120], agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le sruthanna ioncaim breise amhail trí mheicníochtaí toillte. Faoi Airteagal 24 de Rialachán AE 2019/943[121], tá gá le measúnú ar inmharthanacht eacnamaíoch na n-acmhainní toillte mar chuid de Mheasúnú Náisiúnta ar Leordhóthanacht Acmhainní.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach réamhaisnéis ar thorthaí an mhargaidh ná ar chinntí infheisteoirí é EVA, agus dá bhrí sin ba cheart aschuir an phróisis a léirmhíniú go cúramach. Aithnítear gur simpliú iad na fachtóirí a áirítear san EVA seo, agus ní chuimsítear leo raon na n-éiginnteachtaí a ndéanfadh iontrálaithe ionchasacha sa mhargadh measúnú orthu. Is píosa neamhspleách anailíse é an próiseas lena mbreathnaítear ar chásanna sonracha agus níl aon tionchar ná impleachtaí aige i ndáil le próisis do thoilleadh-cheantanna an MLA.

Tá an EVA seo á thabhairt isteach ag SONI agus EirGrid den chéad uair sa tuarascáil seo, mar chuid de bhealach céimnithe i dtreo ionchorprú iomlán sa mheasúnú leordhóthanachta lárnach le haghaidh MUOLA 2027-2036. Is é fócas EVA tosaigh na bliana seo an próiseas nua EVA a thabhairt isteach agus oibriú an phróisis a léiriú i raon cásanna. Tá sé beartaithe leis an gcéad EVA bonn a sholáthar do thuilleadh rannpháirtíochta agus comhairliúcháin sa chaoi go mbeidh an measúnú leordhóthanachta lárnach a rinneadh i dTuarascáil MUOLA 2027-2036 ag teacht leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 24 de Rialachán AE 2019/943.

Mar chuid d'fhorbairt EVA rinneadh comhairliúchán poiblí iomlán, seimineár gréasáin poiblí, rannpháirteachas le páirtithe leasmhara sa tionscal, agus ceardlanna le OCTanna Eorpacha eile atá i mbun anailís EVA.

120 Tarlaíonn airgead ar iarraidh nuair nach leor ioncam acmhainne ón margadh leictreachais (fuinneamh amháin) chun costais na hacmhainne a chumhdach.
121 Rialachán AE 2019/943


## A1.1 Próiseas

Leis an bpróiseas EVA cuirtear modheolaíocht fhianaisebhunaithe atriallach i bhfeidhm agus ioncaim an mhargaidh leictreachais á spreagadh trí shamhail seolta eacnamaíoch agus trí comparáid a dhéanamh i dtaca le costais chun a mheas cé acu atá aonad inmharthana a thaobh eacnamaíochta de nó nach bhfuil. Taispeántar an próiseas maidir leis an bpróiseas fianaisebhunaithe EVA i bhFíor AI.1 agus tugtar achoimre air thíos:


- **An cás tosaigh:** Is ionann an cás tosaigh don EVA agus an measúnú bunaidh ón staidéar leordhóthanachta le héileamh airmheánach, treochtaí in-athnuaite agus réamhaisnéisí toillte. Is é is aidhm leis an gcás tosaigh ná an margadh lá roimh ré a neasú agus dá bhrí sin fágann sé cúlchistí agus srianta sreafa Thuaidh Theas ar lár.
- **Seoladh eacnamaíoch don EVA:** Tá seoladh eacnamaíoch bunaithe ar gach bliain staidéir i leith cás aimsire ionadaíoch amháin[122] arb ionann é agus cás aimsire 34 do mheasúnú na bliana seo. Le linn na céime seo, rianófar aonaid lena mbaineann Teorainn Bhliantúil ar Uaireanta Oibriúcháin chun a chinntiú nach n-oibreoidh siad thar an teorainn.
- **Measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht eacnamaíoch na n-aonad:** Déantar inmharthanacht eacnamaíoch a mheasúnú trí chomparáid a dhéanamh idir sreafaí airgid na n-ioncam (cíos infrimeallach agus ioncam ó sheirbhísí coimhdeacha) agus costais (caiteachas caipitiúil agus seasta). Tríd an bpróiseas déantar measúnú ar inmharthanacht aonad reatha agus ar inmharthanacht fhéideartha aonad nua amhail OCGTanna, CCGTanna agus BESS nua. Tabhair faoi deara, ní dhéantar measúnú ar aonaid ach amháin maidir leis na blianta nach bhfuil conradh margaidh toillte acu, glactar leis go bhfuil aonaid atá faoi chonradh inmharthana. Tráth an reoite sonraí, ba é ceant 2028/2029 T-4 an ceant is déanaí a bhí ann. Dá bhrí sin, tá inmharthanacht aonad in éagmais ioncaim ó toilleadh tosaithe ó 2030 i leith.
- **Acmhainn a choigeartú bunaithe ar inmharthanacht eacnamaíoch:** Tá trí stádas féideartha ag aonaid: ar líne, as líne, nó i leataobh – ríomhfar inmharthanacht eacnamaíoch gach aonaid i dtaca le gach stádas. Déantar inmharthanacht eacnamaíoch na n-aonad a mheasúnú trí Ghlanluach Láithreach (NPV) na sreafaí airgid a ríomh i dtaca le gach stádas féideartha. Déantar measúnú ar aonaid i ngach atriall, agus nuashonraítear a stádas go dtí an stádas is inmharthana ó thaobh eacnamaíochta de[123]. Mar shampla, má tá NPV aonaid níos inmharthana ó thaobh eacnamaíochta de nuair atá an t-aonad curtha i leataobh ar feadh 2 bhliain seachas a bheith ar líne nó as líne, cuirfear an t-aonad i leataobh ar feadh 2 bhliain.
- **Atriail go dtí cóineasú:** Déantar an próiseas arís is arís eile go dtí go mbainfear cóineasú amach ionas go mbaineann gach aonad a stádas is inmharthana ó thaobh eacnamaíochta de amach, i.e. ionas nach mbeidh aon aonaid ar líne nach bhfuil inmharthana agus a mhalairt.
- **Punann EVA deiridh:** Chomh luath is a bhaintear cóineasú amach, sin an punann iar-EVA is deireanaí.

122 Meastar cás aimsire ionadaíoch amháin a bheith cuí don chéad bhliain de chur chun feidhme an EVA, agus amach anseo féadfar an cur chun feidhme a leathnú chun níos mó cásanna aimsire a úsáid chun tionchar na hathraitheachta aeráide ar ioncaim a léiriú. Roghnaíodh an cás aimsire ionadaíoch mar an ceann leis na luachanna LOLE is gaire do mheán na 36 chás aimsire, d'fhéadfadh leaganacha EVA amach anseo an rogha a leathnú chun ioncam a anailísiú freisin.

123 Déantar aonaid lena mbaineann an difríocht is mó maidir le NPV idir dhá stádas a choigeartú ar dtús.




*Fíor A1.1 Próiseas EVA bunaithe ar ioncam*



## A1.2 Breithnithe

Tá sé leagtha amach cheana féin i rannóga roimhe seo gur léargas simplithe ar inmharthanacht eacnamaíoch atá san EVA, agus tá Tábla A1.1 curtha san áireamh chun roinnt pointí tábhachtacha a leagan amach le breithniú agus cásanna agus torthaí an EVA á léirmhíniú. Tá sonraí agus barúlacha sonracha is infheidhme maidir leis an measúnú ar fáil sa cháipéis Ionchur agus Barúlacha[124] a foilsíodh.

**Tábla A1.1 Breithnithe EVA**

| Uimhir | Nóta |
|---|---|
| 1 | Ní dhéantar EVA srianta oibríochta nó tarchuir córais a shamhaltú (e.g. táimhe, bunriachtanach, TNSC, tarchur), lena bhféadfaí míléiriú a thabhairt ar an gcumas iarbhír chun ioncam a shaothrú i dtaca le roinnt aonad. |
| 2 | Glacann EVA dearcadh simplithe ar chostais agus ioncaim, nach gcuirtear na cúrsaí go léir san áireamh leo, mar chuid de mheasúnú airgeadais ar thionscadal. Dá bhrí sin, déanann aschuir EVA an “inmharthanacht” níos simplí agus níl sé mar aidhm acu cinntí infheisteoirí a thuar. |
| 3 | Tá an tsamhail teoranta do léaslíne 10 mbliana agus dá bhrí sin ní dhearnadh costais agus ioncaim níos faide anonn ná 2035 a shamhaltú, ina ionad sin coinnítear luachanna ón mbliain shamhaltaithe dheireanach ar feadh shaolré an aonaid atá fágtha. |
| 4 | Braitheann toradh an EVA go mór ar ionchuir atá éiginnte – praghsanna breosla, costais teicneolaíochta, treocht in-athnuaite, treocht éilimh agus athruithe i gceantair in aice láimhe (e.g. an Bhreatain Mhór agus an Fhrainc) san áireamh. |
| 5 | Ní shamhaltaíonn an EVA toilleadh-cheantanna an mhargaidh amach anseo. Is é atá i gceist leis an toimhde seo ná dearcadh a chur ar fáil ar inmharthanacht gan tacaíocht ón margadh toillte agus ní tuairim atá ann maidir leis an dóchúlacht go mbeadh ceantanna acmhainne nó ceanglais acmhainne ann amach anseo. |
| 6 | Ní áirítear inniúlachtaí in-athnuaite san EVA toisc go dtuigtear go bhfuil siad spreagtha ag scéimeanna tacaíochta beartais. |
| 7 | Níor cuireadh teacht isteach agus imeacht Aonaid an Éilimh (AÉ) san áireamh mar gheall ar an easpa sonraí faoi chostais agus ionchuir eile. |
| 8 | Roghnaíodh cás aimsire (WS) amháin mar WS ionadaíoch; i bhfírinne d’fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag na dálaí táirgeachta aeráide ar inmharthanacht aonad maidir le bliain staidéir ar leith. |
| 9 | Is é an fhoinse a úsáideadh le haghaidh thoimhdí na gcostas ná staidéar BNE Choiste an Mhargaidh Leictreachais Aonair, staidéar a d’fhéadfadh a bheith as dáta agus a bhféadfaí na costais iarbhír a mheas faoina luach dá bharr. Ina theannta sin, tá na catagóirí a úsáidtear le haghaidh CCGTanna agus OCGTanna agus ní bhristear anuas iad sin de réir aois an aonaid nó chineálacha sonracha CCGTanna agus OCGTanna. |

124 Ionchuir agus Toimhdí d’Éirinn AIRAA 2026-2035

## A1.3 Cásanna

Tá cúig chás forbartha chun an tionchar a léiriú atá ag roinnt ionchur agus tuiscintí éagsúla maidir le hioncam agus costas sa mheasúnú ar inmharthanachta eacnamaíoch. Forbraíodh na cúig chás, a dtugtar achoimre orthu i dTábla A1.2 thíos, mar thoradh ar an bpróiseas comhairliúcháin agus rannpháirteachais le páirtithe leasmhara. Cuireann cásanna 1, 2, 3, agus 5 measúnuithe malartacha ar ioncaim ar fáil agus i gcás 4 déantar anailís ar laghdú ar chostais BESS.

**Tábla A1.2 Achoimre ar chásanna sa Mheasúnú ar Inmharthanacht Eacnamaíoch (EVA)**

| Cás | Cur i bhfeidhm | Réasúnaíocht |
|---|---|---|
| C1 – Le praghsáil teirce | Tá an chaidhp phraghais sa seoladh eacnamaíoch seasta maidir leis na luachanna a úsáideadh in MELA 2024. | Toimhde maidir le caidhp phraghais an mheasúnaithe ailínithe le MELA 2024. |
| C2 – Gan phraghsáil teirce | Tá praghsanna sa seoladh eacnamaíoch teoranta ag 500 €/MWh. | Aiseolas ó chomhairliúcháin gur annamh a sháraigh praghsanna MLA 500 €/MWh go stairiúil, seachas sin tá gach rud ailínithe le Cás 1. |
| C3 – Ioncam ó fhuinneamh amháin | Ní áirítear ach ioncaim fuinnimh mar chuid den mheasúnú. | Aiseolas ó chomhairliúcháin go bhfuil éiginnteacht i gceist maidir le hioncam ó sheirbhísí coimhdeacha amach anseo, seachas sin tá gach rud ailínithe le Cás 1. |
| C4 – Costais ísle ceallraí | Tá CapEx agus OpEx ceallraí 30% níos ísle, agus saolré eacnamaíoch na gceallraí méadaithe ó 10 go 20 bliain. | Déan measúnú ar thionchar costas stórála níos ísle agus tástáil chumas an phróisis EVA foinsí nua a choimisiúnú, seachas sin tá gach rud ailínithe le Cás 1. |
| C5 – Gan phraghsáil teirce & ioncam ó fhuinneamh amháin | Tá ioncaim ón seoladh eacnamaíoch teoranta ag 500 €/MWh, ní áirítear ach ioncaim fuinnimh, agus fágtar amach an sampla ioncaim Monte Carlo is airde as gach cás aimsire. | Amharc ar ghnéithe iolrach den aiseolas comhairliúcháin a "charnadh", S2 agus S3 san áireamh. |

## A1.4 Torthaí

Léiríonn an próiseas EVA go bhfuil líon suntasach aonad ann, i ngach cás, nach bhfuil inmharthana in éagmais ioncaim ón margadh toillte i.e. tá NPV diúltach ag aonaid. Fágtar aonaid atá neamh-inmharthana amach as an bpunann le haghaidh an mheasúnaithe leordhóthanachta agus dá bhrí sin léiríonn an measúnú leordhóthanachta go bhfuil an staid leordhóthanachta fhoriomlán ag dul in olcas toisc go bhfuil níos lú toillte sa phunann fhoriomlán.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil sé i gceist leis an anailís ar chásanna iolracha an dóchúlacht a léiriú go dtiocfaidh aon cheann ar leith de na cásanna chun cinn agus ina ionad sin cuireann sí measúnú ar fáil ar inmharthanacht acmhainní i gcás easpa ioncaim toillte maidir le tacar athraitheach toimhdí faoi ionchur chun an próiseas a léiriú.


### Torthaí Inmharthanachta Eacnamaíche

Léiríonn an tsamhail, i ngach cás, go bhfuil méid toillte ann nach bhfuil inmharthana agus dá bhrí sin rangaítear é mar as líne. De ghnáth cinntítear na haonaid, a mheastar a bheith as líne ar dtús, trína suíomh san ord fiúntais. Léiríonn an anailís gurb iad aonaid atá i dtreo dheireadh an oird fiúntais, amhail aonaid i mbarr a bhfeidhmíochta, na chéad chinn a mbíonn tionchar diúltach NPV orthu, agus ina dhiaidh sinn roinnt OCGTanna, toisc go n-oibríonn na haonaid sin níos lú uaireanta agus ní bhíonn siad in ann cíos infrimeallach dóthanach a fháil sa mhargadh lá roimh ré. Cuirtear méid teoranta aonad nua ar líne ar fud na gcásanna, ach níor cuireadh aon ghástuirbín ar líne agus ní léiríonn ach aon chás amháin (S4 – ina nglactar leis go laghdófar costais ceallraí) an fhéidearthacht go mbeadh acmhainní le haghaidh toilleadh ceallra nua ar fáil.

Is féidir méid na n-athruithe ar thoilleadh a fheiceáil i bhFíor A1.2. Tá na luachanna toillte sa chairt bunaithe ar thoilleadh rátaithe agus tá na hathruithe acmhainne curtha i gcomparáid leis an bpunann tosaigh roimh EVA. Léiríonn luachanna os cionn a náid aonaid nua ag teacht ar líne agus léiríonn luachanna faoi bhun a náid athruithe toillte ó ar líne go as líne.

### Torthaí Leordhóthanachta

Cuirtear raon cásanna i láthair i Roinn A1.3, chun an tionchar ar athruithe ar an bpunann a léiriú maidir le raon ionchur. I mbliana, díríodh an measúnú go príomha ar phróiseas measúnaithe inmharthanachta a bhunú; cuirfear síneadh breise leis an anailís i gcás measúnuithe a bheidh ann amach anseo chun Measúnú Leordhóthanachta iar-EVA a ionchorprú. Mar bhreathnú ginearálta, murar cuireadh an acmhainn a measadh a bheith neamh-inmharthana ó na cásanna a fiosraíodh sa mheasúnú seo ar fáil don phunann giniúna san MLA, bheadh tionchar suntasach aige sin ar thorthaí leordhóthanachta.




*Fíor A1.2 Athruithe ar thoilleadh rátáilte sa Mheasúnú ar Inmharthanacht Eacnamaíoch (EVA) i gcomparáid leis an gcás leordhóthanachta lárnach*

## A1.5 Conclúid

Is céim shuntasach é an Measúnú ar Inmharthanacht Eacnamaíoch a chuirtear i láthair sa roinn seo maidir le próiseas nua a bhunú. Fuarthas aiseolas leathan trí chomhairliúchán suntasach le tionscal, rialtóirí agus Oibritheoirí Córais Tarchurtha eile agus cé go nglacann an próiseas le roinnt den phríomhaiseolas, forbrófar an próiseas le linn AIRAA 2027-2036 nuair a chuirfear an t-aschur ón EVA san áireamh sa mheasúnú leordhóthanachta lárnach.

Dá bhrí sin chuirfeadh EirGrid agus SONI fáilte roimh thuilleadh rannpháirtíochta réamhghníomhaí ó na páirtithe leasmhara uile chun an próiseas a bheachtú agus chun ionchuir chuí a bhailiú chun bonn eolais a fhorbairt i gcomhair measúnuithe amach anseo, lena gcinnteofar go léirítear saintréithe ar leith an Mhargaidh Leictreachais Aonair ar an mbonn sin.

# Aguisín 2:
# Cásanna Éilimh

An Réamhaisnéis Éilimh, tugtha i bhformáid Bliain Féilire, don Riachtanas Leictreachais Iomlán (TER). Is ionann TER agus an méid iomlán leictreachais atá riachtanach de réir réigiúin, i.e. áirítear leis an leictreachas uile a tháirgeann gineadóirí inseolta mórscála, gach gineadóir mionscála easpórtála, agus meastachán ar an leictreachas a tháirgtear trí ghineadóirí féin-íditheacha. Tá luachanna stairiúla curtha in oiriúint maidir le teocht.

**Tábla A2.1 Réamhaisnéis éilimh don chás Airmheánach i bhformáid bliana féilire d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann**

| Airmheán | TER na Bliana Féilire (TWh) | | | | | | Buaic TER (GW) | | | Buaic-Tharchuir (GW) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | Éire | | Tuaisceart Éireann | | Uile-Oileáin | | Éire | Tuaisceart Éireann | Uile-Oileáin | Éire | Tuaisceart Éireann | Uile-Oileáin |
| | TWh | % fáis | TWh | % fáis | TWh | % fáis | GW | GW | GW | GW | GW | GW |
| 2024 | 35.2 | 3.8% | 8.2 | 0.6% | 43.4 | 3.2% | 6.02 | 1.66 | 7.63 | 5.91 | 1.61 | 7.48 |
| 2025 | 37.2 | 5.7% | 8.2 | 0.4% | 45.4 | 4.7% | 6.16 | 1.63 | 7.76 | 6.04 | 1.59 | 7.61 |
| 2026 | 39.0 | 4.8% | 8.3 | 1.3% | 47.3 | 4.1% | 6.29 | 1.65 | 7.92 | 6.17 | 1.61 | 7.76 |
| 2027 | 40.6 | 4.2% | 8.5 | 2.4% | 49.1 | 3.9% | 6.42 | 1.69 | 8.09 | 6.31 | 1.65 | 7.94 |
| 2028 | 41.9 | 3.3% | 8.7 | 2.4% | 50.6 | 3.2% | 6.55 | 1.73 | 8.24 | 6.43 | 1.69 | 8.09 |
| 2029 | 43.3 | 3.1% | 8.9 | 2.6% | 52.2 | 3.1% | 6.67 | 1.76 | 8.40 | 6.56 | 1.72 | 8.25 |
| 2030 | 44.6 | 3.0% | 9.2 | 2.6% | 53.7 | 2.9% | 6.79 | 1.79 | 8.52 | 6.68 | 1.75 | 8.37 |
| 2031 | 45.7 | 2.6% | 9.5 | 3.5% | 55.2 | 2.8% | 6.90 | 1.85 | 8.68 | 6.79 | 1.81 | 8.53 |
| 2032 | 46.8 | 2.3% | 9.8 | 3.3% | 56.6 | 2.5% | 6.99 | 1.90 | 8.81 | 6.88 | 1.86 | 8.66 |
| 2033 | 47.7 | 2.0% | 10.1 | 3.1% | 57.8 | 2.2% | 7.07 | 1.96 | 8.92 | 6.96 | 1.92 | 8.77 |
| 2034 | 48.5 | 1.7% | 10.4 | 2.9% | 58.9 | 1.9% | 7.14 | 2.01 | 9.01 | 7.03 | 1.97 | 8.86 |
| 2035 | 49.2 | 1.4% | 10.7 | 2.8% | 59.9 | 1.7% | 7.19 | 2.07 | 9.12 | 7.08 | 2.03 | 8.97 |

Tábla A2.2 Réamhaisnéis éilimh don chás Íseal i bhformáid bliana féilire d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann

| Íseal | TER na Bliana Féilire (TWh) | | | | | | Buaic TER (GW) | | | Buaic-Tharchuir (GW) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Bliain | Éire | | Tuaisceart Éireann | | Uile-Oileáin | | Éire | Tuaisceart Éireann | Uile-Oileáin | Éire | Tuaisceart Éireann | Uile-Oileáin |
| | TWh | % fáis | TWh | % fáis | TWh | % fáis | GW | GW | GW | GW | GW | GW |
| 2024 | 35.2 | 3.8% | 8.2 | 0.6% | 43.4 | 3.2% | 6.02 | 1.66 | 7.63 | 5.91 | 1.61 | 7.48 |
| 2025 | 36.5 | 3.8% | 8.0 | -2.6% | 44.5 | 2.6% | 5.98 | 1.58 | 7.61 | 5.87 | 1.54 | 7.46 |
| 2026 | 37.3 | 2.2% | 8.0 | 0.9% | 45.3 | 1.9% | 6.00 | 1.60 | 7.64 | 5.89 | 1.56 | 7.49 |
| 2027 | 38.1 | 2.1% | 8.2 | 1.9% | 46.2 | 2.0% | 6.05 | 1.63 | 7.72 | 5.93 | 1.59 | 7.56 |
| 2028 | 38.7 | 1.7% | 8.3 | 1.9% | 47.0 | 1.7% | 6.09 | 1.65 | 7.78 | 5.98 | 1.61 | 7.63 |
| 2029 | 39.4 | 1.6% | 8.5 | 1.9% | 47.8 | 1.7% | 6.14 | 1.68 | 7.85 | 6.03 | 1.64 | 7.70 |
| 2030 | 40.0 | 1.6% | 8.6 | 1.9% | 48.6 | 1.7% | 6.17 | 1.71 | 7.92 | 6.06 | 1.67 | 7.77 |
| 2031 | 40.6 | 1.4% | 8.9 | 2.7% | 49.4 | 1.6% | 6.21 | 1.75 | 7.97 | 6.10 | 1.71 | 7.82 |
| 2032 | 41.1 | 1.2% | 9.1 | 2.5% | 50.1 | 1.5% | 6.24 | 1.80 | 8.03 | 6.13 | 1.76 | 7.88 |
| 2033 | 41.5 | 1.2% | 9.3 | 2.5% | 50.8 | 1.4% | 6.27 | 1.85 | 8.09 | 6.16 | 1.81 | 7.94 |
| 2034 | 42.0 | 1.1% | 9.6 | 2.5% | 51.5 | 1.3% | 6.30 | 1.89 | 8.14 | 6.19 | 1.85 | 7.99 |
| 2035 | 42.4 | 1.0% | 9.8 | 2.3% | 52.2 | 1.3% | 6.32 | 1.94 | 8.20 | 6.21 | 1.90 | 8.05 |

| Tábla A2.3 Réamhaisnéis éilimh don chás Ard i bhformáid bliana féilire d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ard** | **TER na Bliana Féilire (TWh)** | | | | | | **Buaic TER (GW)** | | | **Buaic-Tharchuir (GW)** | | |
| **Bliain** | **Éire** | | **Tuaisceart Éireann** | | **Uile-Oileáin** | | **Éire** | **Tuaisceart Éireann** | **Uile-Oileáin** | **Éire** | **Tuaisceart Éireann** | **Uile-Oileáin** |
| | **TWh** | **% fáis** | **TWh** | **% fáis** | **TWh** | **% fáis** | **GW** | **GW** | **GW** | **GW** | **GW** | **GW** |
| 2024 | 35.2 | 3.8% | 8.2 | 0.6% | 43.4 | 3.2% | 6.02 | 1.66 | 7.63 | 5.91 | 1.61 | 7.48 |
| 2025 | 37.7 | 7.1% | 8.6 | 4.8% | 46.3 | 6.7% | 6.27 | 1.70 | 7.90 | 6.15 | 1.66 | 7.75 |
| 2026 | 40.4 | 7.2% | 8.7 | 1.8% | 49.1 | 6.2% | 6.51 | 1.73 | 8.18 | 6.40 | 1.69 | 8.03 |
| 2027 | 42.9 | 6.1% | 9.0 | 2.9% | 51.8 | 5.5% | 6.74 | 1.78 | 8.45 | 6.62 | 1.74 | 8.30 |
| 2028 | 44.9 | 4.7% | 9.2 | 2.8% | 54.1 | 4.3% | 6.94 | 1.82 | 8.70 | 6.83 | 1.78 | 8.55 |
| 2029 | 46.8 | 4.3% | 9.5 | 3.3% | 56.3 | 4.1% | 7.14 | 1.86 | 8.92 | 7.03 | 1.82 | 8.77 |
| 2030 | 48.6 | 3.8% | 9.8 | 3.2% | 58.4 | 3.7% | 7.31 | 1.90 | 9.11 | 7.20 | 1.86 | 8.96 |
| 2031 | 50.0 | 3.0% | 10.2 | 4.1% | 60.2 | 3.2% | 7.45 | 1.97 | 9.28 | 7.34 | 1.93 | 9.13 |
| 2032 | 51.3 | 2.5% | 10.6 | 3.9% | 61.9 | 2.8% | 7.58 | 2.03 | 9.44 | 7.47 | 1.99 | 9.30 |
| 2033 | 52.3 | 2.0% | 11.0 | 3.5% | 63.3 | 2.3% | 7.67 | 2.10 | 9.58 | 7.56 | 2.06 | 9.44 |
| 2034 | 53.2 | 1.6% | 11.3 | 3.3% | 64.5 | 1.9% | 7.75 | 2.17 | 9.72 | 7.64 | 2.13 | 9.57 |
| 2035 | 53.9 | 1.4% | 11.7 | 3.3% | 65.6 | 1.7% | 7.82 | 2.23 | 9.83 | 7.71 | 2.19 | 9.68 |

# Aguisín 3:
# Faisnéis Ghinearálta faoin Stáisiún

## Éire

### Tábla A3.1 Toilleadh Cláraithe na giniúna inseolta agus n-idirnascairí in Éirinn in 2026 (MW)

| | ID | Cineál Breosla | Catagóir Teicneolaíochta | 2026 | Nóta |
|---|---|---|---|---|---|
| Áth Fhada | AT1 | Gás/OD | Gástuirbín | 90 | |
| | AT2 | Gás/OD | Gástuirbín | 90 | |
| | AT4 | Gás/OD | Gástuirbín | 90 | |
| | AD2 | Gás/OD | Gástuirbín | 449 | |
| Gach AÉ | AÉ | AÉ | AÉ | 760 | |
| Ard na Croise | AA1-4 | Hidrighiniúint | Hidrighiniúint | 86 | |
| Ceallra | Ceallra | Ceallra | Stóráil Eile | 850 | |
| Cuan Bhaile Átha Cliath | DB1 | Gás/OD | Gástuirbín | 415 | Athchóiriú ILC Meitheamh go Deireadh Fómhair 2026 |
| Dramhaíl Bhaile Átha Cliath | DW1 | Dramhaíl | Galtuirbín | 61 | |
| Éadan Doire | ED1 | Móin mheilte/ Bithmhais | Galtuirbín | 118 | |
| | ED3 | OD/Gás | Gástuirbín | 58 | |
| | ED5 | OD/Gás | Gástuirbín | 58 | |
| Éirne | ER1-4 | Hidrighiniúint | Hidrighiniúint | 65 | |
| EWIC | EW1 | | Idirnascaire DC | 500 | |
| FlexGen | Droichead na Carraige | Gás/Breoslaí Iolracha | Gástuirbín | 64 | I bhfeidhm le déanaí ó R4 2024 |
| | An Poll Beag | Gás/Breoslaí Iolracha | Gástuirbín | 64 | I bhfeidhm le déanaí ó R4 2024 |
| | An Chorr Dhubh | Gás/Breoslaí Iolracha | Gástuirbín | 64 | I bhfeidhm le déanaí ó R4 2024 |
| CCGT An Oileáin Mhóir | GI4 | Gás/OD | Gástuirbín | 464 | |
| Greenlink | GLK | | Idirnascaire DC | 500 | |

**Tábla A3.1 Toilleadh Cláraithe na giniúna inseolta agus n-idirnascairí in Éirinn in 2026 (MW)**

| | ID | Cineál Breosla | Catagóir Teicneolaíochta | 2026 | Nóta |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile an Huntaigh | HNC | Gás/OD | Gástuirbín | 337 | Athchóiriú ILC Márta go Iúil 2028 |
| | HN2 | Gás/OD | Gástuirbín | 408 | Athchóiriú ILC Iúil go Deireadh Fómhair 2028 |
| Dramhaíl Indaver | IW1 | Dramhaíl | Galtuirbín | 17 | |
| Abhainn na Laoi | LE1-4 | Hidrighiniúint | Hidrighiniúint | 27 | |
| Abhainn na Life | LI1-4 | Hidrighiniúint | Hidrighiniúint | 38 | |
| CC An Phoill Bhig | PBA | Gás/OD | Gástuirbín | 234 | |
| | PBB | | Gástuirbín | 234 | |
| Ród | RP1 | DO | Gástuirbín | 52 | |
| | RP2 | DO | Gástuirbín | 52 | |
| Sealrock | SK3 | Gás/OD | Gástuirbín | 81 | |
| | SK4 | Gás/OD | Gástuirbín | 81 | |
| An Tamhnach Mhór | TP1 | DO | Gástuirbín | 52 | |
| | TP3 | DO | Gástuirbín | 52 | |
| Cnoc an Turlaigh | TH1/2 | Stóráil chaidéalaithe | Stóráil | 292 | Athchóiriú ILC Feabhra go Deireadh Fómhair 2027 |
| Tíne | TYC | Gás/OD | Gástuirbín | 389 | Athchóiriú ILC Bealtaine go Iúil 2027 |
| An Geata Bán | WG1 | Gás/OD | Gástuirbín | 450 | Athchóiriú ILC Márta go Bealtaine 2027 |
| **Iomlán** | | | | **7.642** | |

## Tábla A3.2 Stáisiún cumhachta inseolta go páirteach/neamh-inseolta in Éirinn (MW)

| Ag deireadh na bliana | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaoth ar Talamh | 5,740 | 6,070 | 6,440 | 6,810 | 7,130 | 7,530 | 7,940 | 8,350 | 8,770 | 9,180 |
| Gaoth Amach ón gCósta | 30 | 30 | 30 | 30 | 1,350 | 1,950 | 2,520 | 3,120 | 3,730 | 4,480 |
| Fótavoltachas gréine | 3,260 | 4,010 | 4,770 | 5,520 | 6,280 | 6,880 | 7,480 | 8,060 | 8,640 | 9,220 |
| Hidrileictreach ar Mhionscála | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 | 26 |
| Bithmhais agus Bithghás | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 |
| CTÉ Bithmhaise | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 |
| Tionsclaíoch | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| CTÉ Traidisiúnta | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 | 130 |
| **Iomlán** | **9,249** | **10,329** | **11,459** | **12,579** | **14,979** | **16,579** | **18,159** | **19,749** | **21,359** | **23,099** |



## Tuaisceart Éireann

**Tábla A3.3 Toilleadh cláraithe na giniúna inseolta agus na n-idirnascairí i dTuaisceart Éireann in 2026 (MW)**

| | ID | Fuel Type | Technology Category | 2026 | Comment |
|---|---|---|---|---|---|
| Baile an Longfoirt | B31 | Gás/Ola Bhreosla Throm | Gástuirbín | 246 | |
| | B32 | Gás/Ola Bhreosla Throm | Gástuirbín | 246 | |
| | B10 | Gás/Ola Bhreosla Throm | Gástuirbín | 101 | |
| | GT7(GT1) | Ola Driogáite | Gástuirbín | 58 | |
| | GT8(GT2) | Ola Driogáite | Gástuirbín | 58 | |
| Cill Ruaidh | KGT1 | Ola Driogáite | Gástuirbín | 29 | |
| | KGT2 | Ola Driogáite | Gástuirbín | 29 | |
| | KGT3 | Ola Driogáite | Gástuirbín | 42 | |
| | KGT4 | Ola Driogáite | Gástuirbín | 42 | |
| | KGT6 | Gás | Gástuirbín | 350 | |
| | KGT7 | Gás | Gástuirbín | 350 | |
| Cúil Chaorach | GT8 | Ola Driogáite | Gástuirbín | 53 | |
| | C30 | Gás/Ola Driogáite | Gástuirbín | 408 | |
| AGU | AGU | Ola Driogáite | Gástuirbín | 79 | |
| CMN | CMN | Ola Driogáite | Gástuirbín | 20 | |
| AÉ | AÉ | Breoslaí Éagsúla | AÉ | 189 | |
| Ceallra | Ceallra | Ceallra | Stóráil Eile | 212 | |
| Lisahally | | Bithmhais | | 18 | Níl sé sa mhargadh toillte ach glactar leis go bhfuil sé ar fáil maidir le riachtanas toillte |
| An Mhaoil | | Idirnascaire DC | | 450 | Glactar leis go méadófar é go 500 MW in 2028 |
| **Iomlán** | | | | **2,980** | |

## Tábla A3.4 Stáisiún cumhachta inseolta go páirteach/neamh-inseolta i dTuaisceart Éireann (MW

| Ag deireadh na bliana | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaoth ar Talamh | 1,230 | 1,290 | 1,370 | 1,520 | 1,670 | 1,820 | 1,970 | 2,120 | 2,270 | 2,420 |
| Gaoth Amach ón gCósta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 500 |
| Gaoth ar Mhionscála | 180 | 180 | 180 | 180 | 180 | 180 | 180 | 180 | 180 | 180 |
| Fótavoltachas gréine | 270 | 300 | 350 | 410 | 480 | 550 | 620 | 690 | 760 | 830 |
| Bithghás ar Mhionscála | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 | 24 |
| Gás Líonta Talún | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 | 16 |
| Bithmhais ar Mhionscála | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| CTÉ In-athnuaite | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| CTÉ Eile | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| Hidrileictreach ar Mhionscála | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| Dramhaíl go Fuinneamh | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 | 15 |
| **Iomlán** | **1,756** | **1,846** | **1,976** | **2,186** | **2,406** | **2,626** | **2,846** | **3,066** | **3,286** | **4,006** |

## Tábla A3.5 Gach foinse fuinnimh in-athnuaite i dTuaisceart Éireann (MW)

| Ag deireadh na bliana | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | 2035 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gaoth ar fad | 1,410 | 1,470 | 1,550 | 1,700 | 1,850 | 2,000 | 2,150 | 2,300 | 2,450 | 3,100 |
| Fótavoltachas gréine | 270 | 300 | 350 | 410 | 480 | 550 | 620 | 690 | 760 | 830 |
| Bithmhais/Bithghás/GásLT/DgF | 46 | 46 | 46 | 46 | 46 | 46 | 46 | 46 | 46 | 46 |
| CTÉ In-athnuaite | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 | 3 |
| Hidrighiniúint | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 | 6 |
| **FIF Iomlán** | **1,735** | **1,825** | **1,955** | **2,165** | **2,385** | **2,605** | **2,825** | **3,045** | **3,265** | **3,985** |

# Aguisín 4:
# Luach ar Lód Caillte

Tá an Luach ar Lód Caillte (VoLL) ag éirí níos tábhachtaí maidir le gníomhaíochtaí OCT reatha, go háirithe i dtaca le ceist leordhóthanacht na giniúna. Is féidir an VoLL a úsáid laistigh de shásraí toillte agus laistigh den anailís costais is tairbhe ar infheistíochtaí córais.

Is ionann an VoLL agus an dochar airgeadais a thagann chun cinn nuair nach soláthraítear méid áirithe fuinnimh (in MWh mar shampla) mar gheall ar éaradh seirbhíse cumhachta. Is féidir go mbeadh costais suntasach toisc go dtugann siad le fios gur cuireadh isteach ar phróisis tháirgiúla d'earnáil na tionsclaíochta nó do ghnóthaí nó gur laghdaíodh ar ghníomhaíochtaí áineasa. Is féidir VoLL a bheith difriúil de réir tíre, bunaithe ar cé mhéad luach a chuireann gach tír ar na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar chostas lóid chaillte.

Tá am an lóid chaillte tábhachtach chomh maith. Níl na hiarmhairtí céanna i gceist le briseadh cumhachta ar feadh 5 nóiméad i rith na hoíche agus atá má tharlaíonn sé le linn buaicuaireanta ar feadh uair an chloig. Níl VoLL uathúil ann is féidir a chur i bhfeidhm le haghaidh gach sóirt éartha seirbhíse. Ba cheart an VoLL a mhionchoigeartú chun saintréithe bristeach agus ansin costais iarbhír éartha seirbhíse a chur san áireamh ar bhealach beacht.

Chun caighdeán leordhóthanachta na giniúna a shocrú, ba cheart an VoLL a mheasúnú le linn buaicuaireanta amháin agus ba cheart am réamhfhógra de roinnt uaireanta a chur san áireamh.

Baineann an Caighdeán Iontaofachta reatha le LOLE meánach. Cuirtear dhá pharaiméadar isteach sa Chaighdeán Iontaofachta seo – Glanchostas ar Iontráil Nua (CoNE) agus an Luach ar Lód Caillte (VoLL). In Éirinn is ionann an Caighdeán Iontaofachta agus 3 uair an chloig agus i dTuaisceart Éireann is ionann é agus 4.9 uair an chloig.

Sa Mhargadh Leictreachais Aonair, socraítear an VoLL agus an glan-CoNE le haghaidh gach Margadh Toillte ar an MLA, agus úsáidtear iad sin chun luach na gconarthaí a bhronntar ar ghineadóirí buaiteacha a ríomh i ngach ceant.

Go bunúsach, le VoLL déantar meastachán ar an gcostas atá i gceist nuair nach leor an soláthar chun freastal ar an lód, agus le CoNE déantar meastachán ar an gcostas a bhaineann le rósholáthar. D'fhonn an chothromaíocht optamach a bhaint amach idir soláthar agus éileamh, is féidir linn VoLL agus CoNE a úsáid chun an Caighdeán Iontaofachta is iomchuí a shocrú.

Bíonn an méid uaireanta d'éaradh seirbhíse is éifeachtúla (Caighdeán Iontaofachta) ag dul Luach an Lóid Chaillte (VoLL) agus leis na costais sheasta agus athraitheacha a bhaineann le buaicsholáthraí (Costas ar Iontráil Nua (CoNE)).

Faightear an freagra ar an gceist "Cé mhéad uaireanta de lód caillte ar cheart dom a chur san áireamh?" ó anailís dhíreach ar chostais: Go teoiriciúil, níor cheart lód a fhreastal le linn uaireanta nuair a sháródh costas a fhreastail VoLL[125]. I dtéarmaí ailgéabracha, tá ciall le héaradh seirbhíse chomh fada agus


- VoLL * Caighdeán Iontaofachta < CoNE

Mar shampla:

VoLL ~ [Costas CoNE] / [Caighdeán Iontaofachta] = [€80,000/bliain MW] / [8 n-uair/bliain] = €10,000/MWh

125 http://regulationbodyofknowledge.org/wp-content/uploads/2013/03/Hunt_Making_Competition_Work.pdf

Léiríonn Fíor A4.1 an pointe ag a mbaintear an chothromaíocht sin amach – marcáilte le X idir an dá ghraf.




*Fíor A4.1 – Pointe cothromaíochta idir costais iontrálaí nua (CoNE) chun freastal ar éileamh agus an tionchar costais mura gcomhlíontar an t-éileamh (VoLL) i gcás LOLE áirithe*[126]

126 http://regulationbodyofknowledge.org/wp-content/uploads/2013/03/Hunt_Making_Competition_Work.pdf



# Aguisín 5:
# Gluais na dTéarmaí

| Acrainm/ Giorrúchán | Téarma | Míniú |
|---|---|---|
| AÉ | Aonad an Éilimh | Is éard atá in Aonad an Éilimh (AÉ) Láithreán Éilimh Aonair amháin nó níos mó ar féidir le hOibritheoir Córais Tarchurtha (OCT) iad a sheoladh amhail is dá mba ghineadóir é. |
| AGU | Aonad Gineadóirí Comhbhailithe | Roinnt gineadóirí aonair grúpáilte le chéile lena dtoilleadh ar fad a chur ar fáil. |
| ALF | Fachtóir Lóid Bliantúil | Is ionann ALF agus an meánlód roinnte ar an buaiclód.<br>e.g. más TER=54900 GWh, Buaic = 8.64 GW<br>$ALF = \frac{54900/8760}{8.64} = 73\%$<br>agus 8760 = méid uaireanta an chloig in aghaidh na bliana = 24*365 |
| BCS | Beartas um Cheangal Seasmhach | Próiseas chun tairiscintí nasctha a sholáthar chun 2 GW de ghiniúint in-athnuaite a éascú in Éirinn. |
| CCGT | Gástuirbín Comh-thimthrialla | Cineál gineadóra theirmigh a úsáideann gás nádúrtha mar fhoinse bhreosla de ghnáth. Is bailiúchán de ghástuirbíní agus aonaid ghaile é; ina gcuirtear teas dramhaíola ón ngástuirbín/ó na gástuirbíní trí choire aisghabhála teasa chun gal a ghiniúint le haghaidh na ngaltuirbíní. |
| CF | Fachtóir Toillte | $\text{Fachtóir Toillte} = \frac{\text{Aschur Fuinnimh}}{\text{Uaireanta a chloig sa bhliain} * \text{Toilleadh Suiteáilte}}$ |
| CEP | an Pacáiste "Fuinneamh Glan do gach Eorpach" | Pacáiste beart de chuid Choimisiún an AE chun an t-aistriú chuig fuinneamh glan a éascú. Tá an AE tiomanta d'astaíochtaí CO2 a laghdú 40% ar a laghad faoi 2030 agus iad ag nuachóiriú gheilleagar an AE. |
| CTÉ | Cumhacht is Teas in Éineacht | Próiseas an-éifeachtach a ghabhann agus a úsáideann an teas atá ina fhotháirge den phróiseas giniúna leictreachais. |
| EMDF | Fachtóir Dí-Rátáil an Mhargaidh Sheachtraigh | Dí-rátáil a chuirtear i bhfeidhm maidir le hidirnascairí le margaí seachtracha. |
| ENTSO-E | Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha – Leictreachas | Déanann ENTSO-E, Líonra Eorpach d'Oibreoirí Córais Tarchurtha, ionadaíocht ar 43 oibreoir córais tarchurtha leictreachais ó 36 tír ar fud na hEorpa. |
| ENTSO-E TYNDP | | Plean Forbartha Náisiúnta Deich mBliana le haghaidh Leictreachais Líonra Eorpach na nOibreoirí Córais Tarchurtha –Leictreachais. |
| ESRI | An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta | Is é ról na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ceapadh beartas atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn, ar ceapadh beartas é a thacaíonn le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch agus le dul chun cinn sóisialta in Éirinn. |

| Acrainm/ Giorrúchán | Téarma | Míniú |
|---|---|---|
| EVA | Measúnú inmharthanachta eacnamaíche | Measúnú a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht acmhainní toillte sa mhargadh leictreachais fuinnimh amháin. |
| EVnna | | Feithiclí Leictreacha. |
| | Éileamh | An méid cumhachta leictrí a ídíonn custaiméir agus a tomhaistear i meigeavatanna (MW). Go ginearálta, an méid fuinnimh atá le hiompar ó stáisiúin giniúna chun freastal ar riachtanais leictreachais na gcustaiméirí uile. Áirítear leis seo aon chaillteanas (líne nó claochladán). |
| | EU-SysFlex | Agus é mar aidhm acu córas uile-Eorpach a bhaint amach ina mbainfear úsáid éifeachtúil chomhordaithe as solúbthachtaí chun sciar mór d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú. Cuirfidh EU-SysFlex cineálacha nua seirbhísí le chéile a fhreastalóidh ar riachtanais an chórais agus tiocfaidh breis agus 50% díobh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. |
| FIF | Foinse Fuinnimh In-athnuaite | |
| FIF-L | | Leictreachas In-athnuaite. |
| FOP | Dóchúlacht an Éartha Seirbhíse Éigeantaigh | Is é seo an dóchúlacht staitistiúil nach mbeidh aonad giniúna in ann leictreachas a tháirgeadh ar chúiseanna neamhsceidealaithe mar gheall ar theip an ghléasra giniúna nó na gcóras tacaíochta. Ní chuirtear tréimhsí nuair a bhíonn an t-aonad ar éaradh seirbhíse sceidealta san áireamh i gcinneadh maidir le dóchúlacht an éartha seirbhíse d'éigean. |
| | Giniúint Inseolta | Foinsí leictreachais is féidir a úsáid ar éileamh agus a sheoladh arna iarraidh sin d'oibreoirí eangaí fuinnimh, de réir riachtanais an mhargaidh. Ní chuimsíonn sé giniúint gaoithe agus gréine ar giniúint neamh-inseolta iad. |
| | Leordhóthanacht Giniúna | Cumas na n-aonad giniúna go léir atá ceangailte leis an gcóras fuinnimh leictreachais freastal ar an éileamh iomlán a fhorchuirtear orthu i gcónaí. Cuimsíonn an t-éileamh caillteanais tarchurtha agus dáilte chomh maith le héileamh na gcustaiméirí. |
| GWh | Gigeavatuair | Aonad fuinnimh.<br>1 gigeavatuair = 1,000,000 cileavatuair = 3.6 x 1012 giúl. |
| GNP | Olltáirgeacht Náisiúnta | Luach iomlán na n-earraí a tháirgtear, agus na seirbhísí a sholáthraíonn tír le linn aon bhliain amháin atá comhionann leis an olltáirgeacht intíre móide an glanioncam ó infheistíochtaí eachtracha. |
| GVA | Oll-bhreisluach | San eacnamaíocht, is é OBL an tomhas ar luach earraí agus seirbhísí a tháirgtear i réimse, tionscal nó earnáil de gheilleagar. I gcuntais náisiúnta, is ionann OBL agus aschur lúide tomhaltas idirmheánach; is ítim chomhardaithe de chuntas táirgeachta na gcuntas náisiúnta é. |

| Acrainm/ Giorrúchán | Téarma | Míniú |
|---|---|---|
| IC | Idirnascaire | An nasc leictreach, na háiseanna agus an trealamh a nascann líonra tarchurtha tíre amháin le líonra tarchurtha tír eile. |
| IED | An Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha | Is í Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha nó IED) príomhionstraim an Aontais lena rialaítear astaíochtaí truailleán ó shuiteálacha tionsclaíocha. |
| Líonraí BSL | Bord Soláthair an Leictreachais: Líonraí | Is aonad gnó laistigh de Ghrúpa BSL é Líonraí BSL a bhíonn i mbun feidhmeanna Líonraí BSL CGA mar Oibreoir an Chórais Dáilte in éineacht le feidhmeanna BSL mar Úinéir ceadúnaithe na Sócmhainní Tarchurtha (TAO) agus Úinéir na Sócmhainní Dáilte (DAO d'Éirinn. |
| Líonraí NIE | Líonraí Leictreachais Thuaisceart Éireann | Is le Líonraí NIE an líonra tarchurtha agus dáileacháin leictreachais agus oibríonn sé an líonra dáileacháin leictreachais a iompraíonn leictreachas chuig custaiméirí i dTuaisceart Éireann. |
| LOLE | Ionchas maidir le Cailliúint Lóid | Is é LOLE an t-ionchas matamaiticiúil ar líon na n-uaireanta sa bhliain nach mbeidh an gléasra giniúna atá ar fáil leordhóthanach chun freastal ar an éileamh láithreach. |
| MEC | Uastoilleadh Easpórtála | An t-uasluach easpórtála (MW) a chuirtear ar fáil i gcomhréir le comhaontú nasctha gineadóra. Is í luach conartha an MEC a roghnaíonn an gineadóir mar a aschur uasta agus a úsáidtear i ndearadh an Chórais Tarchuir. |
| MLA | Margadh Leictreachais Aonair | Is é seo an margadh mórdhíola d'oileán na hÉireann. |
| MTF | Meántréimhse Fhuar | Tá an éifeacht ag coigeartú maidir le Meántréimhse Fhuar (MTF) go 'cothromaítear' cuar an éilimh ionas go mbeidh cúinsí eacnamaíocha mar na tionchair is mó a bheidh fágtha. |
| MVA | Aimpéar Meigeavolta | Aonad na cumhachta dealraithí. Is minic a úsáidtear rátálacha MVA le haghaidh claochladáin, e.g., le haghaidh naisc le custaiméirí. |
| MW | Meigeavata | Aonad cumhachta.<br>1 meigeavata = 1,000 cileavata = 106 giúl / soicind. |
| Neamh-GPA | | Cur chuige Próiseála Neamhghrúpa. |
| NTL | Ualaí Teicneolaíochta Nua | Custaiméirí móra ardteicneolaíochta a bhfuil éileamh tionsclaíocha acu agus atá ceangailte go príomha leis an gcóras tarchurtha nó teicneolaíochtaí nua a theastaíonn don aistriú fuinnimh. |
| OCT | Oibritheoir Córais Tarchurtha | Sa ghnó cumhachta leictreachais, is éard is Oibritheoir Córais Tarchurtha ann ná an t-eintiteas ceadúnaithe atá freagrach as cumhacht leictreach a tharchur ó ghléasraí giniúna chuig oibreoirí dáileacháin leictreachais réigiúnacha nó áitiúla. |

| Acrainm/ Giorrúchán | Téarma | Míniú |
| --- | --- | --- |
| | Roghanna Iontaofachta | Is próiseas iomaíoch iad Toilleadh-Cheantanna CRM MLA idir soláthraithe toillte cáilithe chun "roghanna iontaofachta" a bhronnadh orthu chun toilleadh a sholáthar don chóras Uile-Oileáin. |
| SDAV | Sruth Díreach Ardvoltais | Úsáideann córas tarchurtha cumhacht leictreachas SDAV sruth díreach chun cumhacht leictreach a olltharchur. |
| SEAI | | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. |
| STLI | Scéim Tacaíochta Leictreachais In-athnuaite | Forálfaidh an Scéim d'uaillmhian leictreachais in-athnuaite (FIF-L) suas le 70% in Éirinn faoi 2030, a fógraíodh ar dtús trí Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais, 2019. Faoi réir an leibhéal costéifeachtach a chinneadh, a leagfar amach sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (PFNA). |
| | Teorainneacha Bliantúla ar Uaireanta Oibriúcháin | Srianta ar infhaighteacht gléasra mar gheall ar thosca seachtracha, mar shampla tosca comhshaoil. |
| TER | Riachtanas Leictreachais Iomlán | Is é TER an méid iomlán leictreachais a theastaíonn ó thír. Cuimsíonn sé an leictreachas go léir a onnmhairítear de réir aonad giniúna, chomh maith leis an leictreachas a ídíonn táirgeoirí leictreachais féin-íditheacha ar an láthair, e.g., CTÉ. |
| TWh | Teireavatuair | Aonad fuinnimh<br>1 teireavatuair = 1,000,000,000 cileavatuair = 3.6 x 1015 giúl. |
| | Caillteanais Tarchuir | Cailltear sciar beag fuinnimh mar theas nó solas agus leictreachas á iompar ar an líonra tarchuir. Tugtar caillteanais tarchurtha ar na caillteanais seo. |
| | Buaic Tarchuir | An buaic-éileamh a iompraítear ar an líonra tarchuir. Cuimsíonn an buaic tarchuir meastachán ar chaillteanais tarchuir. |
| TYNDP | An Plean Forbartha Líonra Deich mBliana | Is é plean forbartha líonra 10 mbliana ENTSO-E (TYNDP) an plean forbartha maidir le bonneagar leictreachais uile-Eorpach. Féachtar ann ar an gcóras cumhachta sa todhchaí ina iomláine agus ar an gcaoi ar féidir naisc chumhachta agus stóráil a úsáid chun an t-aistriú fuinnimh a dhéanamh ar bhealach costéifeachtach agus slán. |
| ÚRnna | Údaráis Rialála | Tagraíonn sé don dá cheann:<br>Éire: An Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRU).<br>Tuaisceart Éireann: Rialtóir Fóntais Leictreachais agus Gáis do Thuaisceart Éireann. |

EirGrid
The Oval, 160 Shelbourne Road,
Ballsbridge, Dublin 4, D04 FW28, Ireland
+353 (0) 1 627 1700 | eirgrid.ie

SONI
Castlereagh House, 12 Manse Road,
Belfast, BT6 9RT, Northern Ireland
+44 (0) 28 9079 4336 | soni.ltd.uk

CARBON BALANCED PAPER
WORLD LAND TRUST™
www.carbonbalancedpaper.com
CBP002856